ISSN 2009-3055

Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

€1.65 (£1.50)
Uimh. 30

25.07.2012

Eoghan Ó Néill:
Cuirfidh an NRA an locht ar gach rud faoin spéir seachas ar ghunnaí
L. 15

www.gaelsceal.ie

Pá ina chonstaic i gcónascadh RnaG-TG4

Colm Ó Broin

TÁ an difríocht idir rátaí pá i Raidió na Gaeltachta agus i TG4 ina cnámh spairne agus cainteanna ar bun faoi chónascadh idir sheirbhísí nuachta an dá chraoltóra. Faigheann iriseoirí nuachta i TG4 tuairim €6,000 sa bhliain de bhreis ar an bpá a thuileann iriseoirí i Raidió na Gaeltachta.

Tá éileamh ar phá ar chomhchéim le TG4 ag fostaithe Raidió na Gaeltachta agus tá sé ráite go láidir ag Grúpa na gCearchumann in RTÉ nach mbeidh siad sásta glacadh le réiteach ar bith eile.

Beidh an Grúpa ag bualadh le bainistíocht RTÉ an tseachtain seo chun an cheist a phlé.

Ag gearradh siar atá RTÉ agus ní bheadh siad toilteannach a bheith ag tabhairt aon ardú tuarastail de bharr na gciorruithe ollmhóra ar theacht isteach an chraoltóra náisiúnta.

Faoi stiúir RTÉ atá Raidió na Gaeltachta agus íoctar an costas ar fad as Domhnach Broc.

Ar lean ar leathanach 2

Sean FitzPatrick cúisithe

Sean FitzPatrick, Iarchathaoirleach agus Iar-phríomhfheidhmeannach Bhanc Angla-Éireannach, ag fágáil na cúirte i mBaile Átha Cliath inné. Cúisíodh é as cionta a bhaineann le líomhaintí faoi mhírialtachtaí airgeadais sa bhanc úd nach bhfuil ann a thuilleadh. Cuireadh 16 choir ina leith faoi alt 60 d'Acht na gCuideachtaí. [PIC : MARK STEDMAN/PHOTOCALL IRELAND]

Taobh Istigh . . .

Fíorchostas na Samhla Nua Maoinithe Marbh

Léiríonn Uachtarán Chomhaltas Uladh, Neil Comer, na costais a bhí ar a eagraíocht i dtaca leis an bpróiseas a bhain leis an tSamhail Nua Mhaoinithe agus cuireann sé an cheist, "agus muid anois ag amharc ar phróiseas nua, nár chóir a bheith ag smaoineamh ar an gcostas bunaidh?" **(l. 10)**

Gaeilge, Gaeilge, Gaeilge

Níl aon dabht faoi, seachtain mhór a bhí ann don Ghaeilge sa Dáil an tseachtain seo caite. Pléadh 7 n-ábhar ar leith ann! Tuairisc iomlán lenár gCluas sa Cheannáras, Colm Ó Broin. **(L. 5)**

Bille Lochtach, ach le Gealladh faoi

Tá an Bille Gaeltachta rite tríd an Dáil agus níl de dhíth air anois ach síniú an Uachtaráin agus beidh sé ina reachtaíocht. Is beag duine, seachas an tAire Stáit Gaeltachta, Dinny McGinley, atá sásta a bheith dearfach faoi, ach dar le Brian Ó Broin, tá gealladh faoi. **(l. 11)**

NUACHT NÁISIÚNTA

‘Níl costas breise le téacs Gaeilge’ a deir ‘3’

Colm Ó Broin

NÍL aon chostas breise ag baint le téacsanna Gaeilge ar ghutháin 3, de réir an chomhlachta.

“Rinne muid roinnt tástála an tseachtain seo caite. Chuaigh muid tríd na gutháin chliste ar fad agus ní chosnaíonn sé níos mó chun sínte fada ní aiceann a úsáid,” arsa urlabhraí 3.

Cosnaíonn sé níos mó téacs le carachtair neamhBhéarla a sheoladh ar ghutháin de chuid Vodafone, Meteor agus O2, áfach. Má scríobhtar téacs le 160 carachtar le síneadh fada amháin ann ar ghuthán de chuid Vodafone cosnóidh sé trí huaire níos mó ná téacs i mBéarla. Deir O2 go bhfuil polasaí s’acu ag cloí leis na caighdeáin atá leagtha síos ag Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide. Mhaígh siad go bhfuil ‘caighdeán tionscail’ domhanda i bhfeidhm acu nár bhain le O2 ná le hÉirinn amháin.

Dúirt Meteor: *“Unfortunately, as Irish is not considered a standard language by the European Telecommunications Standards Institute it takes more data to send texts that include a fada. This is standard practice within the EU, where certain languages (like Mandarin and Irish) would fall outside their definition of standard languages.”* Deir Vodafone go bhfuil siad ag breathnú ar roghanna chun an cheist a réiteach. Tá 2.44 milliún custaiméir ag Vodafone sa Phoblacht agus tá 1.7 milliún ag O2. Tá milliún custaiméir ag Meteor agus tá os cionn 500,000 ag 3.

An bhfuil €999 agat? An mainicín Naomi Cullen ag caitheamh gúna ‘síodastruchtúrtha’ de chuid Talbot Runhof ag seoladh biailiúcháin fómhair / geimhridh de chuid Harvey Nichols i nDún Droma, Baile Átha Cliath inné.
[PIC :LEON FARRELL/PHOTOCALL IRELAND.]

Pá ina chonstaic i gcónascadh RnaG-TG4

Ar lean ó leathanach a haon

Meastar go mbeadh sé níos foistine anois an nuacht náisiúnta a chur faoi chúram TG4 agus an nuacht áitiúil as na réigiúin a fhágáil i RnaG. Bheadh sé mar thoradh air sin go mbeadh beirt nó triúr á dtabhairt amach as meitheal nuachta Rna G agus go mbeidís ar fáil fá choinne dualgais eile sa stáisiún. Chuideodh seo le bearnaí a líonadh i R naG má thárlaíonn sé go nglacfaidh cuid den fhoireann le téarmaí scoir atá á dtairiscint in RTÉ i láthair na huaire.

Níl duine nua ar bith le n-earcú le cur in áit na bhfostaithe a ghlacfaidh leis an socrú scoir seo.

Dúirt ceannasaí RnaG in agallamh leis an iris idirlín “Beo” le déanaí go bhfuil seirbhís nuachta RnaG ar an rud is mó a bhfuil tóir ag an bpobal air.

Cé nach raibh an ceannasaí ag déanamh idirdhealaithe, meastar gurb í an Nuacht Áitiúil is mo a bhfuil éileamh uirthi. Choinneofaí an nuacht áitiúil istigh i RnaG féin sna trí réigiún Ghaeltachta agus ní bheadh foireann TG4 gafa leis sin. Níl aon chuntas faighte ar shocruithe amach anseo i measc foirne cheachtar eagraíocht, a dúirt foinsí linn an tseachtain seo.

Dúradh go mbeadh na bainisteoirí sa dá sheirbhís i dteagmháil leis na ceardchumainn sa raidió agus sa teilifís in am trátha. Idir an dá linn, tá ceapachán sinsearach mar eagarthóir nuachta i TG4 á thabhairt do Bhernie Ní Chuinn a bhí ina hEagraí Polaitiúil ag Raidió na Gaeltachta i mBaile Átha Cliath.

Dhá fheiste pléascach faighte i Sligeach

THÁNGTHAS ar dhá feiste pléascach lámh le Cathair Shligigh. Tháinig na Gardaí ar an chéad feiste i gcoill bheag ar Bhóthar an Tobair Naofa. Nuair a glaodh ar oifigigh diúscartha buamaí, tháinig siadsan ar an dara feiste in aice láimhe. Druideadh an bóthar ar feadh tamaill. Tugadh an dá buama go dtí Dún an airm i mBaile Átha Luain. Nuair a thógfar as a chéile iad, cuirfear chuig ceanncheathrú na nGardaí iad i mBaile Átha Cliath.

Íocaíochtaí le baint ó fheirmeoirí a bhíonn ag baint mhóna go mídhleathach

Tá an Roinn Talmhaíochta le haon-íocaíochtaí feirme a bhaint d’fheirmeoirí atá ag baint móna go mídhleathach. Dúirt urlabhraí go raibh siad ag scrúdú 60 cás ina raibh na feirmeoirí ag baint móna. Meastar gur in Oirthear na Gaillimhe agus i Ros Comáin atá cuid mhór de na feirmeoirí lena mbaineann an socrú seo.

Gaelscéal

Le cabhair ó: Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

Oifig an Spidéil: 00353-91-897766

Ciarán Dunbar
Eagarthóir
ciaran.dunbar@gaelsceal.ie

Colm Ó Broin
Iriseoir
colm.obroin@gaelsceal.ie

Caroline Ní Chualáin
Oideachais
scoil@gaelsceal.ie

Gráinne McElwain
Spóirt
grainne.mcelwain@gaelsceal.ie

Patricia Ní Chonghaile
Comhordaitheoir Táirgíochta
patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie

European Newspaper AWARD
NEWSPAPERDESIGN & CONCEPT

Foras Pátrúnachta agus Coistí Gairmoideachais in iomaíocht

Colm Ó Broin

TÁ an Foras Pátrúnachta agus Coistí Gairmoideachais ag dul in iomaíocht maidir le meánscoileanna lánGhaeilge nua a osclófar sna blianta beaga amach romhainn.

Dar leis an bhForas Pátrúnachta ba cheart go mbeadh gach scoil lánGhaeilge faoina chúram.

"Déanann sé ciall go mbeadh pátrún amháin ag plé leis na scoileanna lánGhaeilge ar fad," arsa Caomhín Ó hEaghra, Príomhfheidhmeannach an Fhorais, "pátrún atá aitheanta mar eagraíocht a labhraíonn ar son na gaelscolaíochta."

Dúirt Coiste Gairmoideachais Chontae Bhaile Átha Cliath nach n-aontaíonn siad leis an dearcadh seo, áfach.

"Tá cáil shuntasach orainn ó thaobh scoileanna nua a fhorbairt i gContae Bhaile Átha Cliath agus tá muid mar phátrún ar 26 coláiste faoi láthair," arsa urlabhraí.

"Is coláistí lánGhaeilge ceithre cinn acu sin a chuireann oideachais ar fáil trí mheán ár dteanga náisiúnta, Coláiste de hÍde, Gaelcholáiste Reachrann, Coláiste Cois Life agus Coláiste Chilliain. Cuirtear an Ghaeilge chun cinn go láidir sna seirbhísí a chuireann muid ar fáil."

Tá iarratais curtha isteach ag Coistí Gairmoideachais agus ag an bhForas Pátrúnachta do mheánscoileanna lánGhaeilge a osclófar i gCarraig Uí Laighin i gCorcaigh agus i mBaile Brigín agus i nDún Droma i mBaile Átha Cliath.

Beidh pátrúin éagsúla ag dul in adharca a chéile maidir le bunscoileanna in 44 ceantar ina bhfuil ganntanas éagsúlachta sa chóras oideachais, dar leis an bhFóram ar Phátrúnacht agus Iolrachais.

Tá gaelscoileanna i bhformhór na gceantar cheana féin ach tá 12 cheann ann nach bhfuil teacht ar an ngaelscolaíocht iontu - An Pasáiste, Ros Cré, Biorra, Ceanannas, Baile Chill Dara, Ros Mhic Triúin, Baile Chill Mhantáin, na Sceirí, agus na bruachbhailte san ardchathair mar a leanas; Mullach Eadrad, an Halla Bán, Port Mearnóg agus Baile Átha Cliath 4.

Beidh an Roinn Oideachais ag déanamh suirbhé san fhómhair ar mhianta na dtuismitheoirí sna ceantair ó thaobh teanga teagaisc agus sainmheoin chreideamh. Níl cead ag coistí gairmoideachais a bheith ina bpátrúin ar bhunscoileanna faoi láthair ach tá siad ag iarraidh go gcuirfí deireadh leis an mbac sin.

D'fhógair an tAire Oideachais níos luaithe i mbliana go dtógfar 20 bunscoil i gceantracha ina bhfuil an daonra ag fás, ina measc, gaelscoileanna i gCnoc na Cathrach i nGaillimh, i mBaile Chill Dara agus sa Chéim, Teach na Giúise-Tamhlacht agus Mullach Eadrad i mBaile Átha Cliath.

Tá gaelscoileanna i bhformhór na gceantracha eile cheana féin.

Beidh Foras na Gaeilge ag foilsiú tuairisce maidir le suirbhéanna éagsúla a rinneadh ar dhearcadh an phobail i leith na Gaeilge san athbhliain.

Ina measc sin, tá taighde a rinne Institiúid Teangeolaíochta Éireann in 2000 a léirigh go gcuireadh 23.4% de thuismitheoirí na Poblachta a bpáistí chuig gaelscoil dá mbeadh ceann ar fáil go háitiúil.

Ardaíonn sé seo go dtí 30% nuair a chuirtear daoine gan tuairim as an áireamh.

An fís-ealaíontóir Alice Rekab taobh lena saothar, 'Seas Fréamhacha an Fhóid' a nochtadh os comhar Acadamh na Gaeilge ar an gCeathrú Rua, Dé hAoine, mar chomóradh ar Cháth na Ceathrún Rua, eachtra stairiúil i mí Eanáir 1880, nuair a chuir muintir na háite in aghaidh ruaigeadh clainne as a dteach ag an tiarna talún agus na póilíní. Rinne scoláirí ón Scoil Chuimsitheach an eachtra a léiriú i ndráma beag chomh maith. [PIC: SEÁN Ó MAINNÍN]

Gaeilge ar Bhóithre Google Maps

Scott De Buitléir

TÁ Google Maps athsheolta le déanaí, agus anois tá logainmneacha agus bóithre in Éirinn le feiceáil as Gaeilge chomh maith leis an mBéarla.

Go ginearálta, taispeánann Google Maps ainmneacha na dtíortha as Béarla agus as teanga na tíre sin. Mar shampla, má tá an Ghearmáin le feiceáil ar Google Maps, taispeánfar 'Deutschland' agus 'Germany' thar an léarscáil. Déantar seo le hÉireann - 'Éire' agus 'Ireland' a bhíonn ar taispeáint.

Ciallaíonn sé seo gur féidir seoltaí iomlána i nGaeilge a chuardach ar Google Maps gan an leagan Béarla a úsáid. Ní hé seo an chéad iarracht ó Google le freastal ar phobal na Gaeilge, agus físeáin déanta acu ar an idirlíon as Gaeilge.

Tá leagan Gaeilge de leathanach baile Google ann le fada, agus cuireann an comhlacht idirlín seirbhís aistriúcháin ar fáil ar a bhfuil an Ghaeilge páirteach, ach is iomaí Gaeilgeoir a dhéanann gearán nó magadh faoina chuid lochtanna.

Níl gach áit ar an léarscáil dátheangach go fóillín - tá Baile Átha Cliath agus bailte móra na hÉireann aistrithe - ach tá sé i gceist ag Google an dá theanga a leathnú amach go hiomlán thar thréimhse gearr ama.

Ní bhaineann an rogha teanga seo ach le Poblacht na hÉireann amháin go fóill, agus níl sé soiléir má tá sé i gceist ag Google an t-aistriúchán a leathnú amach do Thuaisceart Éireann. An chúis atá leis sin ná go mbaineann Google Maps úsáid as teangacha oifigiúla na dtíortha, agus is é an Béarla teanga oifigiúil de facto na Ríochta Aontaithe. D'ainneoin sin, is féidir le Google Maps roinnt logainmneacha Gàidhlig nó Breataise a thuiscint, ar nós Dhún Éideann nó Caerdydd/Cardiff.

Tá suímh eile ann, a bhfuil seirbhísí Gaeilge curtha ar fáil acu, ar nós Facebook agus an suíomh blagadóireachta, Wordpress. Is féidir gutháin Samsung a úsáid trí Ghaeilge ó sheol an comhlacht teicneolaíochta an gutháin soghluaiste 'Tocco' i mí na Bealtaine 2008.

Dianchúrsa

AN SCRÍOBHLANN
THE WRITING HOUSE
MÓINÍN

Dianchúrsa i Scríobh an Ghearrscéil agus an Úrscéil, Meán Fómhair 2012

Tá iarratais á nglacadh ag MÓINÍN don Dianchúrsa thuasluaite

- Tá áit do ochtar (8) ar an gcúrsa cuimsitheach seo.
- Is é an scríbhneoir Ré Ó Laighléis a bheas mar stiúrthóir/theagascóir air.
- In *An Scríobhlann*, áras nua traenála MhÓINÍN i mBaile Uí Bheacháin, a thabharfar an cúrsa.
- Is iad na deireadh seachtainí atá i gceist ná:
  22ú / 23ú Meán Fómhair
  6ú / 7ú Deireadh Fómhair, 20ú / 21ú Deireadh Fómhair
  3ú / 4ú Samhain, 17ú / 18ú Samhain
  1ú / 2ú Nollaig
- Sprioc ar iarratais is ea Luan 3ú Meán Fómhair 2012.
- Toisc an mór-éileamh ar na Dianchúrsaí cheana, moltar iarratas a chur go luath ar Dhianchúrsa 2012.
  (Roghnófar ochtar agus cuirfear amach tairiscintí ar áiteanna ansin).
- Tá an cúrsa seo á mhaoiniú ag Foras na Gaeilge.
- Féach tuairimí rannpháirtithe Dhianchúrsaí 2010 & 2011 ar shuíomh MhÓINÍN www.moinin.ie

Foirm Iarratais agus gach eolas ar fáil ó:
Ailsa Ellis, MÓINÍN, Loch Reasca,
Baile Uí Bheacháin, Co. an Chláir
Fón: 065 7077256 e-phost:
moinin@eircom.net www.moinin.ie

Foras na Gaeilge
Aithníonn MÓINÍN tacaíocht Fhoras na Gaeilge

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 25 Iúil, 2012

Ceist an Achta tógtha leis an Tanáiste

Anton Mac Cába

THÓG an Comhalta den Tionól Reachtach, Dominic Ó Brolcháin ón SDLP, ceist Achta Gaeilge leis an Tánaiste, Éamonn Gilmore.

Tharla seo le linn cruinnithe idir toscaireachtaí ón SDLP agus an Lucht Oibre i mBaile Átha Cliath. Dúirt an Brolchánach gur gealladh Acht Gaeilge i gComhaontú Chill Rimhinn.

"D'iarr mé (ar an Tánaiste) an cheist a thógáil le rialtas na Breataine, go bhfuil dualgas orthu faoin gComhaontú sin reachtaíocht ar an Ghaeilge a mholadh," arsa an Brolchánach.

"Murar féidir dul chun cinn a dhéanamh ar an gceist tríd an Tionól, ansin tá sé soiléir go bhfuil dualgas ar rialtas na Breataine, faoi Chomhaontú Chill Rimhinn, an cheist a bhrú chun tosaigh."

Gheall an Tanáiste go labhródh sé le rialtas na Breataine faoin reachtaíocht.

Bhí an Comhalta den Tionól Reachtach, Patsaí McGlone, ar an ochtar eile a bhí ar an toscaireacht ón SDLP.

Dar le McGlone go raibh an cruinniú leis an Lucht Oibre iontach dearfach.

"Bhí na hAirí, na Teachtaí Dála agus na Seanadóirí (ón Lucht Oibre) ann," ar seisean. "Bhí an seomra plódaithe, lena gceart a thabhairt dóibh."

Bhuail ionadaithe an SDLP le Fine Gael agus Fianna Fáil fosta.

Dúirt McGlone go raibh rún acu filleadh ar Bhaile Átha Cliath arís sa bhfómhar, chun buaileadh arís leis na páirtithe.

An Tanáiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha, Eamon Gilmore
[PIC : LEON FARRELL/PHOTOCALL IRELAND]

27% den mhuintir idir 18 agus 24 bliana dífhostaithe

Anton Mac Cába

Tá anois 5.3% dífhostaithe ó Thuaidh, de réir na bhfigiúirí is déanaí ón Roinn Fiontar, Trádála agus Infheistíochta.

Tá an ráta cuid mhaith níos airde i measc na bhfear.

Tá 8.3% acu sin dífhostaithe, i gcomparáid le 5.1% de mhná. Le bliain anuas, tá méadú 3,200 ar an líon atá dífhostaithe, agus laghdú 0.5% ar an líon atá fostaithe.

Is daoine óga is measa atá buailte.

Tá 27% den mhuintir idir 18 agus 24 bliana dífhostaithe, sin méadú 4% ar an ráta le ráithe. Is 5.1% an ráta dífhostaíochta don aois-ghrúpa idir 25 agus 49.

Orthu siúd ar fad atá dífhostaithe, tá 43% dífhostaithe go fadtéarmach.

Tá an Tuaisceart ar an dara réigiún is measa sa Ríocht Aontaithe.

Is iad Doire, ansin Béal Feirste agus an Srath Bán, na trí cheantar comhairle is measa atá buailte.

Tá 8.3% díomhaoin i nDoire agus is é an ceantar is lú dífhostaíochta ná An Caisleán Riabhach ar imeall thoir Bhéil Feirste ina bhfuil ráta 3.4%.

Tríd is tríd, tá an dífhostaíocht níos measa sna ceantracha cois teorann atá níos Caitlicí.

Dúirt an t-eacnamaí Mike Smyth gur mheas sé go n-éireoidh cúrsaí níos fearr fá lár na bliana seo chugainn. "Tá brú polaitiúil ar Osborne (an Stát-Chisteoir) airgead a chaitheamh sa bhuiséad, agus caithfidh sé géilleadh don bhrú sin," arsa Smyth.

Cúrsa

THE HONORABLE SOCIETY OF KING'S INNS

DEISEANNA OIBRE DEN SCOTH LEIS AN AONTAS EORPACH DO CHÉIMITHE LE GAEILGE

- **Ard-Dioplóma sa Dlítheangeolaíocht agus san Aistriúchán Dlíthiúil**
- **Ard-Dioplóma san Aistriúchán Dlíthiúil**

Earcaíonn an tAontas Eorpach aistritheoirí agus dlítheangeolaithe go tráth rialta. Tá ganntanas ar an AE faoi láthair maidir le haistritheoirí dlíthiúla agus dlítheangeolaithe[1] le Gaeilge.

Deireadh Fómhair 2012 - Bealtaine 2013 tairgfidh Óstaí an Rí cúrsaí páirtaimseartha ardleibhéil chun rannpháirtithe a chumasú le cur isteach ar fholúntais mar aistritheoirí dlíthiúla le Gaeilge agus dlítheangeolaithe le Gaeilge le hInstitiúidí an AE.

Seasfaidh na cáilíochtaí seo freisin don té ar suim leis fostaíocht taobh amuigh d'Institiúidí an AE. Tá maitheamh táillí ar fáil do dhaoine a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu. Ní gá cáilíocht sa Dlí don chúrsa san Aistriúchán Dlíthiúil.

Foirmeacha iarratais & tuilleadh eolais ar fáil ag
www.kingsinns.ie/gaeilge.htm
agus ó : daithi.maccarthaigh@kingsinns.ie 087-2368364.

Cuireann an Roinn Ealaíon Oidhreachta agus Gaeltachta tacaíocht ar fáil don dá chúrsa seo.

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht

[1] Daoine, a bhfuil cáilíocht ghairmiúil sa dlí nó céim sa dlí acu, a dheimhníonn go bhfuil leaganacha éagsúla de achtachán i dteangacha éagsúla ag teacht lena chéile.

Poblachtach Scaoilte ag RAAD

TÁ achrann idir faicsean éagsúla i measc easaontóir poblachtach Dhoire.

Scaoil RAAD (Gníomhaíocht Phoblachtach in Éadán Drugaí) comhalta de Choiste Fuascailte na 32 Contae oíche Dhomhnaigh.

Scaoileadh an fear 31 bliain d'aois sna glúine. Is é Coiste Fuascailte na 32 Contae eite polaitiúil an Fíor-IRA. Tharla an t-eachtra sa Chreagán, eastát in a bhfuil cumhacht áirithe ag an bhFíor-IRA. *AMC*

Tithe Tabhairne le bheith oscailte go dtí a dó

BEIDH tábhairní an Tuaiscirt ábalta a bheith ar oscailt go dlithiúil go dtí a dó ar maidin.

Is aire de chuid an DUP atá ag tabhairt na reachtaíochta isteach.

Is ar aimhleas ollmhargaí a bheidh moltaí

Nelson McCausland mar go mbeidh orthu sin í balla a thógáil idir an chuid den siopa ina mbeidh biotáillí agus an chuid eile den siopa.

Is ag ionad seiceála ar leith a díolfar as as deoch. *AMC*

Laoch ar lár

BA chrann taca don Ghaeilge in oirthear an Dúin Séamas Mac Thomaltaigh as Cill Locha, go raibh cónaí air in oirthear an Dúin. Thug sé an-tacaíocht do bhunú Naíscoile Dhún Pádraig.

D'fhoghlaim sé Gaeilge nuair a phós sé agus thóg sé a chlann le Gaeilge. Bhíodh sé ag obair le British Telecom, ansin bhí siopa aige.

Riamh anall, bhí sé gníomhach le Cumann Gaelach Leath Chathail. Maireann a bhean, Paula, agus a gcúigear clainne. *AMC*

CLUAS SA CHEANNÁRAS

Lenár gcomhfhreagraí polaitiúil i dTeach Laighean, **Colm Ó Broin**

Seán Fitzpatrick agus beirt chomhghleacaí gafa

BHÍ muid ag fanacht trí bliana go leith, ach ar deireadh thiar thall tá daoine cúisithe i leith eachtraí sa Bhanc Angla-Éireannach.

Bhí iar-phríomhfheidhmeannach agus iarchathaoirleach an bhainc mhíchlúitigh, Seán Fitzpatrick, os comhar na cúirte inné, agus é curtha ina leith gur sháraigh sé Acht na gComhlachtaí. Cuireadh beirt eile, iarstiúrthóir airgeadais an bhainc, Willie McAteer, agus iarstiúrthóir bainistíochta an bhainc in Éirinn, Patrick Whelan, os comhar breitheamh Dé Luain.

Caithfear a bheith cúramach faoin méid a deirtear faoin gcás seo, ach go bunúsach an rud atá curtha ina leith ná gur eagraigh siad iasachtaí ón mbanc d'infheisteoirí ionas go mbeadh na hinfheisteoirí in ann scaireanna cheannach sa bhanc. D'ardaigh an infheistíocht seo luach scaireanna an bhainc.

Tá sé iomlán mídhleathach praghas scaireanna a mhéadú go rúnda le d'airgead féin, mar sin ba cheart go mbeadh cás an-láidir ag na hioncúisitheoirí. Má nochtaítear le linn na trialach gur dhúirt an Rialtas, an Banc Ceannais nó an Rialtóir Airgeadais leis an mBanc Angla-Éireannach go bhféadfaidís an beart sin a dhéanamh, tá baol ann go gcaithfear an cás amach as an gcúirt, áfach. Shílfeá, dá mba rud é gur dhúirt polaiteoirí nó rialtóirí le dream éigin go raibh an cead acu an dlí a bhriseadh go mbeadh siadsan os comhar na cúirte in éineacht leo. Dúirt saineolaí dlí leis an gcolún seo nach amhlaidh a bheadh, áfach. Macasamhail cás ina ndéarfadh Garda le duine go raibh cead acu páirceáil ar línte buí dúbailte ar bhonn eisceachtúil - bheadh sé deacair an dlí a chur orthu níos déanaí. Bhí an cás seo á fhiosrú ag Aonad Imscrúdaithe na nGardaí um Calaois agus Oifig an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach ó 2009.

IarChathoirleach Bhanc Angla Éireannach, Seán FitzPatrick, lasmuigh de Chúirt Dhúiche Bhaile Átha Cliath inné. GRIANGHRAF: PHOTOCALL IRELAND.

Níl aon ghaisce ró-iontach déanta ag an Oifig ó thaobh daoine a chur faoi ghlas, áfach. Thuairiscigh an nuachtán seo i mí na Nollag seo caite go raibh duine amháin curtha sa phríosún as 198 ciontú a bhain an Oifig amach ó bunaíodh iad in 2001.

Tá an méid sin ama caite ar fhiosrú an Bhainc Angla-Éireannaigh go bhfuil titim ollmhór tagtha ar líon iomlán na gcásanna a d'ionchúisigh an Oifig le blianta beaga anuas. Ciontaíodh 38 agus 46 duine in 2005 agus 2006, faoi seach, ach thit sé seo go beirt in 2009 agus in 2010 araon.

Gaeilge, Gaeilge, Gaeilge!

IS fíor nach labhraítear mórán Gaeilge sa Dáil, ach is beag seachtain a bhíonn ann nach n-ardaítear ceisteanna faoin teanga. Seans go raibh curiarracht ann an tseachtain seo caite.

Gan trácht fiú ar an mBille Gaeltachta, pléadh 7 ábhar ar leith a bhaineann leis an teanga.

Thug an tAire McGinley le fios do Michael Colreavy (Sinn Féin, Sligeach-Tuaisceart Liatroma) go bhfuil 87 iarratas faighte ag an Roinn go dtí seo do na **pacáistí tacaíochta teaghlaigh** a tháinig i gcomharbas ar Scéim Labhairt na Gaeilge.

Dúirt sé le Seán Crowe (Sinn Féin, Baile Átha Cliath Thiar-Theas) go bhfuil beagnach €7m i bhfoirm cúnaimh reatha agus €1.35m i bhfoirm cúnaimh chaipitil curtha ar fáil le haghaidh oideachais tríú leibhéil sa Ghaeltacht ó 2007 i leith.

Tá trí scéim teanga daingnithe ag an Aire faoi fhorálacha **Acht na dTeangacha Oifigiúla** go dtí seo i mbliana. Ciallaíonn sé seo go bhfuil 107 scéim teanga san iomlán, a chlúdaíonn 192 comhlacht poiblí, daingnithe ón uair ar tháinig an tAcht i bhfeidhm. "Tá suas le 20 dréachtscéim á bplé go gníomhach ag mo Roinnse faoi láthair," arsa an tAire le Gerry Adams (Sinn Féin, Lú).

Tá an tAire ag súil go bhfoilseofar tuarascáil ar an **bpróiseas comhairliúcháin** ar an Acht Teanga san fhómhar, de réir freagra a thug sé do Pheadar Tóibín (Sinn Féin, An Mhí Thiar).

Fuarthas timpeall 1,400 freagra ar shuirbhé maidir le seirbhísí trí Ghaeilge ó chomhlachtaí poiblí, chomh maith le 260 aighneacht ó hiliomad páirtithe leasmhara, lena n-áirítear Ranna Rialtais agus comhlachtaí poiblí eile, eagraíochtaí Gaeilge agus Gaeltachta agus an pobal i gcoitinne.

Tá 931 páiste ag freastal ar **naíonraí Gaeltachta** agus 400 ar naíolanna Gaeltachta de réir freagra a thug sé do Brian Stanley (Sinn Féin, Laois-Uíbh Fhailí).

D'fhiafraigh Seán Kyne (Fine Gael, Gaillimh Thiar) don Aire Oideachais an ndéanfar forbairt ar ábhar nua don **churaclam Gaeilge** a dhíreodh ar an teanga labhartha seachas ar litríocht.

Dúirt an tAire go raibh athbhreithniú cuimsitheach ar an gcuraclam don Teastas Sóisearach agus an Ardteist faoin Stráitéis 20 Bliain. Don chéad uair bronnfar 40% de na marcanna don Ardteist ar an scrúdú béil i mbliana agus beifear ag déanamh athbhreithnithe ar an gcóras nua.

Faoin leasú atá le déanamh ar an Teastas Sóisearach d'fhéadfaí 'cúrsaí gearra' difriúla a chur ar fáil mar chuid den churaclam Gaeilge freisin agus bheadh rogha ag scoileanna cén ceann a phiocfaidís, arsa an tAire.

Dúirt sé le Willie O'Dea (Fianna Fáil, Cathair Luimnigh) agus Dessie Ellis (Sinn Féin, Baile Átha Cliath Thiar-Thuaidh) go raibh cruinniú ag an **gCoiste Rialtais ar an nGaeilge agus ar an nGaeltacht** ar 5 Meitheamh agus ceann eile Déardaoin seo caite, go raibh cruinniú ag Grúpa Idir-Rannach atá i mbun na stráitéise ar 27 Meitheamh agus go raibh cruinniú den ghrúpa oibre ardleibhéil idir an Roinn agus an Roinn Oideachais ar an 5 Meitheamh.

Dúirt sé le Pádraig Mac Lochlainn (Sinn Féin, Dún na nGall Thoir Thuaidh) go bhfuil iarratas atá déanta ag **Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta** ar mhaoiniú don tréimhse ó Mheitheamh go Nollaig 2012 á mheas faoi láthair.

"Tá mo Roinnse ag fanacht ar shoiléiriú breise ón eagraíocht maidir le gnéithe áirithe den iarratas," arsa an tAire. "Cuirfear san áireamh mar is cuí na forbairtí is deireanaí atá tagtha ar an gceist faoi chónascadh idir Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta agus Gaelscoileanna

A Mhaighdean, táim spíonta tar éis na tráchtaireacht sin ar fad faoin nGaeilge! Ach b'fhéidir go bhfuil curiarracht bainte amach agam féin - níos mó den fhocal 'Gaeilge' per 100 focal ná saothar scríofa ar bith riamh. Beidh orm an óráid chlúiteach sa Bhéal Bocht a léamh arís chun é sin a dheimhniú, áfach, tá a fhios agaibh an ceann faoi na fíor-Ghaeil fhíor-Ghaelacha a bhíonn ag caint fíor-Ghaeilge Gaelaí i dtaobh na Gaeilge fíor-Ghaelaí.

Ag trácht ar amaidí, luaigh Gerry Adams cúpla fíric shuimiúla le linn na díospóireachta ar an mBille Gaeltachta. Dar leis, tá níos mó Gaelscoileanna i mBéal Feirste ná mar atá i mBaile Átha Cliath.

De réir gaelscoileanna.ie tá 32 bunscoil lánGhaelach san ardchathair agus ocht meánscoil. Tá deich mbunscoil agus meánscoil amháin i gcathair dhúchais an Teachta Adams.

Cuirfidh staraithe spéis i ráiteas eile a rinne sé sa Dáil. De réir dealraimh tá an Ghaeilge á labhairt in Éirinn le '20,000 bliain anuas'.

Ardú chroí é seo, má mhair an Ghaeilge in Éirinn fiú nuair a bhí an tír clúdaithe le hoighear níl dabht ar bith orm go dtiocfaidh sí slán ón ngéarchéim reatha.

Folúntas

OÉ Gaillimh
NUI Galway

Taighdeoir Iardhochtúireachta –Innealtóir Bogearraí

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

Uimhir Thag: NUIG-57-12

Conradh – Trí bliana

Taighdeoir Iardhochtúireachta –Cartlannaí Digiteach

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

Uimhir Thag: NUIG-58-12

Conradh – Dhá bhliain

Dáta Deiridh d'iarratais: 5:00pm 10 Lúnasa 2012.

ACADAMH na hOllscolaíochta Gaeilge

www.oegaillimh.ie

Cúrsa

OÉ Gaillimh
NUI Galway

Spéis agat i bpost maith le Gaeilge?

Tapaigh do dheis agus bain cáilíocht aitheanta ollscoile amach!

Tá na cúrsaí iarchéime seo a leanas le fáil in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh in 2012-2013:

- **MA / Dioplóma Iarchéime (Ateangaireacht Chomhdhála)**
- **MA / Dioplóma Iarchéime (Cumarsáid)**
- **MA/ Dioplóma Iarchéime (Léann Teanga)**

Eolas: 091 595101
caroline.nifhlatharta@oegaillimh.ie
www.oegaillimh.ie/acadamh

www.oegaillimh.ie

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 25 Iúil, 2012

Ag súil leis na sluaite

Caitheann **Seosamh Ó Braonáin** súil chun cinn ar Fhéile Mhór Rásaíochta na Gaillimhe a bheas ag tosú ar an Luan seo romhainn

Ag 4.00 tráthnona Dé Luain seo chugainn, tosóidh an chéad cheann de na 51 rás san iomlán a rithfear ar chúrsa Baile an Bhriotaigh d'Fhéile mhór Rásaíochta na Gaillimhe 2012 a chríochnóidh an Domhnach dar gcionn tar éis rása an 6.00.

Seo í an ceathrú Féile Rásaíochta is mó ar domhan, de réir cosúlachta, agus geallaim duit nach hé amháin go dteastódh misneach uait a bheith i láthair chuile cheann de na laethanta sin, theastódh cuimse mhór airgid uait chomh maith.

Rud amháin cinnte, áfach, ní hiad na capaill an fhoinse is fear airgid don tseachtain, mar ní éireoidh leat an bhuaiteoir a fháil i ngach ceann de na rásaí agus, go deimhin, má leanann Féile na bliana seo mar a bhí sna blianta a caitheadh, beidh sé deacair agat cúpla bhuaiteoir féin a fháil in imeacht na seacht lá.

Ach tosaigh leis na bunchostais. Beidh táille iontrála €20 i gceist le chuile lá seachas an dá lá mhóra, Dé Céadaoin agus Déardaoin, nuair a bheas €25 i gceist Ach sin ráite, is féidir pacáiste iomlán iontrála don tseachtain a fháil ar €130 an duine.

Ansin, má theastaíonn uait suíochán a chur in áirithe duit féin sa seastán, cosnóidh sé €10 breise ort in aghaidh an lae agus más duine thú a bhfuil dúil i do bhéile agat, beidh ticéad loin ar fáil ar €24 an lá. Ansin, beidh corrdheoch anonn agus anall ag teastáil chomh maith le geallta ar na capaill agus ní fios cá gcríochnóidh an scéal sin!

Anois an dtuigeann tú cé fáth a dteastóidh póca teann agus cloigeann staidéarach le theacht slán ón dúshlán scléipe seo.

Ar an dea-scéala, tá na táillí iontrála laghdaithe i mbliana agus beidh saorchead isteach ag gasúir faoi 16 bliana d'aois ach tuismitheoir nó caomhnóir a bheith in éineacht leo. Ar a shon sin, ní bheidh aon ghanntanas sóláistí ná compoird ná saoráidí ar an gcúrsa mar go mbeidh neart acu ann mar is iondúil.

Blazing Tempo ag rasaíocht ag Punchestown anuraidh - an mbeidh rath air ag Rásaí na Gaillimhe? [PIC : BARRY CREGG / SPORTSFILE]

Chun cuidiú leat agus aire a thabhairt duit, beidh foireann iomlán de 1,500 duine ag obair i ngach cúinne den chúrsa mór seo, idir oibrithe oifige, oibrithe an chúrsa, lucht freastail sna bialanna, lucht slándála, lucht seirbhíse bainc ATM, freastalaithe beáranna, geallghlacadóirí, campaí díolacháin, ceoltóirí beo, lucht páirceála agus go leor eile.

Freisin, beidh dalladh áiseanna ar fáil do pháistí agus do dhaoine óga, gan trácht ar thogha na rásaíochta, rud a chinnteoidh nach mbeidh aon duine fágtha ar an ngannchuid i rith na seachtaine, agus nach shin a mheallann na sluaite go Gaillimh bliain i ndiaidh bliana.

An Rásaíocht féin

Maidir leis na rásaí féin, tá duaischiste de bhreis ar €2 mhilliún ar fáil den chéad uair riamh don tseachtain seo romhainn i nGaillimh agus táthar ag súil le breis agus 150,000 duine a theacht tríd na geataí i mBaile Bhriotaigh thar na seacht lá rásaíochta.

Maidir leis an méid airgid a chaithfear ar an gcúrsa i rith na seachtaine, beidh sé san ollmhéid nuair a chuimhníonn tú gur cuireadh breis agus €100 milliún i ngeallta amháin an bhliain seo caite, agus sin ar an gcúrsa, gan trácht ar an méid a cuireadh síos ar líne agus i siopaí taobh ar fud na tíre agus thar lear.

Ó thaobh na heacnamaíochta de, i gCathair agus i gContae na Gaillimhe, gach seans go mbeidh an Fhéile seo chomh tairbheach do lucht gnó an cheantair agus a bhí an Rás Aigéin Volvo a bhí san áit i dtús na míosa.

Ach cad faoi na rásaí féin agus na capaill a bheas iontu? Bhuel, tá sé in am a ghoil ar thóir an bhioráin anois agus paidir a rá ar son na hinspioráide agus na feasa. Ach, ar an gcéad dul síos, is é Dermot Weld 'Rí Bhaile an Bhriotaigh' ó thaobh buaiteoirí de, agus anuraidh amháin thraenáil sé 17 gcinn de bhuaiteoirí na seachtaine, curiarracht a bheas deacair a shárú, go cinnte.

Go deimhin is é Dermot Weld an traenálaí is fearr agus is rathúla ag Rásaí na Gaillimhe le 20 bliain anuas agus má leanann tú go cúramach é i rith na seachtaine seo romhainn ní móide go mbeidh tú scriosta ar

Cúrsa

Fiontar DCU

Dublin City University
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

IARCHÉIMEANNA IN FIONTAR, DCU

Scoláireachtaí €2,000 ar fáil ar an:

MSc i nGnó agus i dTeicneolaíocht an Eolais

DC627 - Páirtaimseartha

Clár páirtaimseartha thar 2 bhliain. Ranganna ar siúl ag an deireadh seachtaine. Dírítear an clár ar chéimithe atá ag iarraidh postanna bainistíochta agus forbartha sna hearnálacha príobháideacha agus poiblí, an t-oideachas san áireamh. Táillí c. €2,750.

Iarratais ar line: www.pac.ie

Breis eolais: Sally Mhic Dhomhnaill 01 700 5614
www.dcu.ie/fiontar fiontar@dcu.ie

ag Rásaí na Gaillimhe

Suzanne McGarry, as Sligeach, a bhain an comórtas don 'Bhean is fearr gléasadh' ag na Rásaí anuraidh [PIC : PAUL MOHAN / SPORTSFILE]

fad ag deireadh na himeartha.

Níor mhiste súil a choinneáil freisin ar laochra traenála eile atá againn sa tír seo, mar atá Willie Mullins, Aidan O'Brien agus ar ndóigh Noel Meade a bhain amach an dara háit i comórtas na dtraenálaithe ag an bhFéile anuraidh, taobh thiar den máistir, Dermot Weld. Ar na traenálaithe áitiúla ba choir a choinneáil faoi do shiúl tá John Paul Gilligan, Val O'Brien agus GT Lynch.

Is é rás an Phláta ar an gCéadaoin an rás is stairiúla ag an bhFéile mar go bhfuiltear á reáchtáil go leanúnach ó 1689 i leith. Ba é Absentee a bhuaigh an chéad rás acu sin agus ba é Tipperary Boy an capall aonair is fearr a rinne riamh sa rás mar gur bhuaigh sé trí huaire é, an 1899, 1900 agus 1901. Ba í Anne Collen an chéad traenálaí ban a raibh buaiteoir an Phláta aice nuair a bhuaigh Randoss in 1987 agus ba deirfiúr léi, Sarah Collen, an chéad bhan-mharcach a bhuaigh an rás ar Bold Flyer, dhá bhliain ina dhiaidh sin in 1989.

Blazing Tempo as stábla Willie Mullins a bhuaigh Pláta na bliana seo caite agus Paul Townend sa diallait; meáchan 10 gcloch agus ceithre phunt a bhí ar an gcapall an lá sin ach tá 11-3 fáiscthe air i mbliana.

Le deich mbliana anuas, tá an rás seo buaite ag capaill a raibh níos lú ná 11 chloch ar a ndroim agus bhí 9 mbuaiteoir as 10 gcinn idir 7 mbliana agus 9 mbliana d'aois. Rud suntasach eile, gur minic le praghas an bhuaiteora a bheith idir 10/1 agus 25/1 cé gur capaill réasúnta maith a bhuann go hiondúil freisin. Ar na traenálaithe is fearr a dhéanann sa rás seo tá Dermot Weld agus Christy Roche.

D'fhéadfadh Willie Mullins trí chapall a bheith aige i rás na bliana seo, Blazing Tempo (11-3), Blackstairmountain (10-11) agus Raptor (10-2), mar sin bí san airdeall ar na praghsanna agus ar na marcaigh a bheas orthu ar an lá.

Tá roinnt capaill dheasa eile sa rás freisin, gan dabht, Muirhead (10-7) agus na cinn Sasanacha, Idarah (9s-7l) as stábla Venetia Williams agus capall Nicky Richards, Peachey Moment (9-7).

Ach beidh mé fhéin ag faire ar chapall le Noel Meade, Cross Appeal, féachaint an gcuirfear chun páirce é ar an gCéadaoin mar, cé gur tarraingíodh suas é i nGrand National na hÉireann san Aibreán, rith sé go maith i roinnt rásaí móra anuraidh agus bhuaigh sé an Paddy Power Chase i mBaile na Lobhar faoi Nollaig. agus d'fhéadfadh an Pláta a bheith oiriúnach dó.

Is é an Hurdle ar an Déardaoin an rás seilge náisiúnta is luachmhaire in Éirinn faoi láthair agus duaischiste de €260,000 ag dul leis. Ritheadh é den chéad uair in 1913, agus ba í Red Damsel a bhuaigh an chéad iarracht sin.

Ag breathnú ar fhíricí an rása seo, ní raibh ach buaiteoir amháin ag iompar níos mó ná 11 chloch le deich mbliana anuas agus bhí níos lú ná 10 gcloch ar 4 cinn acu. Is é an traenálaí Paul Nolan is fearr a rinne sa tréimhse sin agus trí cinn de na buaiteoirí aige.

I gcomórtas na bliana seo caite, bhuaigh Moon Dice (10-4) as stábla an traenálaí Paul Flynn agus ba é Tom Doyle an marcach. Braitheann go leor ar chruth na talún i mBaile an Bhriotaigh an tseachtain seo chugainn, dán dabht, ach tá anchaint ar chapall as stábla Tony Mullins, Clarach, don rása mór seo. Tá trí rása as a chéile buaite ag an gceann seo cheana féin i mbliana agus bhuaigh sé i nGaillimh anuraidh, rud a chuideodh go mór leis ar an Déardaoin.

Ach níltear iomlán cinnte fós an ligfear isteach sa rás mór é mar gheall ar an líon mór capall atá fós ar an liosta agus sa gcás sin, d'fhéadfadh go rithfí Clarach i ré-rás 2 mhíle tráthnóna Dé Luain, ar eagla na heagla.

Ar ndóigh, is é an Déardaoin 'Lá na mBan' ag Féile na Gaillimhe freisin, agus mar is iondúil chuile bhliain, baineann cuid mhór daoine ansult as an ócáid seo, go háirithe na sluaite a bhíonn amuigh le haghaidh lá scléipe. Lena chois sin, beidh duaischiste €20,000 le buachan ag buaiteoirí an chomórtais don bhean is fearr a bheas gléasta don lá mór na bliana seo, urraithe ag comhlacht Anthony Ryan i nGaillimh, agus cuireann sé go mór leis an ócáid mar go dtagann na sluaite go tiubh ann chuile bhliain dá thoradh sin.

Ar ndóigh, bíonn go leor daoine ag iarraidh an dá lá mhóra sin a sheachaint mar gheall ar an mbrú daoine a bhíonn istigh ar an gCéadaoin agus ar an Déardaoin, ach ní bheidh aon easpa rásaíochta ná siamsaíochta ort má roghnaíonn tú na laethanta eile den Fhéile le bualadh chun páirce. Ar aon dul leis an dá lá mhóra, beidh príomhrás á rith ar an gcúrsa ar na laethanta eile freisin.

Ar an Luan is é an Carlton.ie/galwaycity Handicap rás mór an lae; Dé Máirt a rithfear an Topaz Galway EBF Mile; Dé hAoine, rithfear an Guinness Handicap; Dé Sathairn a rithfear an Ladbrokes Handicap agus ar an Domhnach a rithfear an Connacht Tribune Handicap.

Agus gach rud ar tí a bheith réidh don Fhéile mhór rásaíochta seo ag John Maloney agus a fhoireann i mBaile an Bhriotaigh, beidh earnáil ghnó na tíre, agus an tionscail rásaíocht in Éirinn ach go háirithe, ag súil le tinreamh maith agus caiteachas mór airgid an tseachtain seo chugainn. Anuraidh, tháinig na sluaite amach aríst gan staonadh gach lá den Fhéile agus na figiúirí beagnach ar aon dul leis na blianta iomráiteacha eile roimhe sin.

An áit a raibh laghdú le suntas, áfach, ná sa méid airgid a cuireadh síos leis na geallghlacadóirí, i gcomparáid le blianta an Tíogair Cheiltigh úd. Ba léir ón laghdú 21% a bhí ar chaiteachas na Céadaoine anuraidh go raibh boic mhóra na mámanna airgid imithe le sruth, sin nó go raibh cuid acu ag cur a ngeallta ar líne in ionad a bheith ag teacht ar an gcúrsa leo. Ach fós fhéin, tá Féile Rásaíochta na Gaillimhe ina cnámh droma ag tionscal ollmhór na rásaíochta agus na gcapall in Éirinn, gan trácht ar an leas ollmhór a dhéanann an tseachtain d'eacnamaíocht áitiúil na Gaillimhe mar gheall ar an sluaite a mheallann sí isteach san áit bliain i ndiaidh bliana.

Cá mbeadh muid dá huireasa?

Cúrsa

EUROPUS

Ardchúrsa Oiliúna in Aistriúchán Cáipéisí Dlí agus Cáipéisí Stáit eile

Europus i gcomhar leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta

Reáchtálfaidh Europus, faoi urraíocht na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, dianchúrsa oiliúna lánaimseartha in aistriúchán cáipéisí dlí agus cáipéisí stáit eile i gConamara i mí Lúnasa agus Meán Fómhair.

Glacfar le céimithe a mbeidh caighdeán ard acu i nGaeilge agus i mBéarla agus beidh buntáiste ag daoine a mbeidh cáilíochtaí sa dlí acu. Beidh scrúdú scríofa mar chuid den phróiseas roghnúcháin.

Ní bheidh aon táille ar an gcúrsa.

Déanfar roghnú randamach ar na daoine a cháileoidh má bhíonn an iomarca iarrthóirí ann.

Seol iarratas mar aon le CV chuig :-

EUROPUS
An Comhlacht Teanga
An Cheathrú Rua
Co. na Gaillimhe

faoin Aoine an 4 Lúnasa 2012

Teil: 091/595492 Ríomhphost aine@europus.ie

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 25 Iúil, 2012

An phráinn sa Spáinn

Seán Ó Tuairisg

Agus muid ag dul chun clódóireachta, tá an Spáinn in an-chaoi ar fad. Níorbh thúisce €100 Billiún cabhrach deonta ag Banc Ceannais na hEorpa uirthi, ná gur léirigh na margaí airgeadais, go han-soiléir, go bhfuil i bhfad Éireann níos mó ná sin, ag teastáil go géar, láithreach bonn.

Go praiticiúil, agus go han-tapa, caithfidh Banc Ceannais na hEorpa cabhair iomlán a thabhairt don Spáinn chun cabhrú léi deileáil lena cuid fiacha, nó beidh sí coinnithe amach as na margaí iasachtaí airgid, go huile agus go hiomlán. Ach níl an saghas sin airgid ag an ECB.

Céard atá in easnamh mar sin?

Mar seo: Plean cuimsitheach daingean, a thabharfadh dóthain cabhrach, caol díreach do bhancanna na Spáinne, atá in an-chaoi agus i gcontúirt mhór san am i láthair. Agus dá bharr seo, tá an scaipeach contúirteach ag leathadh amach ar fud an AE, agus dá réir sin, ag tarraingt an tí anuas sa mullach ar na tíortha laga, agus anois beag, ar an Iodáil freisin.

Ní hionann cás don Spáinn, agus do na tíortha beaga bacacha eile, atá fágtha ansin astu féin, ar leathmhaing, Má theipeann ar an Spáinn, tá an diabhal mór déanta, mar go dtarraingeoidh sí mórthíortha ar nós na hIodáile agus na Fraince, agus dá réir, an Bhreatain féin, anuas san fhaopach

Tá an Spáinnn difriúil seachas tíortha eile an AE: Tá 17 gcinn de rialtais áitiúla neamhspleácha, sna réigiúin éagsúla, sa Spáinn.

Tá an tír ollmhór seo siúlta go mion minic agam, agus mé ag triall ar mo phluais bheag, thíos ó dheas, i mbaile beag Zafarraya, idir Granada agus Malaga.

Tír álainn, agus go minic sa stair, trína chéile! Teangacha difriúla, cultúir éagsúla, ceolta álainne ar fad, ach aon fhoireann amháin sacair!

Seo an 4ú tír is mó san AE, agus bhí gach aon ní go breá go dtí 2008, nuair a bhuail an taom céanna tógála, (nó sainte) iad is a bhuail muid fhéin.

Príomhthionscail: Miotalóireacht, ceimicí, cógaisíocht, longthógáil, déantúsaíocht gluaisteán, turasóireacht, teicstílí, bróga agus earraí eile leathair, faisean na mban, bia agus deoch, agus fíon na Spáinne, ach go háirid.

Tá a leagan amach féin ag gach aon réigiún, agus rialtas daonlathach acu. Seans nár mhiste na réigiúin éagsúla a lua, uair amháin:

Andalucia, Aragon, Asturias, Na hOileáin Bhailéaracha, Tír na mBascach, na hOileáin Chanáracha, Cantabria, Castilla-La Mancha, Castilla y Leon, An Chatalóin, Extremadura, Galicia, Maidrid, Murcia, Navarra, La Rioja, agus Valencia.

Bhuail an taom seo is déanaí an Spáinn, nuair a d fhógair rialtas áitiúil réigiún Valencia, le gairid, go gcaithfidís cabhair éigeandála a fháil ón Rialtas Láir i Maidrid. Tharla an cleas céanna sa Chatalóin dhá mhí ó shin, agus léirigh an dá chás seo, Valencia agus An Chatalóin go bhfuil an Spáinn fré chéile in umar na haimiléise, mar go bhfuil a cuid bancanna, (náisiúnta agus áitiúla) i ndrochchaoi, de bharr fiacha ollmhóra nach bhfuil siad in acmhainn a aisíoc. Sna réigiúin éagsúla, agus go háirid ar na húdaráis áitiúla, a chaitear leath de chaiteachas na Spáinne. Cé go raibh €18 Billiún breise ar fáil don éigeandáil seo, níorbh leor é, beag ná mór, rud a chuir ráta úis a cuid iasachtaí suas go dtí 7.3%, agus níl an ráta sin inmharthana, ná baol ar bith air. Caithfidh amhras mór ar an bplean tarrthála agus bhagair rialtas na Spáinne go mairfeadh an ghéarchéim i bhfad ní b'fhaide ná mar a ceapadh. Thit luach an euro ar na stocmhalartáin san Eoraip fré chéile agus sna Stáit Aontaithe freisin. Léiríonn sé seo leochaileacht chórais airgid an Domhain mhóir san am i láthair, nuair atá dhá réigiúin sa Spáinn ábalta roth a bhaint den chairt.

Tá scéal na Spáinne lag lúbach le tamall anois, agus is é an faitíos atá ann ná go leagfaidh sé seo balla cosanta creidmheasa an AE, agus go n-ídeofar ar an Iodáil é, ar an gcéad iarraidh eile. Agus An Eoraip fré chéile ansin. Agus An Domhan Mór ina dhiaidh sin! Socraíodh ag an gCruinniú Mullaigh trí seachtainí ó shin, go ndéanfaí athchaipitliú ar bhancanna na Spáinne, a thúisce is a bheadh Córas Uile-Eorpach Rialaithe Baincéireachta faoi lán seoil, ach sa gcás seo, " Ní sháraíonn an fhoighid an chinniúint ". Is éard a bheadh i gceist leis an gcóras nua seo ná gur fiacha bancanna a bheadh i gceist feasta, agus nach fiacha flaithis a bheadh iontu; an seancheangal géar gránna idir fiacha flaithis agus fiacha bancanna a bhriseadh, rud a bhfuil muide in Éirinn ag faire go géar air freisin. I gcás na Spáinne, bhris ar fhoighid na margaí airgeadais, mar nach bhfuil an AE lándúisithe go fóill as an suan sona atá i réim, agus tá a fhios againn le fada an lá gurb iad na margaí a rialaíonn an domhan.

Tá ciúnas ollmhór i réim idir an Spáinn agus an AE i dtaobh céard go baileach a tharlós. Sin an chúis go bhfuil imní an-mhór agus an mhíchinnteacht seo i réim. Idir an dá linn, tá An Róimh trí thine, agus NERO ar an bhfidil. Léirsithe ollmhóra in 80 cathair fud na Spáinne le 3 lá, agus gan fiacail a chur ann: ní dreamh foighdeach iad na Spáinnigh, mar is eol dúinn ón stair.

Tá na mílte i mbun agóide i gcoinne pholasaithe an rialtais i rith an ama sa Spáinn

D'ainneoin an struis, tá muintir Londain ag tnúth leis na Cluichí

Vic Hamilton, i Londain Shasana

Nuair a tháinig mé go Londain, breis agus deich mí ó shin, ní raibh na Cluichí Oilimpeacha ar mo radar a chor ar bith agus is mar an gcéanna a bhí sé don ghnáthdhuine.

Tuigeadh go dtarlódh rud mór millteach ach is beag duine a bhí ag tabhairt mórán airde orthu.

Ansin, de réir a chéile, bhí íomhá na gCluichí le feiceáil sa chathair agus go náisiúnta - cuireadh clog mór i gCearnóg Trafalgar, thosaigh na nuachtáin ag comhaireamh síos na laethanta go tús na gCluichí agus bhí stiallbhratacha agus brait le feiceáil ar chuile chuaille solais agus foirgneamh.

Is dóigh go mbraithfidh muintir Londain tionchar iomlán na gCluichí agus is iad na daoine seo atá airdeallach ina leith.

I gceann seachtaine beidh an chaint críochnaithe agus beidh na Cluichí faoi lán seoil. Cheana féin tá breis agus deich míle iomaitheoir sa chathair, na meán domhanda, urraitheoirí, oifigigh agus cuirfidh an chathair fáilte roimh milliún cuairteoir in aghaidh an lae.

Sa daonáireamh is déanaí, léiríodh go raibh daonra na cathrach ag 8.2 milliún. Bíonn na daoine seo ag baint úsáide as na busanna agus an Tube chuile lá agus ó mo chuid taithí féin tá na seirbhísí seo faoi bhrú agus ag obair gar do lán acmhainn. Tá na bóithre go mór faoi strus mar atá sé agus anois beidh an Teaghlach Oilimpeacha, mar a tugtar orthu, ag úsáid na mbóithre freisin.

Réiteach na faidhbe? Moltar dúinn na busanna agus an Tube a sheachaint, an carr a fhágáil sa bhaile agus bealach eile taistil a úsáid. Ní hé go bhfuil sin indéanta, éasca ná praiticiúil don ghnáthdhuine le post, páistí le bailiú agus bia nó earraí le ceannacht. Deirtear go mbeidh sé níos measa ná buaicthráth tráchta an t-am ar fad! Go hiontach!

Ar an taobh eile, is maith an tionchar atá le feiceáil cheana féin - tá maitheas an spóirt curtha go mór i mbéal an phobail. Tá iomaitheoirí ag tabhairt cuairteanna ar scoileanna, clubanna spóirt agus ionadaí pobail. Caitheann siad am leis na daoine ann - ag cur in iúl go bhfuil spórt spraíúil, cuimsitheach agus gur linn ar fad ócáid na gCluichí Oilimpeacha.

Tá 66 lá caite ar an mbóthar ag an Tóirse Oilimpeacha agus an turas beagnach críochnaithe aige. I gceann dhá lá beidh sé ar an ardán ag oscailt oifigiúil na gCluichí. Cuid dhearfach den scéal freisin gur tháinig na sluaite amach ar chuile shráid, baile agus cathair a dtug an tóirse cuairt orthu. Is mór an ócáid, an ceiliúradh agus an cóisir a bhí i gceist agus ghlac daoine páirt iomlán ann.

Cé go bhfuil roinnt míshástachta ann, i leith cúrsaí tráchta go príomha, tá muintir Londain agus muintir na tíre réidh le taispeántais maithe a chur ar bun, le spraoi agus tairbhe a bhaint as na Cluichí agus i ndeireadh na dála a bheith in ann a rá go rabhamar ar fad inár gcuid de rud éigin iontach speisialta a bhí ar leac ár ndoras féin.

Utøya: Bliain Chun Cinn, An Iorua. [PIC : MADS NISSEN/SCANPIX 2012]

Utøya: Bliain Chun Cinn

Scott De Buitléir

"Vi vil aldri glemme" a sheol Jens Stoltenberg, príomhaire na hIorua ar Twitter maidin Dé Domhnaigh seo caite; "ní dhéanfaidh muid dearmad choíche". Lá mór a bheadh ann, ní amháin san Iorua nó i gCríoch Lochlann, ach don domhan ar fad a chuimhnigh ar an seachtar aguss seachtó a maraíodh in Osló agus ar oileán Utøya anuraidh.

Tá bliain iomlán caite ó lig d'Anders Behring Breivik buama a pléascadh ag foirgnimh an rialtais in Osló ar an 22 Iúil anuraidh, roimh dhul chuig campa samhraidh AUF (Ógras an Lucht Oibre) a bhí bailithe le chéile ar oileán Utøya.

Mharaigh sé seisear agus trí scór gníomhaí óg a bhí páirteach san ógras, ar aon le hochtar eile a mharú leis an mbuama in Osló. An chúis a bhí leis sin, dar leis agus é ag caint san áras cúirte in Osló cúpla mí i ndiaidh na tubaiste, ná gur ghlac siad leis an ilchultúrachas agus le comhtháthú na Moslamach san Iorua.

Gabhadh ar an oileán é, agus tógadh siar go hOsló é.

D'oscail cás cúirte ina aghaidh ar an 16 Aibreán agus cé go bhfuil an chúirt déanta, tá an domhan ag feitheamh go fóill ar an gcúirt chun pionós a ghearradh air, nó é a chur in institiúid síciatrach.

Ní thiocfaidh an breithiúnas sin, áfach, go dtí lár mhí Lúnasa. Fíric aisteach faoin Iorua ná gurb í an t-aon tír sa domhan iarthair gur féidir le síceolaithe tionchar a bheith acu ar chás cúirte sula n-osclaítear é. Níos aistí fós, níorbh féidir le príomh-shaineolaithe síciatracha na hIorua aontú ar stádas mheabhairshláinte Breivik, agus iarradh go gcuirfí tástáil sa bhreis air toisc nach raibh Cúirt Ghiústís Osló sásta leis an gcéad mheasúnú síceolaíochta. Cibé tuairim dá mbeadh acu, táthar ag súil go gcoimeádfar Breivik sa phríosún nó in institiúid síciatrach ar feadh a shaoil nuair a thabharfar breithiúnas air.

I measc na ndaoine a maraíodh ar Utøya, bhí Bano Rashid, cailín 18 bliain d'aois a d'aistrigh chun na hIorua ón gCordastáin lena teaghlach nuair a bhí sí trí bliana d'aois. "Ní raibh taithí an chogaidh aici mar a bhí agam," a dúirt a máthair. "Idir cogaidh na hIaráine, na hIaráice agus éirí amach na gCurdach, bhí taithí agamsa orthu ach ní raibh aicise toisc go ndeachaigh muid chun na hIorua nuair a bhí sé óg. Ach tharla Utøya, agus anois tá taithí ag a deirfiúr air sin.

Rinne Thorning-Schmidt tagairt do chailín darb ainm Helle Gannestad, a d'éalaigh ó ionsaí Breivik ar Utøya. Go gairid i ndiaidh an ionsaí, dúirt Gannestad leis na meáin, "más féidir le fear amháin a leithéid a dhéanamh le fuath, smaoinigh ar a bhfuil muid go léir in ann a dhéanamh le chéile le grá."

D'éalaigh muid ón gCordastáin lena leithéid a sheachaint."

Ba é sochraid Bano an chéad sochraid de na daoine óga a chailleadh.

In onóir do na mairbh, chuaigh míle duine ar ais chun an oileáin; iad sin a d'éalaigh ó Breivik ar Utøya, tuismitheoirí na marbh, agus ionadaithe an rialtas Ioruaigh. Canadh amhráin agus labhair Jens Stoltenberg agus príomhaire na Danmhairge, Helle Thorning-Schmidt, sular ligeadh balún de chruth croí suas san aer, nasctha le teachtaireachtaí dóchais ón bpobal.

"Ionsaí ar mhuintir agus náisiún na hIorua ab ea an ionsaí a rinneadh ar an 22ú Iúil - is tragóid é a fhanann fós i mo chroí," a dúirt Thorning-Schmidt os comhair na ndaoine, an t-aon eachtrannach a labhair ag an ócáid chuimhneacháin ar Utøya."Is cuimhin liom go soiléir nuair a shuigh mé síos le mo theaghlach i seomra óstáin sa Fhrainc, ag breathnú ar na híomhánna uafásacha a tháinig ón oileán seo agus ó Osló. Ba chuma faoi aon rud eile, ba é sin an t-aon rud a bhí tábhachtach an nóiméad sin."

Rinne Thorning-Schmidt tagairt do chailín darb ainm Helle Gannestad, a d'éalaigh ó ionsaí Breivik ar Utøya. Go gairid i ndiaidh an ionsaí, dúirt Gannestad leis na meáin, "más féidir le fear amháin a leithéid a dhéanamh le fuath, smaoinigh ar a bhfuil muid go léir in ann a dhéanamh le chéile le grá."

Mhol an príomhaire Danmhargach Gannestad go hard í, ag rá gur thug sí "guth do mhuintir na hIorua leis an ráiteas sin." Mhol Stoltenberg a mhuintir chomh maith as seasamh le chéile i ndiaidh na tubaiste; "Theip [ar Breivik]; bhí an bua ag an bpobal."

Idir an dá linn, leag daoine na mílte rós agus teachtaireacht taobh amuigh d'Ardeaglais Osló agus de thithe an rialtais in ómós don lá agus do na mairbh, mar a rinne siad anuraidh. Tógadh fógraí ar a raibh focal Gannestad, é ina mhana nua do mhuintir na tíre.

"Lig dúinn onóir a thabhairt do na mairbh trínár saoil féin a chéiliúradh," a chuir Stoltenberg amach ar Twitter. "Ón lá sin anuraidh ar aghaidh, chuir níos mó daoine iad féin le seirbhís an daonlathais agus d'fhreagair siad an tubaiste le gníomhas. Le fuath a bhualadh le heolas agus le réasún, thaispeáin muid go bhfuil an daonlathas níos láidre ná an bhagairt is measa."

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 25 Iúil, 2012

Fíorchostas na Samhla Nua Maoinithe Marbh

Neil Comer
Uachtarán (Deonach)
Chomhaltas Uladh

Chuir mé spéis san alt a bhí in Gaelscéal na seachtaine a chuaigh thart maidir leis an airgead a chaith Foras na Gaeilge ar an tSamhail Nua Mhaoinithe ó bhí 2008 ann - €131,196 ar a laghad, dar leis an alt féin.

Tuigimid ar fad na deacrachtaí a bhain leis an tSamhail Nua Mhaoinithe agus níl lá rúin agam am a chaitheamh anseo ag cáineadh na rannpháirtithe áirithe a bhí taobh thiar di mar shamhail.

In ainneoin gur phróiseas lochtach a bhí ann ón tús ní bheadh sé go hiomlán cothrom an locht sin a chur ar Fhoras na Gaeilge amháin.

Ba mhaith liom, áfach, díriú isteach ar ábhar an ailt féin agus ar an chostas a bhain leis an tSamhail ar leibhéal na heagraíochta bunmhaoinithe féin de.

Eagraíocht dheonach atá i gComhaltas Uladh gan fostaí ar bith aige ná tuarastal de chineál ar bith ag dul bealach na nOifigeach a oibríonn go deonach ar a shon.

Déantar na craobhacha a reáchtáil ar bhonn deonach agus déantar an teagasc i gcuid mhór de na craobhacha ar bhonn deonach.

Dóibh siúd a bhíonn i mbun chomórtais na scoláireachtaí Gaeltachta i mbunscoileanna agus i meánscoileanna Chúige Uladh, is ar éigean go mbíonn sé ar acmhainn an Chomhaltais airgead ceart taistil a thabhairt daofa.

Is iomaí sin scríbhneoir de chuid An tUltach a bhíonn toilteanach ábhar a chur ar fáil gan íocaíocht agus gan sin, ní bheadh ann don iris.

Éiríonn le Comhaltas Uladh a chuid aidhmeanna a chur i gcrích gach bliain ar an ghannchuid. Sin mar a bhí riamh agus mar a bheas go brách, is dóigh liom.

Téann gach pingin a fhaigheann an Comhaltas ón Fhoras agus ón sciar de bhailiúchán na teanga ar Lá Fhéile Pádraig isteach in obair an Chomhaltais agus ní shaothraíonn duine ar bith a oiread agus pingin rua as an obair a dhéanann siad. Rogha phearsanta atá ann, ar ndóigh, an obair seo a dhéanamh.

Níor thug duine ar bith orainn dul leis an Chomhaltas ach chonacthas dúinn gurbh fhiú rud éigin a thabhairt ar ais don teanga - ar nós oibrithe CLG ar leibhéal áitiúil, agus sin mar atá gach ball den Chomhaltas.

Le páirt iomlán a ghlacadh i bpróiseas na Samhla Nua Maoinithe, áfach, b'éigean do na baill dheonacha cuid mhór ama agus airgid nach raibh againn a chaitheamh ar an phróiseas seo.

Ó bhí 2008 ann, rinne baill den Chomhaltas freastal ar na cruinnithe i mBéal Feirste, i mBaile Átha Cliath agus i nGaillimh, gan trácht ar na cruinnithe breise a d'eagraigh muid eadrainn féin leis an cheist a chíoradh.

Nuair a d'amharc muid siar i mbliana ar na costais sin le trí bliana go leith anuas, baineadh stangadh asainn.

Ó cuireadh tús leis an phróiseas, tá 12,565 míle déanta againn ag freastal ar chruinnithe, gan a bheith ag trácht ar na laethanta saoire ab éigean a ghlacadh ónár gcuid oibre le freastal ar na cruinnithe seo.

Má ghlactar le leibhéal iontach íseal de mhíleáiste a íocann an Comhaltas (£0.40 pingin an míle), sin £5026 caite ar mhíleáiste amháin.

Tá €131,196 caite ag an Fhoras air seo – ach má tá £652 caite ag gach eagraíocht bhunmhaoinithe air seo (agus tá 19 againn i gceist), tá £123,994 eile san áireamh. Mar sin, agus muid anois ag amharc ar phróiseas nua, nár chóir a bheith ag smaointiú ar an chostas ar an talamh?

D'oibrigh muid amach gur úsáid muid 25 lá saoire ón obair le ceithre bliana i mbun plé leis seo.

Má ghlactar leis go bhfuil pá tionsclaíoch á shaothrú againn uile (agus tá sin féin iontach coimeádach mar mheastachán), sin £60 an lá - sin £1500. Bhí costais eile ann, dar ndóighe, ach sílim go bhfuil an pictiúr soiléir.

Is féidir nach bhfuil ann ach mún dreoilín san fharraige i dtéarmaí maoinithe de ach má amharctar air i gcomhthéacs Chomhaltas Uladh de (agus cuimhnítear nach raibh airgead ar bith breise ar fáil ó na maoinitheoirí chun na costais seo a chlúdach), is méid ollmhór é.

Is ionann é agus 40 páirtscoláireacht £160 chun na Gaeltachta.

Is ionann é agus trí eagrán de An tUltach (agus gach scríbhneoir íoctha!). Is ionann é agus tuarastal ceithre bliana do mhúinteoir rang oíche. Is ionann é agus an costas a bhainfeadh le bailiúchán iomlán de An tUltach ón 1924 a dhigitiú....téann an liosta ar aghaidh.

Tá €131,196 caite ag an Fhoras air seo - ach má tá £652 caite ag gach eagraíocht bhunmhaoinithe air seo (agus tá 19 againn i gceist), tá £123,994 eile san áireamh.

Mar sin, agus muid anois ag amharc ar phróiseas nua, nár chóir a bheith ag smaointiú ar an chostas ar an talamh?

Comhaltas Uladh

Bille Lochtach, ach le Gealladh Faoi

Brian Ó Broin



BILLE NA GAELTACHTA, 2012

Mar a tionscnaíodh

RIAR NA NALT

CUID 1

MHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

tosach feidhme.

5 1/2 / 10

B'fhéidir níos fearr a dhéanann Pobal na Gaeltachta

Na lochtanna is mó a fhaigheann daoine ar an mBille Gaeltachta nua ná go gcuireann sé deireadh le toghcháin Bhord Údarás na Gaeltachta. Buille trom is ea sin do dhaonlathas sa Ghaeltacht, ach faraor caithfear glacadh leis nach raibh mórán cumhachta ag an Údarás riamh i gcomparáid leis na Comhairlí Contae. Is iad na sainmhínithe Gaeltachta agus Pobail Ghaeilge sa Bhille is mó a tharraing m'airdse, ámh.

Pobal faoi leith is ea gnáthphobal na Gaeltachta. Daoine iad a labhair Gaeilge go nádúrtha neamhchoinsiasach, díreach mar a labhair a dtuismitheoirí agus a seantuismitheoirí Gaeilge. Níor chuir éinne isteach orthu, agus níor chuir siadsan isteach ar éinne eile. Faraor, ámh, tá an saol sin athruithe.

Le teacht na mbóithre móra nua, teilifís satailíte, raidió áitiúil as na bailte móra, tithe saoire agus turasóireacht, tá an pobal nádúrtha sin ag imeacht. Tá an Ghaeltacht ag athrú go tapa, agus an Ghaeilge ag sleamhnú aisti. Ach is léir fós féin go bhfuil pobal Gaeilge sa tír. An é rud é gurb é sainmhíniú na Gaeltachta atá lochtach, agus muid ag druidim le ré ina bhfuil i bhfad níos mó Gael ina gcónaí i mbailte ná faoin tuath?

Creimeadh nádúrtha atá ar siúl sa Ghaeltacht, díreach mar atá ar siúl i gceantair chaomhnaithe cultúir ar fud an domhain. De na 18 dteanga Algancuacha a labhraíodh i "dtearmainn" in oirthear na Stát Aontaithe sa 20ú haois, níl ach trí cinn á labhairt inniu, agus níl fágtha de chainteoirí dúchais acu ach 2,500 (seandaoine a bhformhór acu).

Mar sin, má táimid chun an Ghaeltacht "a shábháil", ní mór dúinn a theacht ar réiteach radacach ar an bhfadhb, agus sin sainmhínithe nua Gaeltachta a chruthú, óir is léir go bhfuil cainteoirí Gaeilge in Éirinn nach bhfaigheann aitheantas faoin gcóras mar atá. Níl sábhail na teanga chun tarlú faoin tuath.

Caithfear an cath teanga a leathnú amach thar na Gaeltachta agus isteach sna bailte agus na cathracha. Agus caithfear é a dhéanamh ar bhonn náisiúnta. Ní thabharfar aird ar bith ar mhionphobail i gceantair iargúlta (níor tugadh riamh), ach tarraingeoidh pobal náisiúnta aird.

Rinne an Staidéar Cuimsitheach sárobair ar shainmhíniú Gaeltachta cheana féin, le gach focheantar lipéadaithe "A", "B", nó "C" de réir méid na gcainteoirí dúchais iontu, ach faraor chuaigh sé thar théarmaí tagartha an Staidéir breathnú thar theorainneacha na Gaeltachta chun catagóir "D" a aimsiú - áiteanna ina bhfuil an Ghaeilge láidir agus ina mbeadh todhchaí don teanga. Seo seans do phobail teanga ar fud oileán na hÉireann léarscáil na Gaeilge a athrú ó bhun - más toil leo sin a dhéanamh i ndáiríre!

Den chéad uair, tugtar aitheantas do "Bhailte Seirbhíse Gaeltachta" sa Bhille - is é sin, "bailte atá suite i Limistéir Phleanála Teanga Gaeltachta, nó tadhlach leo". Is éard atá i gceist, is dócha, ná Gaillimh, Trá Lí, Leitir Ceanainn, Dún Garbhán, agus a leithéid, ach is deacair a dhéanamh amach céard a dhéanfar sna bailte seo nach bhfuil á dhéanamh cheana féin chun an t-aitheantas a bhaint amach. Agus cén leas a bhainfidh siad as an aitheantas?

An t-aon easpa atá le tabhairt faoi deara iontu go dtí seo ná i réimse áiseanna don phobal Gaelach. Réitíodh an fhadhb i mBéal Feirste le Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, a fheidhmíonn mar mhaighdeog a gcasann pobal Gaeilge Bhéal Feirste thart air, ach níl a leithéid in aon áit eile in Éirinn ach i nDoire (áit nach ndeachaigh pobal na Gaeilge thar an tairseach chriticiúil go fóill).

An dtabharfadh an Bille seo seans do na "bailte seirbhíse" seo cultúrlanna a bhunú a fheidhmeodh mar fhócais do phobal na Gaeltachta in aice leo agus dá bpobail Gaelacha féin? Nár dheas é sin a fheiceáil? Ach an dtarlóidh sé faoin mBille seo? Níl tagairt ar bith sa Bhille seo do chaiteachas breise don phlean ach amháin go "go soláthróidh an tOireachtas é."

An bhféadfadh Cluain Dolcáin (a bhfuil cáil an Ghaelachais uirthi, is cosúil) cur isteach ar aitheantas, mar shampla, fiú nuair is léir nach bhfuil thar scór teaghlach as 10,000 ansin ag labhairt Ghaeilge mar theanga baile?

Den chéad uair freisin, tugtar aitheantas do "Líonraí Gaeilge" sa Bhille - pobail labhartha nach gá dóibh a bheith sa Ghaeltacht mar a aithnítear í faoi láthair. Ach arís tá fadhbanna suntasacha bainteach leis seo, go háirithe i dtaobh sainmhínithe. Cad is "Líonra Gaeilge" ann?

Ní leor, mar shampla, comharthaí Gaeilge os cionn siopaí áitiúla chun aitheantas a fháil, ná rang Gaeilge d'aosaigh sa halla paróiste, ná Gaelscoil. Go deimhin, ba dheacair aitheantas dáiríre a thabhairt do "Líonra Gaeilge" ar bith nach mbeadh cainteoirí dúchais ann.

An bhfuil áiteanna in Éirinn a d'fhéadfadh cur isteach ar aitheantas éigin faoin Bhille? Taobh amuigh d'Iarthar Bhéal Feirste, ní léir domsa go bhfuil faoi láthair. An t-aon rud a thaispeáin an G-Team dúinn in earrach na bliana seo ná chomh lag is atá an Ghaeilge fiú sna pobail is láidre Gaeilge sa tír.

An bhféadfadh Cluain Dolcáin (a bhfuil cáil an Ghaelachais uirthi, is cosúil) cur isteach ar aitheantas, mar shampla, fiú nuair is léir nach bhfuil thar scór teaghlach as 10,000 ansin ag labhairt Ghaeilge mar theanga baile?

Anuas air sin, cé a thabharfaidh breithiúnas ar na hiarratais? Ní léir in aon chor go mbeidh teangeolaithe ná gníomhaithe teanga páirteach sa phróiseas in aon chor, agus is mór m'fhaitíos dá réir go mbeidh "líonraí" ag fáil aitheantais faoin mBille seo nach mbeidh ar siúl acu ach cur i gcéill.

Is trua go bhfuil orainn dul in iontaoibh an Aire chomh mór sin i dtaobh aithint na gceantar nua, ach i ndeireadh báire is léir freisin go gcaithfear sainmhíniú nua a thabhairt don fhocal "Gaeltacht" má tá an Ghaeilge chun maireachtáil. Tús lag atá sa Bhille seo, ach tús is ea é mar sin féin.

Beathaisnéis: Is comhollamh le teangeolaíocht é Brian Ó Broin in William Paterson University, New Jersey. I mbliana, bhí sé ina eagarthóir ar Thógamar le Gaeilge Iad (Coiscéim & Comhluadar), faoi thógáil clainne le Gaeilge.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 25 Iúil, 2012

Focail le Gaoth

Le Concubhar Ó Liatháin

Cinniúint an cholúnaí

An rud is tábhachtaí a chaithfidh tú tuiscint faoin gcolún nach gá go mbeadh aon bhunús fíriciúil leis na tuairimí a luaitear anseo.

Is é mo chinniúint mar cholúnaí na tuairimí fánacha nó mire atá agam a chur in bhur láthair ag súil go músclóidh sé ionaibh fonn smaointe nó argóna ar an ábhar atá faoi chaibidil.

Mura mbeadh anseo ach scáthán ag aontú le gach rud a dheineann gach duine, ar éigean gurbh fhiú é a chur i gcló.

Agus mé á scríobh seo, trathnóna Dé Sathairn, is Bille fós é Bille na Gaeltachta.

Níl an tUachtarán tar éis a ainm a chur leis an reachtaíocht seo a ritheadh tríd an Dáil an Déardaoin seo chaite, Déardaoin scor na Dála don Samhradh.- Ach dá mba rud é go raibh craobh sna Cluichí Oilimpeacha do rith reachtaíochta, bheadh an bonn óir ag Bille na Gaeltachta seo, Insane Bolt na Reachtaíochta, fiú mura ndícháileofaí é as easpa fiúntais.

De bharr an easpa díospóireachta sa Dáil, shiúl an Fhreasúra amach ag maíomh gur ar éigean ab fhiú dóibh a bheith ann, go háirithe tar éis gur dhiúltaigh páirtithe an Rialtais glacadh le hoiread agus leasú amháin as an 180 a cuireadh os a gcomhair.

Cheapas féin gur gaisce folamh an siúl amach seo. B'fhearr liom go bhfanfadh siad sa Dáil agus an fód a sheasamh ar son na Gaeltachta agus in éadan an Bhille - ach ar chúiseanna a bhain le cúrsaí cumhachta san Oireachtas seachas, dar liom, grá don Ghaeltacht, shiúil siad amach.

Fuair siad moladh ó dhaoine áirithe, Gaeil mhóra le rá a throid go fíochmhar in éadan an Bhille seo, as ucht an ghaisce seo.

Chuireas mo bharúil in iúl i bhfóram Facebook - agus ní rómhaith a ghlacadh leis.

Samhlaíodh domsa gur léiriú é an chailliúint seo ar theip na n-eagraíochtaí Ghaeilge, an 'Gluaiseacht' más fearr leat, feachtas éifeachtach a reáchtáil in éadan an Bhille seo.

Ar ndóigh, ní mór a chur san áireamh go raibh na heagraíochtaí seo, Conradh na Gaeilge agus Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge go háirithe, gafa le cúpla bliain i dtroid fíochmhar le Foras na Gaeilge faoin tSamhail Nua Mhaoinithe.

Nach aisteach mar sin go bhfuil an tSamhail Nua Mhaoinithe caite i dtraipisí ag an bhForas. Chosain sé ar a laghad €131,000 ar an bhForas agus iad ag iarradih airgead a shábháil don cháiníocóir! Anois tá comhairleoir á earcú chun tabhairt faoin tSamhail

An Dáil folamh tar éis gur shiúil an fréasúra amach mar agóid i gcoinne Bhille na Gaeltachta

Nua Mhaoinithe II - nach méanar don cháiníocóir an obair atá Foras na Gaeilge a dhéanamh ar a shon.

Is é mo bharúil - gan bunús, ar ndóigh - gur cleasaíocht í an chaint seo go léir faoi Samhaltacha Nua Maoinithe agus gurb é an sprioc atá ann na heagraíochtaí Gaeilge a choinneáil ar an gcúlchos, ag faire ar a dtodhchaí féin seachas a bheith ag coimeád súil ar an liathróid.

Agus mé ag faire ar an gcluiche seo 'ón taobhlíne', mar dhea, tá sé cosúil le bheith ag faire ar pheileadóirí Chiarraí ar lán luas ag imirt foireann Sóisir B ó Chill Chainnigh. Tá na gníomhaithe fágtha ina staicíní ag na maorlathaigh.

Caithfimid an cluiche a athrú. Ní mór dúinn tosú ar an iomáint seachas ar an peil agus nár fada go mbeidh bos an chamáin ag baint béiceach as na biúrócrataigh seo. An chéad chéim ná a fhógairt nach bhfuil na heagraíochtaí Gaeilge chun glacadh le deontais níos mó.

Cinnte, tá siad i dteideal airgid stáit as ucht seirbhísí nach bhfuil an Stát a chur ar fáil agus ba cheart an praghas ceart a ghearradh air sin. Ach as seo amach, níor cheart go mbeadh cumhacht beatha nó báis ag feidhmeannach oifige éigin súile na n-imreoirí a bhaint den sliotar. Caithfidh na heagraíochtaí slí nua maireachtála a aimsiú nó ní mhairfidh siad.

Ní mór a aithint freisin nár cheart aon iontaoibh a bheith ag na heagraíochtaí as aon pháirtí pholaitiúil. Táim cinnte dá mbeadh Fianna Fáil agus Sinn Féin i gcomhrialtas le chéile agus an móramh céanna acu agus atá ag Fine Gael agus an Lucht Oibre go mbeadh an Bille Gaeltachta céanna cumtha acu - agus go mbeidís chomh dúr céanna maidir le leasuithe agus 'no surrender' ar aon mhír ann.

Cuimhnigh gurb iad na 'comhairleoirí' agus na státseirbhísigh atá i seilbh na liathróide i rith an ama.

Má tá tionchar le n-imirt ar pholaiteoirí - nó brú a chur orthu - tá orainn dul i ngleic leo ar shlí eile. Cinnte, cuir ar an eolas iad faoi na moltaí fónta atá á chur chun tosaigh ar mhaithe na Gaeltachta agus na Gaeilge - ach léirigh freisin trí fheachtasaíocht ar an leibhéal áitiúil trí na meáin áitiúla, agus ar leibhéal náisiúnta trí na meáin sin, agus tríd na pobail náisiúnta agus áitiúla a thabhairt linn ar chibé bealach, go mbeidh praghas le n-íoc ag an gcéad toghchán eile ag cibé polaiteoir a théann i gcoinne do mholtaí.

Chomh fada agus a bhaineann sé liom féin, níor bhuaigh Gluaiseacht na Gaeilge cath ó bunaíodh TG4.

Ba bhuanna piorracha iad Acht na dTeangacha Oifigiúla agus an Stádas Oifigiúil san Eoraip.

Chosain siad níos mó i ndeathoil i leith na teanga ná mar ar shaothraigh siad i stádas.

Tá roinnt blianta caite anois ag eagrais ag feachtasú chun an Ghaeltacht a laghdú agus pobail nach bhfuil an Ghaeilge mar theanga chumarsáide in uachtar iontu a dhíbirt. Is é an Bille lochtach seo an toradh ar an obair sin.

Nílim ag cáineadh na n-iarrachtaí fónta a deineadh ar son na Gaeltachta nó na daoine Gaelacha a bhí ar a ndícheall.

Ach ní mór a rá nach raibh éifeacht thairbheach leis an obair seo. Tá gá le cur chuige difriúil. Mo leithscéal má mhothaíonn éinne gur á gcáineadh atáim mar ní hé sin fáth mo cholún an tseachtain seo.

SÚIL SIAR na Seachtaine

Plean Anson do Ghaoth Dobhair, 1982

Donnacha Ó hÉallaithe

Tríocha bliain ó shin ullmhaíodh Plean Cuimsitheach do cheantar Ghaoth Dobhair. Ailtire ó Shasana, Brian Anson (1935 - 2009), a chuir an plean le chéile i gcomhar leis an bpobal áitiúil, ar iarratas ó Údarás na Gaeltachta, Plean cuimsitheach a bhí ann ina raibh 300 leathanach agus neart moltaí déanta.

Tógadh Brian Anson i mBootle, ceantar bocht le ráta ard dífhostaíochta, taobh le Learpholl. Cuid mhaith de na daoine a rugadh agus a tógadh i mBootle, ba as Éirinn a tháinig a sinsir go Learpholl ag deireadh an 19ú haois le dul ag obair ar na duganna.

Chonaic Brian Anson ceangail idir an pobal 'Éireannach' den aicme oibre as ar fáisceadh é i mBootle agus pobal Ghaoth Dobhair, mar a léirítear sna línte seo thíos as an dán 'Homage to Martha', a chum sé in 1982.

'But Martha love the road is long - we tread our separate paths
to find ourselves, and who we were -
and for my part, I chose the gaels,
and rediscovered Bootle in the Irish air.
To move from concrete Bootle, and its jobless hordes who pace the
unemployment boards, have I digressed to find the truth
I seek amongst the rocks and empty cabins
of the windswept Irish west?'

Ag tús 1982 tugadh Plean Anson don Údarás agus moladh é go hard ach níor foilsíodh a thuarascáil. Mar a dúirt sé i litir uaidh a foilsíodh ar an Irish Times (05/09/1990) fágadh an plean ar an seilf 'and all the bleak things we forecast have come about'.

Anseo thíos tá sliocht as an nuachtán Amárach faoi Thuarascáil Anson, a scríobh Fiontán Mac Aodha Bhuí tríocha bliain ó shin.

Amárach, 30 Iúil, 1982

Na Príomh-mholtaí atá i dTuarascáil Anson

Léirmheas le Fiontán Mac Aodha Bhuí, Ailtire

[...] Dar le Anson cuireann na rudaí seo a leanas isteach ar aon chomhluadar: an amhantraíocht, ró-ardú ar luach an talaimh, truailliú tionscalaíochta agus easpa dóchais. Scrúdaíonn an Tuarascáil staid na teangan, tosaíochtaí an phobail, fostaíocht, úsáid an talaimh, fo-struchtúir, crot fisiciúl an cheantair.

Dar leis, má tá muid le tabhairt faoi na fadhbanna uilig seo go héifeachtach go gcaithfear an cultúr a neartú agus gníomhaíocht na ndaoine féin a neartú go mór.

"Má chailleann comhluadar a gcultúr," deir sé, "cailleann siad a bpearsantacht féin agus bíonn an comhluadar sin ró-lag le cur in éadan

Bun na Leaca, Gaoth Dobhair

fórsaí scriosta an lae inniu. Ní bhíonn siad ach ag aithris agus, mar thoradh air sin, faigheann an tsamhlaíocht bás."

Ní féidir achoimre mar is ceart a dhéanamh anseo ar shaothar Anson ach luafaidh mé cúpla rud eile go bhfuil an-bhéim aige orthu agus ansin na príomh-mholtaí.

Is é an chéad rud ná tábhacht na ndaoine féin in oibriú amach aon bheartais don aimsir atá romhainn. Ar an gcéad dul síos caithfidh na daoine stad de bheith ag smaoineadh ar Iarthuaisceart Thír Chonaill mar cheantar imeallach. Óna chomhráití leis na daoine anuraidh síleann sé gur smaoineamh é seo atá ag lagú a morale go mór - gur i bhfad uathu i mBaile Átha Cliath agus ar chósta Oirthir na hÉireann, sa Bhreatainn, ar Mhór-roinn na hEorpa atá achan rud tábhachtach ag tarlú.

Caithfear an dearcadh seo a athrú go hiomlán agus dearcadh agus fírinne nua a chur ina áit - gurb é an Cósta Iartharach an áit a mbeidh na rudaí tábhachtacha ag tarlú feasta. Saibhreas na farraige atá i gceist aige.

Meabhraíonn sé dúinn go bhféadfadh an teora muirí dul siar an-fhada agus nach ón iascaireacht amháin a fhéadfadh an saibhreas teacht ach ón ola agus mianraí luachmhara ar ghrinneall na farraige móire. Leis an dearcadh úr seo ba cheart do na daoine tabhairt faoina saol a stiúradh iad féin, rud nach bhfuil á dhéanamh go dtí seo acu. D'aithin Anson go raibh coimhlint ghéar sa cheantar fán chultúr: luann sé an eisimirce ó Albain mar cheann de na cúiseanna atá leis seo. "Gan cumhacht ag na daoine," deir Anson, "is chun dochair don chomhluadar a rachaidh an teannas seo."

Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

An Bille Gaeltachta

SNA seachtainí atá amach romhainn cuirfidh an tUachtarán a shíniú leis an mBille Gaeltachta, tráth a mbeidh sé ina Acht Gaeltachta 2012 agus mar chuid de dhlí na tíre seo.

Tá féidearthacht ann go leasófar é sna blianta amach romhainn ach sa mheántréimhse, beidh orainn cur suas leis.

Agus ná bíodh aon amhras ar dhuine ar bith agaibh, má bhíonn Fianna Fáil agus / nó Sinn Féin i gcumhacht tar éis an chéad toghcháin eile, ní bheidh aon deifir orthu é a leasú, d'ainneoin na drámaíocht sa Dáil an tseachtain seo caite.

Bille lochtach atá ann ach tá an cath sin caillte. Ach ná caillimis misneach. Ná déanaimis dochar don Ghaeltacht leis an gcaint apacailipteach seo go léir, níl aon mhaitheas ann. Tuigeann gach duine go bhfuil géarchéim teanga sna Gaeltachtaí.

Bogaimis ar aghaidh agus ár gceachta foghlamtha againn agus úsáidimis an tAcht Gaeltachta chomh héifeachtach agus is féidir linn.

Tá go leor le déanamh. Caithfidh na pobail Ghaeltachta iad féin anois a bheith cinnte go bhfuil siad eagraithe ar an talamh chun gur féidir díriú ar an 'bpleanáil teanga' agus ar chosaint na nGaeltachtaí ó thaobh na Gaeilge de.

Tá sé ríthábhachtach go leanfar ag cur brú ar an rialtas chun a chinntiú go mbeidh go leor maoinithe ar fáil don obair sin.

I ndeireadh na dála, mar atá léirithe ag Brian Ó Brian in Gaelscéal na seachtaine seo, tá rudaí dearfacha sa Bhille seo (féach l. 11).

Caithfear a bheith trodach agus dearfach, ní dhéanfaidh an díomuachas aon mhaitheas do dhuine ar bith na do phobal ar bith.

Meiriceánaigh agus a ngunnaí

"*I'm not sure there is any way in a free society to be able*" a chinntiú nach mbeidh duine atá ar mire glan a lámha a chur ar ghunnaí.

Sin a dúirt gobharnóir Colorado, John Hickenlooper, an tseachtain seo caite tar éis gur caitheadh agus gur maraíodh daréag agus gur gortaíodh 58 duine eile i bpictiúrlann tar éis d'fhear a raibh raidhfil ionsaithe agus airm eile aige dul i mbun sleachta. Sin an bhunfhírinne atá sa ráiteas ionraic sin faoin ngaol idir cuid mhaith de Meiriceá agus na gunnaí.

Is í an fhírinne ná go bhfuil cuid mhór Meiriceánach sásta cur suas le sléacht nó dhó ó am go chéile chun an ceart sin a choinneáil. Is é an ceart chun gunna a bheith ina seilbh an ceart daonna is mó dá bhfuil acu de réir cosúlachta.

Tá an ceart sin mar chuid riachtanach de chóras srianta agus ceartúcháin ar an stát, dar leo. Mar sin, ní cuirfear aon srian nua ar ghunnaí i Meiriceá am ar bith feasta.

Bashar al-Assad

TAOBH istigh d'achar gairid, tá gach cuma ar an scéal go mbeidh Bashar al-Assad, deachtóir na Siria, marbh, é sínte amach in áit éigin ionas gur féidir le daoine físeáin a dhéanamh lena ngutháin phóca mar is nós le muintir na linne seo.

Ní dhéanfaidh muid é a chaoineadh is dócha, cé gur cheart dúinn meas a bheith againn ar gach beatha sa saol seo.

An fhadhb is mó, áfach, ná idir an dá linn go bhfaighidh na mílte daoine bás agus is daoine soineanta agus páistí a bheidh i roinnt mhaith acu sin.

Tá réiteach simplí ar an scéal seo, áfach - tabhair bealach amach dodo Bashar al-Assad. Lig dó maireachtáil. Cuir faoi thriail é in áit éigin ach lig dó éalú.

Cinnte, gheobhaidh go leor daoine bás cibé ar bith, ach ní chaillfear an méad céanna agus a caillfí dá bhfanfadh sé é i gcumhacht.

LITREACHA chuig an Eagarthóir

Cuirtear litreacha chuig **litreacha@gaelsceal.ie**. Iarrtar oraibh a bheith chomh gonta agus is féidir.

'Mairfidh an Ghaeltacht go deo?'

A chara,
Tugaim faoi deara go bhfuil Conchubhar Ó Liatháin den tuairim go 'mairfidh an Ghaeltacht go deo', do réir a alt tuairimíochta ar an gcéad leathanach de Ghaelscéal na seachtaine seo caite.

Seans maith go mairfidh ceantair le aitheantas oifigiúla Gaeltachta ach an mairfidh an Ghaeilge mar ghnáth theanga laethúil pobail iontu?

Sin ceist eile nach tig le Concubhar deileál leis, gan ligint don dóchas míréadúil an ceann is fearr a fháil ar réasúnaíocht mheáite.

Mar a dheineann go leor daoine nach dtaithníonn teachtaireacht leo, ionsaíonn Concubhar na teachtairí nó na 'fáithe féasógacha (agus neamhfheasógacha)' mar a thugann sé féin orthu ina cholún.

Cuimhním ar an gcolún 'anailíse' a rinne Concubhar agus é ag obair leis an nuachtán Lá, ar torthaí an Daonáireamh a tógadh sa bhliain 2002.

An an gcéad leathanach de Lá (26 Márta, 2004) scríobh sé go bhfuil 'an líon is mó Gaeilgeoirí ar an oileán ó bhí 1861 ann' agus go raibh 'duine as triúr ina Ghaeilgeoir'!

Níl a fhios agam an seasann Conchubhair leis an anailís sin ach má sheasann, ní iontas ar bith go gcreideann se go 'mairfidh an Ghaeltacht go deo'.

Donncha Ó hÉallaithe,
Indreabhán,
Conamara

Rialtais na hÉireann 'tar éis chruthú do mhuintir na Gaeltachta gurb é an Béarla atá riachtanach'

A chara,
Aontaím le Brian Ó Baoill (Gaelscéal 18u Iúil) go bhfuil Rialtais na hÉireann 'tar éis chruthú do mhuintir na Gaeltachta gurb é an Béarla atá riachtanach' agus go bhfuil na polasaithe ag deimhniú nach bhfuil na Ranna Stáit 'in ann nó sásta' gnó a láimhseáil go héifeachtach i nGaeilge i gceantair Gaeltachta.

Tá an fhadhb sin ag goilliúint go mór freisin lasmuigh de Ghaeltachtaí agus níl an Ghaeilge scaipthe go dáiríribh i measc lucht Ghnó. Níl mórán sheirbhisí tré mheán na teangan naisiúnta, ar fáil ná Oifigigh na Gaeilge le freastal ar an bpobal i gcoitinne agus is náireach an scéal sin.

Nuair sa Róimh atáir, labhraítear an teanga, sa bhFrainc labhraítear Fraincís agus deintear do ghnó i dteanga na tíre.

Anseo, táimíd ag plé faoin ruaig a chur ar chultúr agus tradisiúin na hÉireann agus ainmneacha áilne cosúil le 'Daingean Úi Chúise' a athrú- cén fáth? Nach é 'snámh in aghaidh easa' dúinne, mar ghrúpaí deonacha atá ag iarraidh Gaeilge a chóiméad ar snámh, nuair nach bhfuil an meon céanna ag na hudarais atá i gceannas?

Eilís Uí Bhriain
Caisleán Uí Liatháin
Corcaigh

Ba cheart jab níos fearr a dhéanamh ar an 'Volvo'

A chara,
Ceannaím Gaelscéal gach seachtain agus bainim taitneamh as na scéalta / nuacht atá ann - b'fhéidir nach aontaím le gach rud, ach de ghnáth creidim go bhfuil iarracht réasúnta maith déanta ó thaobh taighde de.

Ach, ar an 11ú Iúil bhí píosa ag Páidí Ó Lionáird ann faoin Rás Aigéin Volvo a bhí dochreidte. (lth 14) faoin spás: Tráchtaireacht. Nach raibh aoinne ann chun freastal ar an ócáid seo chun tráchtaireacht eolach a dhéanamh?

Ansin, b'fhéidir go mbeadh fhios acu gurb é Groupama a buaigh an rás; gurb é Justin Slattery a bhí ar bord Abu Dhabi; agus gur chuir Discover Ireland infheistíocht suntasach i Sanya... (níl baint agam le aoinne).

Tá díomá orm mar go bhfuil suim fé leith agam san fharraige, ba ócáid iontach é chun súile an daonra a oscailt do gnéithe iontach an muir atá ar ár ndoras agus ansin tagann droch alt mar sin amach...

Is mise, le meas,
Paula Ní Ríogáin
Oileán Chléire / An Spidéal

Tacaíocht do Marian Price

A Eagarthóir, a chara,
Ag tagairt do litir a shínigh go leor Teachtai Dála agus daoine eile, ag éileamh saoirse do Mharian Price, ba mhaith liom tacú lena n-achainí. In ainneoin gur thug na cúirteanna cead di dul amach ar bhannaí faoi dhó, tá Marian Price fós faoi ghlas ina haonair, a bhuíochas do orduithe ó Owen Patterson, Rúnaí Stáit na Breataine. Rinne sé cealú ar rialú cúirte eile le fíordhéanaí chomh maith, nuair a thug cúirt cead bhannaí do Mhartin Corey, atá á choinneáil le dhá bhliain gan cúis ar bith curtha ina leith, gan trácht ar triail. Tá drochiompar Rúnaí Stáit na Breataine ag déanamh ceap-magaidh den chóras dlí, agus ag fágáil na cúirteanna gan cumhacht.
Nach bhfuil cosaint Bunreachtúil ar bith ag saoránaigh na hÉireann ar thalamh na hÉireann ?

Is mise,
Proinsias Ní Mhurchú

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 25 Iúil, 2012

An taobh tuathail – an áit domsa

Seán Quinn taobh amuigh den Ard-Chúirt i mBaile Átha Cliath. Bhí baol ann go gcuirfí sa phríosún é de bhrí nár chloígh sé le horduithe cúirte ina choinne. Sa deireadh, áfach, tugadh deis eile dó chun teacht ar an airgead atá aige ar Anglo-Irish Bank. Cuireadh a mac sa phríosún áfach agus tá a nia ar a theitheadh agus tá barántas gabhála ag na Gardaí air.
[PIC : SASKO LAZAROV / PHOTOCALL IRELAND]

Páidí Lionáird

Is maith liom iad siúd atá difriúil. Mionlaigh i ngach slí – cosúil liom féin. Táim rua, tá cónaí orm ar oileán agus labhraím mionteanga.

I ndáiríre, is annamh dom a bheith i measc an mhóraimh. Ní hé go bhfuilim ait (dar liom!) ach tarlaíonn sé dom go minic go mbím ar an taobh eile den chlaí nuair a bhíonn scéal conspóideach á phlé.

Baineann an sampla is déanaí le Seán Quinn agus a theaghlach. Tá fonn díoltais ar an bpobal agus táid sásta 'boic mhóra' a fheiceáil á ndaoradh go príosún. Seo trucail amháin nach mbeidh mise ar bord.

Anois agus an Breitheamh Elizabheth Dunne ag daoradh Sheán Óg agus a chol ceathrar, Peter Quinn, go trí mhí i bpríosún de bharr go bhfuarthas ciontach iad as díspeagadh cúirte. Baineann a ndíspeagadh cúirte lena n-iarrachtaí a gcuid maoine iasachta a chur i bhfolach ón gcomhlacht atá tagtha in áit an bhainc Angla-Éireannaigh agus an Irish Nationwide Building Society.

Fuaireas mo mhorgáiste ó cheann de na bainc sin agus mura mbeinn in acmhainn é a aisíoc, chaillfinn mo theach – chomh simplí leis sin. Níor mhaith liom a shamhlú nach mar a chéile a bheadh an scéal d'éinne eile a thóg iasachtaí ón mbanc céanna. Agus níl. Ach i gcás Quinn, tá an liosta náideanna i bhfad níos faide ná an mhéid i mo chás-sa agus tá siad ann a deir "goid céad agus gheobhair príosún, goid céad milliún agus gheobhair bualadh bos!" Go dtí seo, is óna iarfhostaithe amháin atá bualadh bos agus moladh faighte ag Quinn.

Seo fear a chruthaigh impireacht as faic. In 2005, cuireadh luach $6 bhilliún ar shaibhreas Sheán Quinn – an té ba shaibhre in Éireann agus ag uimhir 164 ar domhan. Seo fear a raibh a chuid gnónna lonnaithe faoin tuath – in aice lena bhaile féin sa Chabhán agus a thug fostaíocht do na mílte daoine sa cheantar – tras-teorainn fiú.

Tá fonn díoltais ar an bpobal atá ag fulaingt agus táid sásta 'boic mhóra' a fheiceáil á ndaoradh go príosún. Seo trucail amháin nach mbeidh mise ar bord.

Seo fear, nuair a thit an lug ar lag an chomhlachta árachais BUPA, a cheap é féin ábalta na srianta a ghlacadh agus dul i gcomórtas leis an gcomhlacht stáit VHI agus na céadta postanna i Mainistir Fhear Maí i gCorcaigh a choimeád slán. D'éirigh leis. Agus d'éirigh leis gach a leag sé roimhe a bhaint amach. Go dtí an lá úd sin in 2008 nuair a chinn sé ar a luach scaireanna sa bhanc Angla-Éireannach a mhéadú go dtí 15% ar luach de breis ar €2.8 billiún – airgead a chaill sé nuair ab éigin do Bhrian Lenihan, ar dheis Dé go raibh sé, an banc sin a náisiúnú.

Mar sin, Cén fáth ar chinn sé ar dhul sa tseans mar sin agus gach a raibh aige a chailliúint? Níl na freagraí agamsa ar na ceisteanna sin agus ní dóigh liom go bhfuil siad ag Séan Quinn ach an oiread. Cheapfainn dá gcuirfí an cheist air féin go bhfreagródh sé go macánta – saint. Chuir sé geall níos mó ná mar a bhí an geallghlacadóir in ann a íoc agus chaill sé. Ar ndoigh bhí Anglo tógtha ar bhunsraith gainmheach agus ní raibh a fhios ag éinne go raibh Lehman Brothers ar tí dul go tóin poill agus gach aicíd airgeadais a thabharfadh sé sin leis.

Agus cá bhfuil sé anois? Bancbhriste agus faoi scáth na hArd-Chúirte. Tá sé faoi dhualgas na cúirte an gréasán casta gnónna idirnáisiúnta a chuir a nia Peter i bhfearas a mhúscailt agus ligean dó an mhaoin sin, de luach €500 milliún, a thabhairt ar láimh don IBRC. Ach tá fadhb mhór aige leis an IBRC. I ráiteas a d'eisigh sé i ndiaidh dá mhac a bheith curtha i bpríosún agus a nia Peter imeacht ar seachrán, dúirt sé go raibh "na daoine míchearta daortha chun príosúin".

Tá sé lán-cheart. Tá triúr baincéir gafa agus á gcoinneáil ag Gárdaí ar chúiseanna bainteach leis an gcreimeadh córais ceithre bliana ó shin, ina measc Seán Fitzpatrick. Tá David Drumm ag maireachtáil saol an mhada bháin i mBostún . Tá Michael Fingleton, síos suas chun na Portaingéile agus é ag baint taitneamh as a phinsean de luach €23 mhilliún.

Cad mar gheall ar 'ghardaí cosanta' an rialtais? An Rialtóir Airgeadais? Airí agus Ard-Rúnaithe na Roinne Airgeadais? Cá raibh siad san? Mar sin, cad a deir sé ar fad fúinne mar shochaí? Fágfaidh mé fúibh féin an méid sin a fhreagairt.

Ó mo thaobhsa de, ba mhaith liom a shamhlú go bhféadfadh Quinn aiséirí agus a impireacht a aisghabháil ó lámha na nglacadóirí. Ba mhaith liom é a fheiceáil ar ais i gceannas na gcomhlachtaí a chruthaigh sé as saothar a chuid allais féin, mar fhostóir do na mílte. Mar a deirim, an taobh eile den claí.

Conas 85,000 duine a chur

Conall Ó Móráin

Tá sé beagán éagórach a rá gurb iad úinéirí gnónna a mhúchann na soilsí istoíche ach tuigfidh aon duine a ritheann a ghnó féin céard atá i gceist agam.

Is é sin nach bhfuil duine a thugann aire níos fearr dá ngnó ná an duine nó na daoine a fhaigheann an tairbhe díreach as.

Ar ndóigh, tá an-chuid oibrithe maithe ann a thugann cúram dá dtimpeallacht gnó, a dhéanann moltaí faoi chonas dúch a shábháil sa chlóire, a chasann síos an teas lárnach nuair a éiríonn sé ró-the nó a chinntíonn go bhfuil an glas ar na doirse ag deireadh an lae.

Ach is é an t-úinéir a théann thart an dara huair chun a bheith cinnte, go cinnte.

Seo rud nár thuig mé ón am sna hochtóidí nuair a chuala mé faoi Mondragon don chéad uair. Sea, Mondragon, an comharchumann is mó sa Spáinn le gar le 85,000 duine ag obair ann agus monarchana acu i dtíortha trasna na cruinne, ón tSín go dtí na Stáit Aontaithe agus in an-chuid suíomh san Eoraip – ach gan aon ghnó acu in Éirinn. An rud nár thuig mé, agus nach dtuigim fós, ná cén fáth nach bhfuil comharchumainn mhóra láidre sa tír seo os rud é gurb é Horace Plunkett, duine dár gcuid féin, a bhí mar cheannródaí ar an gcomharchumannachas siar sna 1890idí.

Cuirim i gcónaí spéis maidir le cé leo brandaí, idir Abercrombie and Fitch, Mars bars nó an slabhra siopa Zara. Cé nach n-aithneodh mórán againn sa tír seo brandaí Mondragon, tá ar a laghad ceann amháin, Fagor, feicthe go rialta agam.

Ach do mhuintir na Spáinne, na Gearmáine agus na Fraince téann na céadta mílte duine acu isteach i siopaí Mondragon, a thagann faoin mbranda EROSKI, gach lá. Tá gar le 2,500 siopa faoi riar an chomharchumainn, idir ollmhargaí, stáisiúin pheitril agus siopaí cumhráin. Ritheann Mondragon slabhra banc nó comhar chreidmheasa freisin – cé nach fios dom conas atá ag éirí leo siúd faoi láthair agus an Spáinn faoin mbrú eacnamaíochta uafásach ina bhfuil sí.

Ar ndóigh, bhí ár gcomharchumainn mhóra féin againne agus is faoi bhranda Kerry Group agus Dairygold atá siad anois, ach an comharchumannachas caillte acu na blianta siar de bharr gur threoraigh an bhainistíocht i dtreo an stocmhalartáin iad.

Tá nathán soiniciúil i gcúrsaí gnó a deir gur ar son na bainistíocht amháin a ritear comhlachtaí agus más fíor is féidir an bhuntáiste lom a fuair bainistíocht na n-iarchomharchumann nuair a díoladh ar an mhargadh iad. Bhí an bhainistíocht shinsearach in ann scaireanna a fháil mar chuid dá gcúiteamh agus roinnt acu, an sárfhear gnó, Denis Brosnan, a rith an Kerry Group, mar shampla, a fuair luach na milliún euro de bharr an struchtúir cúitimh a cuireadh ar fáil dó.

Fuair comharba Brosnan, Stan McCarthy, breis agus €2 mhilliún an bhliain seo caite de réir na tuarascála bliantúil. De réir rialacha Mondragon níl cead ag an mbainisteoir is sinsearaí níos mó ná naoi n-uaire an tuarastail is ísle sa chomharchumann a fháil.

Faigheann príomhfheidhmeannach Mondragon, comhlacht atá trí

Cuirfidh an NRA an locht ar gach rud faoin spéir seachas ar ghunnaí

Eoghan Ó Néill

An AR-15 'Bushmaster'. Úsáideadh gunnaí cosúil leis seo, chomh maith le hairm eile, chun daréag a mharú agus chun 58 eile a ghortú Dé hAoine na seachtaine seo caite i bpictiúrlann in Aurora, Colorado, SAM.

An Dara Leasú ar Bhunreacht Stáit Aontaithe Mheiriceá: *"A well regulated Militia, being necessary to the security of a free State, the right of the people to keep and bear Arms, shall not be infringed."*

Scríobhadh an leasú sin in 1787 le nach bhfágfaí an pobal riamh gan chosaint.

Ach scríobhadh é na céadta bliain ó shin do phobal a bhí ag troid i gcoinne daorsmachta. Achtaíodh é ag am nuair ab é an muscaed an t-arm tine ba choitianta.

Ní raibh muscaed clochthine ag James Holmes an oíche faoi dheireadh nuair a rinne sé sléacht ar dharéag i bpictiúrlann in Denver.

Bhí Glock marfach aige agus AR-15, raidhfil a scaoileann 100 piléir san am a thógfadh sé ort piléar amháin a scaoileadh ó mhuscaed.

Agus ní raibh Holmes ag cur i gcoinne daorsmachta, bhí sé ag iarraidh cáil a bhaint amach dó féin, cosúil le Mark Chapman, an fear a mharaigh John Lennon. Nó Eric Harris agus Dylan Kylebold, an dís a rinne sléacht ag ArdScoil Columbine, nó Anders Breivik, a mharaigh 77 duine cothrom an ama seo bliain ó shin.

Agus cosúil le gach duine dá bhráithre fuilteacha (nach díol suntais é gur fir a bhí iontu ar fad) ba cladhaire déanta é Holmes, bulaí den sórt is measa.

Seachas targaid a roghnú a bheadh in ann scaoileadh ar ais air, roghnaigh sé pictiúrlann lán de dhaoine óga nach raibh de chosaint acu ach grán rósta.

Chuir Holmes piléir i gcloigeann Veronica Moser, cailín 6 bliain d'aois, agus dhá philéar in Jessica Ghawi, bean óg a tháinig slán trí seachtainí roimhe sin ó shléacht a rinne gunadóir mire eile in Toronto.

Dhá dhuine dhéag, daréag eile a chuirfear leis an oll-líon de Mheiriceánaigh a maraíodh ar mhaithe le 'cearta' lucht iompar gunnaí a chosaint.

Gach lá scaoiltear, ar an mheán, 225 duine le gunna sna Stáit Aontaithe. Faigheann 80 duine acu sin bás, sin80 Meiriceánach a mharaítear gach uile lá de gach uile bliain.

Deán na suimeanna tú féin.

Cad é an praghas atá le n-íoc ag SAM as an 'ceart' seo ar ghunnaí a iompar?

Agus cad faoi cheart an duine ar a bheatha?

Tá Meiriceá ar maos le gunnaí – 200 milliún ar a laghad, dar leis an FBI. Ach tá coiriúlacht le gunnaí ag dul in airde. Agus an freagra atá ag an NRA air sin ná níos mó gunnaí!

Is léir don dall go bhfuil smacht de shórt éigin de dhíth ar ghunnaí i Meiriceá. Tá sin soiléir do gach duine ach amháin do Barack Obama agus Mitt Romney.

Níor luaigh ceachtar acu sin smacht ar ghunnaí agus iad ag déanamh comhbhróin an oíche faoi dheireadh.

Nuair a bhí seisean ina ghobharnóir ar Massachusetts d'achtaigh Romney dlí a chuir cosc ar raidhfilí ionsaithe.

Anois, tá sé imithe chuig an taobh eile.

An t-am a toghadh eisean, dúirt Obama gur mhaith leis smacht a chur ar raidhfilí ionsaithe, ach ní dhearna sé faic faoi.

Bhí sé de mhisneach agus de dhánacht, áfach, ag Michael Bloomberg, Ard-Mhéara Nua-Eabhrac, an bhréag a thabhairt.

"Tá binn-bhriathra go deas," ar seisean. "ach ba mhaith linn cloisteáil ón bheirt seo, cad go díreach a dhéanfaidh siad faoi ghunnaí? Thig liom a rá leo an rud a rinne muidne, d'achtaigh Reachtas Nua-Eabhrac dlíthe smachta gunnaí thar a bheith dian. Cad a dhéanfaidh siadsan?'

Tá Obama agus Romney ina dtost ó shin.

Bhí binn-bhriathara ó na maithe móra i ndiaidh Columbine. Agus Nickle Mines.

Agus Huston, agus Tucson.

Agus fiche eachtra eile.

Cad chuige nach ndéanfaidh na polaiteoirí é?

Gabh sa tóir ar an airgead!

De réir an *Center for Responsive Politics*, thug grúpaí atá i gcoinne smachtú gunnaí síntiúis ar luach $2.1m do 21 iarrthóir i dtoghchán 2010.

Thug lucht smachta gunnaí $5,300 do 7 iarrthóir.

Tá 49 brústocaire, a bhfuil buiséad $3.9m acu, ag cur cás an NRA agus a macasamhail in Áras na Comhdhála. Tá ceathrar brústocaire ó ghrúpaí atá i bhfách le smachtú ar ghunnaí agus buiséad $150,000 acu sin.

Le 10 mbliana anuas, thug brúghrupaí atá i gcoinne smachtú arm $24m d'iarrthóirí toghcháin. Tuairim agus $2m a chaith an dream atá ar son smachtú gunnaí.

Agus i ndeireadh na dála is gnó é an tionscail arm. Gnó a dhíríonn ar mhargadh sa bhaile mar aon leis an ollmhargadh thar lear. Gnó agus tionscail luachmhar a dhéanfaidh lucht gnó a chosaint.

Nascann an NRA cúrsaí gnó agus ceart bunreachtúil.

Cén seans go gcuirfeadh maithe móra Mheiriceá ina choinne sin?

Tá Meiriceá ar maos le gunnaí - 200 milliún ar a laghad, dar leis an FBI. Ach tá coiriúlacht le gunnaí ag dul in airde.

Agus an freagra atá ag an NRA air sin ná níos mó gunnaí!

Nuair a bheidh cead ag gach duine gunna ceilte a iompar i leabharlanna, in ollscoileanna, i siopaí, i kindergarten, i monarchana, is oifigí, in ospidéil, i dtithe pobail, agus nuair a bheidh gach teach agus áras lomlán de AR-15 agus de ghunnáin Glock agus Magnum, conas a mhíneoidh an NRA na sléachtanna?

Cuirfidh siad an locht ar scannáin Hollywood, ar chluichí ríomhaire, ar drochthuismitheoirí, ar an idirlíon, ar an rialtas Feidearálach, ar homaighnéasaigh, ar Mhoslamaigh, ar Michael Moore agus ar gach uile rud seachas ar ghunnaí a bheith ar fáil ar leac an dorais.

ag obair dóibh féin...

huaire níos mó ná an Kerry Group, tuarastal thart ar €150,000. Sea, tuarastal atá trí huaire déag níos ísle na Stan bocht.

An difir mór a bhí idir Denis Brosnan agus bainisteoirí eile ar chomharchumainn ná an fhís a bhí, agus atá fós, aige. Ní raibh aon fhonn ar Denis fanacht 'áitiúil'. Thuig sé go raibh bunábhar Chomharchumann Chiarraí, mar a thugtaí ar an gcomhlacht tráth, 'róbhunúsach', agus chun fás go mbeadh air straitéis an ghnó d'athrú ó bhun, ó bheith ag brath ar bhainne trí díriú ar chomhábhair bia - agus anois, tríocha bliain níos deireanaí, is iad an Kerry Group ceann de na comhlachtaí is mó sa ghnó sin ar domhan.

Ní raibh an fhís chéanna ag na feirmeoirí arbh leo na scaireanna a bhísa chomharchumann ag an am agus cosúil linn ar fad is dóigh go raibh brú airgid ar roinnt acu ionas go raibh siad sásta an struchtúr d'athrú agus a gcuid scaireanna a dhíol.

Rinne siad an-chuid airgid as - rud deas, ach n'fheadar an gcuireann éinne acu an cheist orthu féin cén fáth nár ghlac siad bóthar Mondragon agus comhlacht ollmhór a fhorbairt, comhlacht a bheadh fós in úinéireacht mhuintir Chiarraí go mór mór.

Is féidir argóint a dhéanamh gur thuig feirmeoirí an chomharchumainn ba agus bainne agus go raibh siad den tuairim nach mbeadh tuiscint acu ar chúrsaí bia. Ach níl

An rud nár thuig mé, agus nach dtuigim fós, ná cén fáth nach bhfuil comharchumainn mhóra láidre sa tír seo os rud é gurb é Horace Plunkett, duine dár gcuid féin, a bhí mar cheannródaí ar an gcomharchumannachas siar sna 1890idí.

dream níos fearr ná feirmeoirí chun tuiscint d'fháil ar nithe nua agus dá bharr is dóigh liom nach féidir a rá gurb shin an fáth go raibh fonn orthu úinéireacht an chomharchumainn a thabhairt d'infheisteoirí eachtrannacha.

Argóint eile, agus is cuimhin liom Denis Brosnan á rá seo liom agus é faoi agallamh, ná go mbeadh tóir ar chaipiteal ag an gcomharchumann chun forbairt a dhéanamh ar an gcomhlacht agus laghdú a dhéanamh ar an gcleithiúnas a bhí acu ar bhainne.

Dár le Brosnan, b'airgead é seo nach raibh teacht ag a gcuid feirmeoirí air ach chomh cliste agus atá siad, n'fheadar cén fáth nár ghlac stiúrthóirí an chomharchumainn treoir ó Mondragon agus an ábaltacht atá acu sin, ó bhunaigh sagart an comharchumann sna 1940idí, a theacht ar chaipiteal.

Go bhfios dom, níl aon struchtúr níos fearr bhun buntáistí féinspéise a thabhairt do chomhlacht ná nuair gur leis na hoibrithe an togra. Mar a dúirt mé ag an tús, is iad na húinéirí a mhúchann na soilsí agus is fíorannamh a chuirtear acmhainní amú.

Tugann struchtúr an chomharchumainn úinéireacht do na hoibrithe agus is ar a son féin a bhíonn siad ag obair. Nach bhfuil sé in am ag comharchumann éigin eile, b'fhéidir ceann atá faoi choimirce Údarás na Gaeltachta, iarracht aithris a dhéanamh ar na Bascaigh agus ar Mhondragon?

I MEASC AN PHOBAIL

Cuid de na páistí ó Champa Mhacha ar thuras dátheangach ag Páirc an Chrócaigh ag tús mhí Iúil.

Micléinn Fulbright ag Oideas Gael an samhradh seo in éineacht le hAire Stáit na Gaeltachta, Dinny McGinley, TD. Chun tosaigh ó chlé:Kathleen Cippolla agus Faber McMullinAr gcúl: Jonathan Whitcomb agus David Menees

Bhí dráma Samuel Beckett 'BLOGH' curtha ar stáitse don chéad uair as Gaeilge i Leabharlann na Ceathrún Rua Déardaoin seo caite. Bhí Peadar agus Marcus Lamb ag tógáil páirt ann. Chuir an comhlacht 'Mouth on Fire' ó Baile Átha Cliath an drama 'Come and Go' ar siúl i nGaeilge agus i mBéarla agus is iad na haisteoirí a bhí ag tógáil páirt na Geraldine Plunkett, Jennifer Laverty agus Melissa Nolan faoi stiúir Cathal Quinn. Is é Gabriel Rosenstock a d'aistrigh na drámaí go Gaeilge. Léigh Gabriel Rosenstock, Cathal Quinn agus Marcus Lamb roinnt próis agus filíochta de chuid Beckett. Bhronn Agnes Toohey ceanndealbh do Samuel Beckett le John Coll ar Mhéara na Gaillimhe, Thomas Welby, agus tá sé le feiceáil i Leabharlann na Ceathrún Rua.

Páistí campa samhraidh ag Clár Chlainne Mhuiris an tseachtain seo caite. Reáchtáil Togra Mhaigh Eo de Chonradh na Gaeilge, Caisleán an Bharraigh, an Campa Samhraidh.

John Delaney ón FAI ag déanamh an oscailt oifigiúil ar seastáin úra Ghleann Átha Aontaithe i dTír Chonaill. Ina chuideachta sa phictiúr tá baill an chlub, Ray Houghton ón FAI agus an tAthair Seán Ó Gallchóir, Sagart Paróiste Ghaoth Dobhair. [PIC. TOMÁS Ó CUIREÁIN]

Baill ó Chlub Ghleann Átha Aontaithe i dTír Chonaill i gcuideachta Ray Houghton ón FAI le linn a chuairt ar an chlub an tseachtain seo caite. [PIC. TOMÁS Ó CUIREÁIN].

Tura Arutura le páistí ó Champa Mhacha a bhain an-sult as ceardlann damhsa ag CLG Chláirsigh Ard Mhacha. Bhí 160 páistí i láthair ag Campa samhraidh a d'eagraigh Cairde Teo. in Ard Mhacha ag tús mhí Iúil. Bhí idir páistí gaelscoile agus páistí ó bhunscoileanna Béarla a bhí ag iarraidh cur lena gcuid Gaeilge.

Ghlac os cionn scór gasúr idir 4bl- 12 bl d'aois páirt i gCampa Spraoi Leitir Mucú i Scoil Leitir Mucú, Cinn Mhara i mbliana. Cuireadh réimse leathan gníomhaíochtaí ar bun ina measc cluichí, cócaireacht, ranganna fraincise, ceardlann eolaíochta, potadóireacht agus damhsa. Ba é téama an champa i mbliana ná 'Fionn & na Fianna' agus bhain na gasúir an- sásamh as na scéalta fúthu. Chuir Ronaldo Fanzini an fear grinn seó iontach ar bun do thuismitheoirí agus do ghasúir an champa.

Léigh baill de Chiorcal Scríbhneoireachta Ghaoth Dobhair sleachta as a leabhar gearrscéalta " Go Dtí an Lá Bán" i Leabharlann Ghaoth Dobhair, Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair , Dé Céadaoin seo caite. Seo cnuasacht gearrscéalta leis na scríbhneoirí Máire Dinny Wren, Máirín Uí Fhearraigh, Bríghid Ní Mhonacháin agus Síle Uí Ghallchóir a d'fhoilsigh Éabhlóid níos luaithe i mbliana. Bhí seo mar pháirt d'Fhéile Ealaíne an Earagail agus bhí ceol agus amhráin ón cheantar a chur i láthair ag na ceoltóirí agus amhránaithe, Cáit Nic Fhionnlaoich, Bríd Mhic Giolla Bhríde, Marina Nic Giolla Bhríde agus Kayla Reed. Ins an phictiúr chomh maith tá Anne Rennicks agus Laura McNutt ón leabharlann. [PIC. TOMÁS Ó CUIREÁIN]

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag pic@gaelsceal.ie Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta sna pictiúir agus cead faighte agat iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar www.gaelsceal.ie

NUACHT RÉIGIÚNACH

CONNACHTA NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Conamara

Deireadh le lucht tearmainn i gConamara – €10m. íoctha ag an Stát

Máirtín Ó Catháin

NÍ bheidh daoine atá sa tóir ar thearmann polaitiúil ag cur fúthu i gConamara as seo amach.

Cuireadh deireadh leis an gconradh a bhí ag an Stát i bhfoirgnimh Dhún Giobúin an tseachtain seo.

Aistríodh 73 duine as tíortha éagsúla a bhí ansin chuig ionaid eile ar fud na tíre. Taispeáineann figiúirí a chuir an Roinn Dlí agus Cirt ar fáil an tseachtain seo gur íoc an Stát amach cuid mhaith de €9m. sa tréimhse idir 1999 agus 2009 le húinéirí Dhún Giobúin as a gcuid seirbhísí. Dá mbeadh na blianta ó shin comhartha is cosúil gur gaire do €10m. a bheadh i gceist uilig.

I mí na Nollag 1999 a rinneadh an chéad shocrú i nDún Giobúin go mbeadh daoine a bhí ag éileamh tearmainn pholaitiúil ag fanacht ann. Bhí 100 ag fanacht san ionad sna blianta idir 2007 agus 2009.

Tháinig na daoine seo isteach as tíortha éagsúla, go leor as an Afraic ina measc.

Cé go raibh roinnt drogaill ar dhaoine in áiteacha ar fud na tíre roimh ionad mar seo i ndeireadh na 1990aidí ní raibh aon chonspóid sa gClochán.

Bhí Dún Giobúin agus an ceangal a bhí aige leis an bpobal sa gceantar ceaptha a bheith ina shampla d'áiteacha eile sa tír.

Tháinig athrú ar chúrsaí in 2009 nuair a rinneadh lucht tearmainn gearán faoi choinníollacha maireachtála i nDún Giobúin.

Chuaigh dream acu go Baile Átha Cliath chomh fada le hAirí Rialtais agus iad ag iarraidh go gcuirfí cóir níos fearr orthu. Ansin chuaigh leathscór eile acu ar stailc ocrais i nDún Giobúin ar an gcúis chéanna.

Ach tuairiscíodh freisin gur scríobh scór eile lucht tearmainn litir chuig an Roinn Dlí agus Cirt ag cáineadh na stailce ocrais. Dúirt lucht stiúrtha an Ionaid go raibh scrúduithe á ndéanamh ar an tseirbhís go minic agus go rabhthas sásta le Dún Giobúin. Socraíodh an t-aighneas de réir a chéile.

Dúirt an Roinn Dlí agus Cirt an tseachtain seo nach rabhthas ag déanamh aon chonradh eile le lucht Dhún Giobúin mar go bhfuil 12% de laghdú ar an líon daoine i bPoblacht na hÉireann anois atá sa tóir ar thearmann pholaitiúil. Bhí 5,749 ann an tráth seo anuraidh; 5,044 atá ann anois. Ghlac an Roinn buíochas le lucht stiúrtha Dhún Giobúin as an tseirbhís a bhí tugtha acu.

Is leis an gcomhlacht Connemara and Islands Heritage Tourism Ltd. a rinne an Stát socruithe faoi chonarthaí in imeacht na mblianta.

Rinneadh forbairt ar Dhún Giobúin i dtosach mar ionad do shiúlóirí agus do rothaithe agus do turasóirí tuaithe. Bhí baint ag an seandálaí agus an t-eagraí turasóireachta, Micheál Ó Giobúin, leis an bhforbairt.

Níor tugadh aon eolas dúinn nuair a labhair muid le lucht Dhún Giobúin an tseachtain seo: dúradh linn a dhul chun cainte le seirbhís eolais na Roinne Dlí agus Cirt.

I measc an eolais a thug an Roinn dúinn dúradar gur íocadh €8,757,000 uilig le Dún Giobúin go dtí deireadh 2009. Ní thugtar an t-eolas amach go dáta mar go mbíonn comhráití ar bun le dreamanna éagsúla faoi chonarthaí agus ní fheileann sé go mbeadh an t-eolas seo scaipthe.

Cumhacht nua i ndeireadh 2013 ach tuilleadh ag teastáil

Máirtín Ó Catháin

I NDEIREADH na bliana seo chugainn a bheidh bailchríoch ar an líne nua cumhachta as Gaillimh isteach go croílár Chonamara.

Dúirt seirbhísí Bhord Soláthair an Leictreachais an tseachtain seo go bhfuil siad leagtha ar an sprioc sin a bhaint amach fiú agus gur scéim oibre casta go maith atá i gceist.

Cúramaí timpeallachta is mo atá le láimhsiú ar chosán an chórais nua ach tá talamh anróiteach ann freisin.

Bóithre agus bealaí taistil sa sliabh is mo atá idir lámha ag an mBord Soláthair Leictreachais faoi láthair; táthar ag leagan bunchlocha freisin le haghaidh seastáin arda ar a gcrochfar na cáblaí.

Cé gur cúrsa anróiteach atá rompu, dúirt urlabhraí ó BSL nach bhfuil aon athrú ar an lear airgid a chosnóidh an scéim – sin €29m.

Dúirt urlabhraí BSL nach bhfuil aon phlean acu faoi láthair le tuilleadh leathnaithe a dhéanamh ar an gcóras láidir leictreachais i gConamara. 110 kv an chumhacht atá sa líne nua atá le feistiú anois; 38 kv atá sa líne isteach go Conamara faoi láthair.

Ach fiú nuair a bheidh an líne nua ag obair ní leor í le sruth mór leictreachais a thabhairt amach sa gcás agus go ndéanfaí forbairt ar fheilmeacha gaoithe i gConamara.

Dúirt BSL go mbeadh go leor staidéir le déanamh ar bhealaí le sruthanna láidre cumhachta a thabhairt isteach sa ngréasán náisiúnta dá dtógfaí muilte móra gaoithe – go háiríthe cinn amach ón gcósta.

Tá an plean le muilte gaoithe a fheistiú ar charraigreacha na Sceirde naoi míle siar san Atlantach ó chósta Charna ar an gceann ba mhó acu sin a bhí i gceist le roinnt blianta.

"An chraic" agus cac luaite le feachtas séarachais anois!

Máirtín Ó Catháin

CAC a bhí ar bun ag cuid de na cruinnithe faoi chúrsaí dabhachanna séarachais i gConamara, dar leis an gComhairleoir Contae, Séamus Breathnach.

Leagan Béarla den fhocal a bhí ag an gComhairleoir Breathnach ag cruinniú Chomhairle Contae na Gaillimhe Dé hAoine seo caite – "crap".

Bhí an Comhairleoir Breathnach ag míniú don Chomhairle nach raibh baint ná páirt aige le hagóid a bhí ar bun i bhfoirgnimh na Comhairle Contae i mí na Nollag anuraidh.

Ní maith a thaithnigh caint an Chomhairleora Breathnach leis an gComhairleoir Contae, Seosamh Ó Cuaig.

Ní raibh sé ag fáil aon mheabhair ar dhearcadh an Bhreathnaigh a dúirt sé. Dúirt Ó Cuaig go raibh sé bródúil as dream Chonamara agus nár dearnadh aon mhísc sa gComhairle Contae le linn na hagóide.

Bhí Seosamh Ó Cuaig ag labhairt in agallamh ar Raidió na Gaeltachta.

Cén dearcadh a bhí ag an gComhairleoir Séamus Breathnach ar chaint Uí Chuaig. "Níl tada le rá agam faoi," arsa an Comhairleoir Breathnach.

Seo é an dara huair, ar a laghad, ar tharraing na hagóidí faoi chúrsaí séarachais caint agus conspóid i gConamara.

Dúirt an tAire Comhshaoil, Phil Hogan, sa gClochán ar an dara lá de Mheitheamh seo caite go raibh "an chraic" ag lucht eagraithe feachtais ar cheist an tséarachais.

Gearránach go maith a bhí an eagraíocht, 'Glór na Tuaithe' faoi seo agus cheistigh an Teachta Dála Éamon Ó Cuív an tAire Hogan faoi sa Dáil.

Is ar éigin go bhfuil deireadh an scéal cloiste againn fós, ach an oiread.

Tá an toghchán don Chomhairle Contae beagnach dhá bhliain ó bhaile ach tá sé ag teannamh níos gaire chuile lá.

Dúirt an Comhairleoir Breathnach an tseachtain seo caite go mbeidh sé san iomaíocht arís agus tá chuile chosúlacht ar an saol go mbeidh Seosamh Ó Cuaig sa toghchán sin freisin.

Ábhar sách leochaileach í an téarmaíocht agus an chaint seo faoin ágóidíocht i gConamara atá faoi chaibidil anois.

Go deimhin, d'fhéadfadh sé go ndúiseofaí an chaint a rinne an Comhairleoir Breathnach an lá cheana ag ceann de chruinnithe Chomhairleoirí Chonamara amach anseo.

Má thárlaíonn sin is ar chrann an Chomhairleora Seán Ó Tuairisc (Fianna Fáil) a thitfidh cúrsaí eadarscáine.

Toghadh an Comhairleoir Ó Tuairisc ina chathaoirleach ar Chomhairleoirí Chonamara an tseachtain seo caite agus is í Eileen Mannion (Fine Gael) an leaschathaoirleach.

Marcus agus Peadar Lamb sa dráma Samuel Beckett "Rough for Theatre 1" i Leabharlann na Ceathrún Rua, Co na Gaillimhe. D'aistrigh Gabriel Rosenstock an dráma agus b'iad "Mouth on Fire" in éineacht le Axis Theatre Company a rinne an léiriú. [PIC: SEÁN Ó MAINNÍN]

Bhí lámh ag an gComhairleoir Contae, Seosamh Ó Laoi, sa scéim sin agus mheabhraigh sé do Chomhairleoirí Contae na Gaillimhe scaitheamh ó shin nach mbeadh an líne nua ach ag dul leathbealaigh siar an treo sin. Cuideoidh an chumhacht nua go mór leis an ngnáthsheirbhís tithe agus gnó ach theastódh a dhá oiread le freastal ar thionscail ghaoithe, a deir Ó Laoi.

Priontáil le coinneáil beo ach costas trom dul go Casla

Máirtín Ó Catháin

IS é costas an aistriúcháin as Indreabhán siar go Casla an dris chosáin is mo atá amach roimh an gcomhlacht Clódóirí CL faoi láthair. Ceaptar go gcosnóidh an t-aistriú siar suas le €60,000.

Táthar gaite bog agus crua ar Údarás na Gaeltachta ag iarraidh cúnamh uathu le cuid den chostas sin a ghlanadh ach níor éirigh leis an iarratas sin a dúradh.

Tá an costas aistriúcháin ard mar go gcaithfear meaisíní agus treallaimh eile a bhaint ó chéile, a iompar agus a fheistiú arís san áit nua.

Ualach an-trom orthu an costas seo a deir foinse sa gcomhlacht agus iad i mbun iarrachta le forbairt láidir a dhéanamh ar an ngnó priontála arís.

Ach cheadaigh Údarás na Gaeltachta deontas don chomhlacht nua ag tosú amach dóibh; tuigtear go bhfuil cúpla scór míle euro i gceist ansin.

Comhlacht nuabhunaithe é Clódóirí CL seo agus é gaite ag plé leis an ngnó priontála a bhíodh ag Clódóirí Lurgan ar feadh na mblianta.

Leachtaíodh comhlacht Chlódóirí Lurgain dá ndeoin féin níos túisce i mbliana.

Cheannaigh an fear gnó Bill Foley an trealamh agus tá beirt eile stiúrthóiri in éineacht leis anois sa gcomhlacht Clódóirí CL - sin iad Gearóid Ó Conghaile as ceantar Indreabháin agus Hugh McNally, fear a bhfuil go leor taithí gnó aige.

Cé go bhfuil an meaisín mór phriontála a fuair Clódóirí Lurgan in 2008 tugtha chun bealaigh tá an oiread trealaimh acu i gcónaí agus gur féidir leo coinneáil orthu i mbun na ceirde.

Beidh tuairim agus seisear ag obair i gCasla nuair a bheas an gnó athlonnaithe ansin, sin cúigear níos lú ná a bhí sa ngnó ag Clódóirí Lurgan nuair a leachtaíodh é.

Bhíodh cúig dhuine dhéag ag obair i gClódóirí Lurgan na blianta ó shin nuair a bhí rath ar an saol.

Ar an Eastát Tionsclaíochta i gCasla a bheidh Clódóirí CL lonnaithe; rinne Údarás na Gaeltachta socrú go gcuirfí an spás sin ar fáil dóibh ar ghnáth-íocaíochtaí cíosa.

Creideann lucht Chlódóirí CL go mbeidh siad in ann gnó sách maith a dhéanamh de bharr na n-athruithe atá déanta ó thit seanchomhlacht Chlódóirí Lurgan as a chéile.

Is é an t-aon athrú a bheidh ar na seirbhísí don chustaiméir ná nach mbeidh an obair dhaite chomh sciobtha céanna. Bhíothas in ann driopás a dhéanamh leis an bpriontáil dhaite ar an mheaisín mhór a cheannaíodh in 2008.

Bhí lámh ag an mbanc Deutsche Bank san inneall seo a raibh costas os cionn €700,000 ag baint léi.

Maigh Eo

Scoil Acla ag ceiliúradh an chultúir Ghaelaigh

BEIDH Scoil Acla ag déanamh ceiliúrtha ar an gcultúr Gaelach ó 29 Iúil go dtí 5 Lúnasa. Tá an imeacht ar an bhfód le breis is 100 bliain agus osclóidh an fidléir Tommy Peoples an fhéile go hoifigiúil ar an Luan, 30 Iúil, i dTeach Gielty.

I measc na n-imeachtaí beidh ranganna laethúla ceoil ar uirlisí éagsúla: an bosca ceoil, an bainseo, an fheadóg mhór, an consairtín, an fhidil, an cláirseach, an fheadóg stáin, an phíb uilleann agus an bodhrán. Is é an t-amhránaí agus boscadóir ó Chiarraí, Breandán Ó Beaglaíoch, an ceoltóir cónaithe i mbliana.

Beidh ceardlanna i scríbhneoireacht, rince, amhránaíocht ar an sean-nós, sníomh chiseán agus an cúrsa i gcanúint Ghaeilge Acla ar siúl chomh maith.

Mar aon leis na cúrsaí agus na ranganna ceoil, tá ceolchoirmeacha, léamha filíocht agus scríbhneoireacht cruthaitheach, seisiúin, siúlóidí agus léachtaí in áiteanna éagsúla ar fud an oileáin á mbeartú.

Beidh ceolchoirm iontach ar siúl ar an Aoine, 3ú Lúnasa ag 8.30 in Óstán Wavecrest. Ar an Satharn beidh taispeántas ag 3.00in lasmuigh den teach tábhairne 'The Pub' i nDumha Acha, ceolchoirm atá saor in aisce.

I measc na n-imeachtaí eile, beidh cnocadóireacht, iascaireacht, péinteáil, marcaíocht, surfáil, clársheoltóireacht, agus tumadóireacht scúba san áireamh.

Cois Fharraige

Síneadh ar chead pleanála d'eastát tithíochta in Indreabhán

Anton Mac Cába

THUG Comhairle Contae na Gallimhe síneadh cúig bliana ar an chead pleanála a fuair beirt forbairtheoir ar scéimeanna tithíochta ag Coill Bhruachláin, idir an Spidéal agus Indreabhán.

Tugadh na síntí do Diarmuid Clancy, a fuair cead pleanála i 2006; agus Cathal Conolly, a fuair cead pleanála i 2007.

Fuair Clancy cead i 2006 le 16 teach a thógáil. Chomh maith leis an síneadh ama, tugadh cead le hathruithe a dhéanamh ar dhearadh cuid de na dtithe.

San iarratas pleanála, tugann Clancy seoladh i Magh Cuilinn. Bhíodh sé ina stiúrthóir ar chomhlacht amháin, atá anois scaoilte.

Dúirt Connolly san iarratas don síniú ama, go raibh sé ag gníomhú thar cheann an 'Kyle Partnership'. Tá 62.5% de na sciaranna ann ag Connolly, an chuid eile ag beirt forbairtheoir eile.

Dála Clancy, fuair sé cead le hathruithe a dhéanamh ar dhearadh na dtithe. Tugann Connolly seoladh i gCill Cholgáin.

Tá Connolly ina stiúrthóir ar dhá chomhlacht i dtionscal na tógála agus na réadmaoine. Bhí sé ina stiúrthóir ar Kylebroughlan (Coill Bhruachláin i mBéarla), a scaoileadh dhá bhliain ó shoin. B'é gnó Kylebroughlan ná "Management of real estate on a fee or contract basis."

Ghearr an Comhairle Contae táillí forbartha €72,000 ar an Kyle Partnership as an bhforbairt, ach rialaigh an Bord Pleanála in éadán an táille.

COISTE GAIRMOIDEACHAIS CHONTAE NA GAILLIMHE

CÚNTÓIRÍ RIACHTANAS SPEISIALTA
(Scála Tuarastail: €23,188 - €37,339)

Cuirfidh an Coiste ainmnithe thuas fáilte roimh iarratais ó dhaoine cuícháilithe ar fholúntais lánaimseartha, pháirtaimseartha nó ionadaíochta a d'fhéadfadh a bheith i gceist inár scéim i gceantair Ghaeltachta nó Ghalltachta le linn na bliana acadúla 2012-2013. D'fhéadfaí painéil a bhunú freisin ag éirí as na comórtais seo.

Is féidir foirmeacha iarratais agus sonraí breise a íoslódáil ó shuíomh Gréasáin an Choiste ag **www.countygalwayvec.com.**
Spriocdháta le haghaidh iarratais a bheith faighte: **4.00 i.n., Dé Céadaoin, 8 Lúnasa 2012.**

D'fhéadfadh gearrliostú a bheith i gceist.

**Fáiltíonn an Coiste roimh chomhfhreagras i nGaeilge nó i mBéarla.
Tairgeann an Coiste raon seirbhísí trí Ghaeilge ach iad a iarraidh.**

**The Committee welcomes correspondence in Irish or English.
The Committee offers a range of services in the Irish language.**

Sínithe/Signed: Seosamh Mac Donncha, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

LAIGHIN NUACHT

Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelsceal.ie

BÁC

Comhairliúchán faoi fhorbairt an Chaisleáin Nua

TÁ tús curtha le comhairliúchán poiblí faoi phlean forbartha an Chaisleáin Nua in iardheisceart Bhaile Átha Cliath.

Mhéadaigh daonra an tsráidbhaile ó 1,506 in 2005 go dtí 2,659 anuraidh.

Tá níos mó talaimh timpeall an baile zónáilte le haghaidh tithíochta. Má thógtar na tithe seo d'fhéadfadh os cionn 2,000 duine eile a bheith ina gcónaí ann. Críochnóidh an tréimhse comhairliúcháin ar 3 Meán Fómhair.

Is féidir breathnú ar an bplean ar shuíomh idirlín Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas (www.southdublin.ie) agus in oifigí na comhairle i dTamhlacht agus i gCluain Dolcáin.

Eagrófar ceithre ócáid phoiblí in Ionad Pobail Naomh Finnian sa tsráidbhaile idir seo agus an 20 Lúnasa chomh maith. *CÓB*

Cill Dara

Tuilleadh fiosruithe á lorg faoi ionad tearmainn

TÁTHAR ag lorg tuilleadh fiosruithe maidir le hionad tearmainn do theifigh i nDroichead Nua, Cill Dara.

Shínigh 44 iarratasóir tearmainn in óstán Eyre Powell litir a sheoladh chuig an nGníomhaireacht Fáiltithe agus Imeasctha (Reception and Integration Agency) i mí Aibreáin seo caite ag sonrú a míshástachta faoin ionad. Sheol an gníomhaireacht freagra chucu le déanaí. Tá fáilte curtha ag na teifigh agus a gcuid tacadóirí roimh an bhfreagra ach tá siad ag ceistiú anois cén fáth ar thóg sé an méid sin ama ar an GFI aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna.

Tá an t-óstán á úsáid mar ionad tearmainn ó bhí 2003 ann agus tá beagnach 100 duine ann faoi láthair.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 25 Iúil, 2012

Tá conradh ón Roinn Dlí agus Cirt ag an gcomhlacht Cherryport Ltd chun an t-ionad a rith. Rinne áitritheoirí gearáin éagsúla ó shin i leith faoi na coinníollacha san ionad.

Mhaígh siad go raibh an tearmann salach agus go raibh fadhb le lucha ann agus go raibh an bia a chuireadh ar fáil dóibh as dáta nó lofa. Dúirt siad chomh maith go raibh drogall ar áitritheoirí gearán a dhéanamh ar eagla go gcuirfeadh sé isteach ar iarratas tearmainn s'acu.

Scríobh an GFI chucu le déanaí le rá go raibh fiosrú déanta ag an ngníomhaireacht agus ag comhlacht neamhspleách, QTS.

Dúirt siad gur dhírigh na fiosruithe ar an gcistin agus ar an seomra bia ach go háirithe agus go raibh 'glanadh cuimsitheach' déanta orthu ó shin i leith. Dúradh chomh maith go raibh athruithe déanta ar uainchlár na foirne lena chinntiú go raibh go leor daoine ag obair sa seomra bia chun seirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil do na háitritheoirí. Cuireadh córas nua i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil go leor bia ann chomh maith, de réir an GFI. Dhearbhaigh Oifigeach Sláinte Comhshaoil chomh maith go raibh an t-ionad saor ó 'lot-naidí'.

Mhaígh an GFI go bhfuil an caidreamh idir na háitritheoirí, bainistíocht an ionaid agus an ghníomhaireacht feabhsaithe go mór ó mhí Aibreáin agus dúirt siad sa litir nár cheart go mbeadh drogall ar bith ar na teifigh gearán a dhéanamh.

D'eisigh na háitritheoirí ráiteas tar éis dóibh an litir a fháil ag rá gur cheart fiosrú a dhéanamh faoin bhfáth nár réitíodh na fadhbanna níos luaithe. Mhaígh siad chomh maith go raibh a fhios ag an mbainistíocht cén uair a bheadh fiosruithe ar siúl, in ainneoin go raibh siad ceaptha a bheith gan choinne.

Mhol siad don Aire Dlí agus Cirt, Alan Shatter, coiste a bhunú lena chinntiú go gcuirfear na feabhsaithe a rinneadh le déanaí i bhfeidhm amach anseo. *CÓB*

Baile Átha Cliath

Cluiche mór do na Gaeil Óga

Colm Ó Broin

BEIDH ceann de an cluichí is tábhachtaí i stair na nGael Óg ar siúl amárach nuair a thabharfaidh siad aghaidh ar Chumann Chaoimhín Chillian.

Má bhíonn an lá le Foireann A na nGael Óg in éadan an chlub ó Chill na Manach, beidh céim shuntasach tógtha acu i Roinn 10 Bhaile Átha Cliath Theas.

Tá cuntas foirfe ag an bhfoireann i mbliana le seacht mbua as seacht gcluiche. Bhí farasbarr mór ag an bhfoireann i roinnt mhaith de na cluichí sin freisin.

Tá siad ar bharr na sraithe le 14 pointe, ceann amháin chun cinn ar Naomh Chaoimhín Chillian agus Sáirséalaigh Leamhcáin. Tá naoi gcluiche imeartha ag na Sáirséalaigh, áfach.

"Tá Naomh Caoimhín Chillian anláidir, níl cluiche caillte acu i mbliana," arsa Eoghan Ó Murchú, Oifigeach Caidreamh Poiblí na nGael Óg.

"Bhí comhscór amháin acu agus sin an fáth go bhfuil muid chun cinn orthu sa tsraith. Bíonn muid ag iarraidh gach cluiche a bhuachan ach is é seo an cluiche is dúshlánaí a bhí againn go dtí seo.

"Tá an-feabhas tagtha ar an bhfoireann le bliain anuas ó thaobh traenála agus aclaíochta de agus tá roinnt mhaith imreoirí nua faighte againn chomh maith," ar seisean.

Beidh an cluiche ar siúl i bPáirc an Fhionnuisce ag 7.15in agus tá an cumann ag iarraidh ar Ghaeilgeoirí an chontae a theacht agus tacaíocht a thabhairt don fhoireann.

Loch Garman

Gearáin faoi thuirbíní gaoithe i mBun Clóidí

EAGRAÍODH cruinniú i mBun Clóidí le gairid chun imní a léiriú faoin méid tuirbíní gaoithe atá ceadaithe don cheantar. Dúradh ag an gcruinniú in Óstán Millrace go raibh cead pleanála tugtha ó bhí 2006 ann chun 11 fheirm ghaoithe a thógáil in achair cúig mhíle ón mbaile in iarthuaisceart Loch Garman. Bheadh 50 tuirbín sa cheantar dá dtógfaí na feirmeacha ar fad, de réir Chomhairle Pobail Bhun Clóidí.

Tá trí fheirm tógtha go dtí seo ach tá siad ar fad níos mó ná ceithre mhíle ón mbaile.

Dúirt áitritheoir ón gceantar, Lorna Moorhead, nach bhfuil siad in éadan thuirbíní gaoithe ach go bhfuil siad ar buille toisc nach raibh aon chomhairliúchán leis an bpobal áitiúil maidir leis na forbairtí.

"Níl aon fhadhb againn le cumhacht na gaoithe, tá muid buartha faoi líon na dtuirbíní agus líon na bhfeirmeacha sa cheantar a ceadaíodh," ar sise.

"Ní dhearnadh comhairliúchán ceart leis an bpobal roimh ré agus sáraíonn na feirmeacha seo plean forbartha an chontae."

Dar leis an gcomhairle pobail, níor cuireadh tionchar carnach na dtuirbíní san áireamh agus cead pleanála á thabhairt dóibh. Léirigh an chomhairle pobail imní faoi thorann na dtuirbíní ag an gcruinniú mar aon leis an tionchar a bheadh acu ar radharcanna agus an 'éifeacht stróib' a bheadh acu ar an solas.

Rinne Phil agus Catherine Hickey, lánúin ón mBaile Loiscthe (baile fearainn sa cheantar), gearán ag an gcruinniú faoi thuirbín a tógadh 360 meadar óna dteach. Dúirt siad go raibh torann an tuirbín ag cur isteach orthu go mór agus go raibh a sláinte thíos leis dá bharr. Dúirt siad go raibh tionchar diúltach ag an tuirbín ar phraghas a dtí chomh maith. *CÓB*

Rinne Catherine Hickey gearán ag an gcruinniú go raibh tuirbín gaoithe suite 360 meadar óna teacht.

Lú

Comóradh 100 bliain Choláiste Bhríde Ó Méith

TÁTHAR ag eagrú imeachtaí mar chuid de chomóradh bhunú Coláiste Bhríde Ó Méith Mara i Mí Lúnasa 1912.

Bhí clú ar Ghaeltacht Ó Méith ag tús na haoise seo caite agus thug scoláirí ar nós Donn Piatt, Pádraig Mac Piarais, an Dr Séamus Ó Ceallaigh agus Dhubhglas de hÍde cuairt ar an gceantar.

Dhúin an t-ionad i lár na 1920í agus aistríodh é ó Chontae Lú go Rann na Feirste, áit ina bhfuil Coláiste Bhríde faoi bhláth i gcónaí.

Tá Gaeil Oirialla ag pleanáil imeachtaí le bunú an Choláiste céad bliain ó shin a cheiliúradh.

Tá trí ghrúpa logánta ag obair as lámh a chéile le sraith ócáidí a eagrú: Cumann Staire Ó Méith, Craobh an Iúir de Chomhaltas Uladh, agus Gaeltacht oirdheisceart Uladh i gcomhpháirt leis an gCiorcal Comhrá i gCorr na Muclach.

Beidh an comóradh ag toiseacht le dianchúrsa Gaeilge do gach leibhéal ón 17-19 Lúnasa. Beidh na ranganna lonnaithe in Óstán na Trá, Ó Méith, áit ina raibh Eoin Mac Néill ag stopadh le linn dó a bheith mar Ard-Ollamh ar Choláiste Bhríde. Tá tuilleadh sonraí ar fáil ag sean.macdiarmada@gouladh.ie

Beidh taispeántas ar stair Choláiste Bhríde á reáchtáil ag Craobh an Iúir-Gaeláras Mhic Ardghail i gClubtheach Chumann Naomh Eoin Boscó CLG, Iúr Chinn Trá, agus i mBunscoil an Iúir, ó 7-11 de Mheán Fómhair.

Beidh oíche cheoil le Dominic Mac Giolla Bhríde ar an Aoine 7 Meán Fómhair i gCumann Bosco agus léacht an lá dár gcionn sa chlub ón Dr Ciarán Ó Duibhinn, saineolaí ar Ghaeilge Oirthear Uladh. Déanfar póstaer agus leabhrán cuimhneacháin a láinseáil fosta. Is féidir níos mó eolais a fháil ó www.iurchintra.ie níos cóngaraí don am.

Beidh formhór na n-imeachtaí ar siúl in Ó Méith féin agus cuirfear tús leo ar 14 Meán Fómhair san Óstán Gran Vue le léacht ar Choláiste Bhríde le Seán Ó Coigligh, Dún Dealgan, seisiún leis an amhránaí áitiúil Pádraigín Ní Uallacháin, agus le seoladh leabhair ar stair Choláiste Bhríde leis an Athair Barney King.

Ar 15 Meán Fómhair, beidh turas thart faoi na foirgnimh a bhain le Coláiste Bhríde. Críochnófar an ceiliúradh Dé Domhnaigh 16 Meán Fómhair le hAifreann in Eaglais Naomh Lorcáin, agus le rás curach trasna an locha, ó Rinn Mhic Giolla Rua go hÓ Méith. Is féidir an clár iomlán a fháil ag www.omeath.ie.

Rinneadh taifead ar chainteoirí dúchais Ó Méith agus is féidir éisteacht le roinnt acu ag www.dho.ie/doegen/ga.

MUMHAIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Scéalta Chorca Dhuibhne

Breandán Mac Gearailt

Féile na Naomhóg i bhFionn Trá

CIBÉ an bhfuil brothall an tsamhraidh tagtha nó ná fuil, tá séasúr na Ráiseanna Naomhóg nó na Regeaití tagtha agus is gnáthach go mbíonn an chéad Fhéile ar bun i bhFionn Trá.

Is amhlaidh atá i mbliana agus beidh an gabhar á róstadh agus gaiscígh fir, mná agus ógánaigh buille ar bhuille le chéile treasna an Chuain ar an ndeireadh seachtaine seo chugainn.

"Beidh an Satharn ar tír ag an bhféile agus an Domhnach cuid mhaith ar an bhfarraige," arsa Siobhán Ní Dhuibhir, atá bainteach leis an ócáid le blianta maithe.

Ar an Satharn beidh siúl an pharóiste ann, spraoi rothaíochta agus Tráth na gCeist Boird i dtábhairne an Chuinnnigh tráthnóna Dé Sathairn.

Ar an nDomhnach beidh comórtais ar siúl mar, Feis Filíochta, Feis Rince , Cic Fhada, Caitheamh Cruite agus comórtas teoranta filíochta dár téama 'An Aimsir'. Ar an bhfarraige a bheidh príomhchomórtais na Féile a bheidh ag tosú ar 1.30 pm. ar an nDomhnach leis an Rás fé 18 bl. fir, Rás mór na bhfear agus ina dhiaidh sin Rás fé 12 bl. Beidh cothromaíocht ann dos na mná, mar is ceart, le Rás Mór na mBan, Rás fé 18b. Ansan beidh Rás Beirte, fear agus bean, Rás fé 16 bl. do mhná agus Rás Kayak.

Cuirfear deireadh leis an lá le ráiseanna aonair agus Rás measctha, beirt fhear agus beirt bhan ins gach naomhóg.

Deir Siobhán linn, "má bhíonn Ciarraí ag imirt agus measaimid go mbeidh, ar an Satharn, tabharfar caoi do dhaoine féachaint ar an gcluiche."

Le dorn blianta tá an dearg ádh ar Ráiseanna Fhionn Trá mar is gnáthach an uain a bheith go hálainn agus sa chás go mbíonn, bíonn comórtais ar siúl, mar thógaint Caisleán sa ghainimh do pháistí. Anuraidh, dúirt Meiriceánach go mbeadh sé ar ais i mbliana le páirt a ghlacadh sa chomórtas caitheamh cruite, comórtas gur bhain sé antaithneamh as agus a mheall scata eile chun imeartha.

Oirniú sagart agus spioradáltacht ársa i Múscraí

Concubhar Ó Liatháin

CAINTEOIR dúchais, ceoltóir agus amhránaí cumasach agus, anois, sagart nua-oirnithe. Oirníodh Damien Ó Loingsigh ó Chúil Aodha ina shagart ag searmanas dátheangach i Séipéal Naomh Abán i mBaile Bhuirne Dé Domhnaigh.

Nuinteas an Phápa, a Shoilse, an tArd-Easpag Charles Browne, an príomhcheiliúraí a bhí ag an searmanas ina raibh 81 sagart eile páirteach agus bhí Cór Chúil Aodha fé stiúir Pheadair Uí Riada i mbun an cheoil, mar aon le cantairí eile.

"Tá an t-ádh liom a bheith ábalta gairm mo bheatha a chomhlíonadh," a thug an tAthair Damien le fios do Ghaelscéal. "Go deimhin ó bhí mé an-óg, theastaigh uaim a bheith im' shagart agus táim faoi chomaoin ag mo thuismitheoirí a thacaigh liom agus mo sheantuismitheoirí as ar eascair síol mo chreideamh."

Aon mhac le Gerard agus Nóra Uí Loingsigh é Damien agus ba léir do mhuintir Chúil Aodha go raibh cinniúint ar leith i ndán don fhear óg seo agus é ag fás suas ina measc.

Rinne an tAthair Damien a chéad Aifreann mar shagart a cheiliúradh i gCúil Aodha oíche Dé Luain agus bhí oíche go maidin ina dhiaidh sin i gcóisir phobail sa halla áitiúil, Áras Éamoinn Mhic Suibhne.

An tAthair Damien Ó Loingsigh.

Beidh an tAthair Damien i mbun staidéir i Maigh Nuad go dtí mí na Samhna, áit a bhfuil sé ag críochnú céim sa diagacht,.

Níl a fhios fós cá mbeidh a chéad pharóiste ach is cinnte gur níos Gaelaí agus níos ceolmhara a bheidh an pobal sin dá bhuíochas!

Bhí go leor oibre déanta le roinnt seachtainí anuas ag meitheal do dhaoine áitiúla a rinne slachtú agus snasú ar an tsráidbhaile don ócáid seo. Tá creidiúint ach go hairithe ag dul do Mháirtín Ó Riordáin agus do Jerh Ó hÉalaithe ó Chomhaltas Cosanta Ghaeltacht Chúil Aodha.

Má bhí spioradáltacht Chríostaí le mothú san aer i Múscraí ag an deireadh seachtaine, bhí spioradáltacht níos ársa arís le tabhairt faoi ndeara Déardaoin seo caite nuair a tháinig buíon ceoltóirí Maori ar cuairt go Cúil Aodha.

Bhí buíon 'Green Fire Islands' ag teacht go Cúil Aodha, ar chuireadh ó Pheadar Ó Riada, chun ómós a thabhairt do shinsear na háite agus fearadh fáilte fileata agus ómósach rompu.

Ba cheann de na stadanna deiridh é seo ar thuras Green Fire Islands go hÉireann. As seo, bhí siad ag tabhairt aghaidh ar Londain chun príomhpháirt a ghlacadh ar an ardán ag ócáid mhór chultúrtha a bhain leis na Cluichí Oilimpeacha i Londain. Leo ar ardán, bheadh fear eile ó Chúil Aodha, Iarla Ó Lionáird, agus an giotáraí, Steve Cooney. Tuilleadh eolais ar www.greenfireislands.com.

Ag searmanas speisialta cois an tSuláin, ar an láthair a tionóladh aeraíocht Fhéile na Laoch anuraidh, tugadh ómós do dhá chultúr ársa agus thug na hionadaithe ón dá thaobh láimh dá chéile agus chuimil éadan a chéile i siombail dá mbuanchairdis.

Cé gur nós cogaidh é an Haka, deineadh anseo é mar chomhartha charadach agus canadh amhráin i dteanga dhúchais na Maori agus, má canadh, fuair siad freagra ó phlúr na n-amhránaithe ó Mhúscraí a bhí i láthair.

Ina dhiaidh sin, bhí féasta sa Halla agus oíche cheolmhar ansan agus sa Mhuileann i mBaile Bhuirne.

Ba í Bronwen Christianós, fiontraí ealaíne, a chum an turas seo agus dar léi gur beart d'fhíodóireacht chosmach a bhí i gceist, ag tabhairt dhá chultúr a brúdh faoi chois le chéile mar seo. "Táimíd ag iarraidh an t-am a stopadh ar feadh seal, ní ar mhaithe le rá le daoine céard atá le déanamh ach chun a rá leo go raibh rogha acu agus go mba cheart rogha a dhéanamh."

Dar léi, tá na géarchéimeanna éagsúla ar fuaid an domhain, agus an ghéarchéim airgid, go hairithe, ag teacht mar thoradh ar fhorbairt nach bhfuil inmharthanach ach a leanann ar aghaidh mar sin féin.

Cad a tháinig ar Chiarraí?

IS mór an chlaochló a thagann i seachtain i gcúrsaí caide/peile. Bhí Ciarraí in ísle brí tar éis an scanradh a thug an Iarmhí dóibh, ach ní thuigeann aon duine cad as a tháinig an teaspach gan choinne ar an Satharn seo caite.

Ba dhóigh leat gur draíocht éigin,

An Rinn

Cead do Lóiste Iascaireachta diúltaithe

Antón Mac Caba

DHIÚLTAIGH an Bord Pleanála d'iarratas pleanála faoi choinne lóiste iascaireachta ag Baile na Cúirte Theas, sa Rinn i gCo. Phort Láirge le gairid. Dhiúltaigh Comhairle Contae Phort Láirge cead don bhforbairt céanna anuraidh.

Ba é Mike Rule a bhí ag cur isteach ar an bhforbairt. Ar an iarrtas pleanála, thug sé seoladh i Lancing, Sussex, Sasana. Bhí cúig seomra d'aíonna le bheith sa lóiste, chomh maith le dhá sheomraí eile don úinéir agus a theaghlach.

Dar leis an iarrtas pleanála, mheallfadh an lóiste iascairí slaite isteach sa cheantar: "Beidh forbairt an Lóiste Iascaireachta seo ar leas gheilleagair an cheantair, go luath agus sa bhfadtéarma," a dúradh.

Bhí an bhforbairt le bheith ar thalamh ard, os cionn na farraige. Bhí sé le bheith 21 méadar ar airde, agus 408 méadar cearnógach. Dhiúltaigh idir an Bord Pleanála agus an Chomhairle Contae don bhforbairt ar an mbonn go raibh sé rófheiceálach; go gcuirfeadh sé isteach ar an timpeallacht: agus go raibh sé taobh amuigh d'áit lonnaithe ina gceadaítear a leithéidí.

Ceann Heilbhic, Gaeltacht na Rinne

Bhíodh, in am amháin, gnó dramhaíola ar an suíomh áirithe sin, ach tá sé sin druidte le tamall maith de bhlianta anois.

gael-taca
CORCAIGH LE GAEILGE

Ta Gael-Taca ag lorg:

CÚNTÓIR CAIFÉ AGUS MIONDÍOLA

i gcomhair caifé agus siopa nua sa chathair.
Ní mór ardchaighdeán sa Ghaeilge a bheith aige nó aici.

Le tuilleadh eolais, cuir glaoch ar **Adrian @ 086 0817873,**
nó seol ríomphost chuig: **eolas@gael-taca.com**

Gael-Taca, 22 Port Uí Shúilleabháin, Corcaigh.
Fón: 021 4310841

www.gael-taca.com

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 25 Iúil, 2012



Marc Ó Sé, An Ghaeltacht agus Ciarraí ag imirt in aghaidh Thír Eoghain Dé Domhaigh [PIC : DIARMUID GREENE / SPORTSFILE]

nó geasa a bhí curtha orthu, nuair a casadh ar Thír Eoghain iad.

Ba léir go raibh sean-chúiseanna le cur ina gceart agus mura n-éireodh leis na Ciarraígh a gcairde aduaidh a chloí, "bheadh orthu dul ar imirce," arsa fear magaidh ó Thrá Lí.

Níl aon tuairim agamsa cad as a tháinig an fuinneamh dosháraithe, an díograis, an neart agus an sár-imirt. Má leanann an teaspach seo is beag a bheadh ag tnúth bualadh leo, ach má thréigeann na geasa iad, bheidh sé fuirist breith ar eireaball orthu, dar leis an bhfear magaidh úd ó Thrá Lí .

Mheas Donie Ó Súilleabháin, iarghaiscíoch le foirne sinsir peile Chiarraí, "níl Tír Eoghain comh maith agus a bhíodar. Nuair a bhí cúrsaí ag dul ina gcoinne d'éiríodar lán d'fhrustachas, rud nár chabhraigh leo. Beidh sé tamall eile sula mbeidh Tir Eoghain ar a sean-léim arís," arsa an Súilleabhánach.

Feirmeoirí idir dhá chomhairle

TÁ feirmeoirí idir dhá chomhairle na laethanta seo, an ndíolfaidh siad a gcuid beithíoch fiú is go bhfuil titim sa phraghas do suas le €60 i gcás gach beithíoch.

Tá an dála céanna fíor i gcás na gcaorach, mar arís an t-am seo bliana nuair a thagann scata uan agus caorach ar an margadh, tagann titim ar na praghsanna ar feadh tamaill.

Ach is dócha gurb é an scéal a bhí le clos go raibh margadh na Liobáine an stoic agus na gcaorach le oscailt do thíortha mar Éire, go luath.

Rud eile ná go bhfuil uain 33/34 kg ag déanamh beagnach chomh maith le cinn atá 37 nó 38 kg. Mar sin féin, dá mhéid é eolas agus eagna feirmeoirí,bhíodh buntáiste sa phraghas acu siúd a choimeádfadh a gcuid uan go lár go deireadh Lúnasa, nuair a bhíodh siad 42- 44 kg. Is dócha gur mar sin a bheidh, ach fé láthair tá an-éileamh ar an uan beag córach.

Gan amhras, má thagann feabhas ar an aimsir agus caoi ag feirmeoirí sadhlas a bhaint, neartóidh praghsanna, ach mura dtarlaíonn, beidh an iomarca á gcoimeád don 'Lá maith'. Fáidh a réiteodh.

Rialtas cáinte ag Fianna Fáil Bhaile an Fheirtéaraigh

I RÁITEAS an tseachtain seo, cáineann Cumann Fhianna Fáil Pharóiste an Fheirtéaraigh an rialtas as, 'an sléacht', dar leo, atá ar bun ag an Rialtas ar an nGaeltacht, an Ghaolainn agus ar phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge. "Bhí an chloch sa mhuinchille riamh ag cuid acu siúd i bhFine Gael don Ghaeilge agus don náisiúnachas," deir an ráiteas, "ach anois tá sé le braith i bhfianaise nithe éagsúla, mar an bhagairt ghránna ar gharraíodóir le heagras stáit i nDún na nGall agus ar Ghardaí, go bhfuil an sean-fhaisisteachas ag teacht ar barra, rud atá an-bhaolach," dar leo.

Dar le Cathaoirleach an Chumainn, Tomás Ó Crualaoidh go bhfuil éadan an-teann ar aon Aire a déarfadh go raibh Teachtaí Dála ag cliseadh ar an daonlathas nuair a shiúladar amach an lá cheana le linn plé an Bhille Gaeltachta agus an rialtas céanna tar éis daonlathas a bhaint scon scan gan chúis na hábhar de mhuintir na Gaeltachta, trí dheireadh a chur le Toghachán Údarás na Gaeltachta agus gan iad sásta glacadh fiú le leasú amháin as 150 leasú a mhol an freasúra.

Dar leis, gur 'beart suarach' é seo le greim docht a fháil ar an Údarás agus é a thachtadh de réir a chéile ar son a dtáir chumhachta féin. "Ní leithscéal ach masla d'aon duine é, go mbeadh Aire Gaeltachta againn ná fuil líofacht na Gaolainne aige agus is léir gan aon tsuim aige í a fhoghlaim," arsa an Crualaoich.

Measann sé gur náire shaolta do pháirtí an Lucht Oibre é, a bheith páirteach sa "scrios gan iarraidh gan chéill, óir bhí sprid na Gaeilge luaite le go leor den Lucht Oibre riamh. Mo náire iad," arsa Tomás, "agus glac leis go bhfuil go leor daoine a chuimhneoidh ar a neamhaird ar an nGaeltacht agus todhchaí na teanga."

Féile Lúnasa Chlocháin Bhréanainn

BEIDH Féile Lúnasa Chlocháin Bhréanainn ar siúl ón 26ú go dtí an 30ú lá den mhí seo. is é Darragh Ó Sé a osclóidh an Fhéile i Halla 'Le Chéile' ar an Aoine agus beidh féasta de chomórtais agus do thaispeántais ann, ó thosach go deireadh.

Ar na príomh-imeachtaí beidh siúlóid go Barr Chnoc Bhréanainn; oíche mór imirt pócair, triatlon, comórtais bearrtha caorach, tarrac téide, comórtas dealbhadóireachta, comórtas 'buscála', drámaí, margadh na bhfeirmeoirí, mórshiúl leis na Drumadoirí Sambacushla, lúthchleasaíocht, comórtas bréagfheisteas agus iliomad banna ceoil. Is sa 'Tinteán Ceoil', mar a reáchtáileann Máire Uí Bheaglaoi oíche cheoil gach seachtain, a bronnfar na duaiseanna agus beidh Banríon na Féile, Michelle Ní Aongusa, i láthair dó sin.

Beidh ceol traidisiúnta agus bia ins gach tábhairne le linn na Féile, deirtear linn. Mairg a bheadh ocrach.

Scéal Báis, Máirín Feirtéar

AR an Satharn seo caite is ea chualamar go raibh Máirín Feirtéar ó Chathair Caoin, Baile an Fhirtéaraigh tar éis bháis. Bhí Máirín, go raibh an naoi déag agus trí fichid slánaithe aici, go seabhrach go dtí le deireannas. Leagan a fuair sí agus as san d'eascair niúmóine, a mhairbh í. Iarmhúinteoir náisiúnta agus meánmhúinteoir ab ea í a raibh cáil uirthi as fheabhas a scileanna múinteoireachta.

Bhí sí ar fhoireann Choláiste an Phiarsaigh ón gcéad lá agus bhí sí ina Leas-Phríomhoide ar feadh blianta maithe ann. Chaith sí a saol múinteoireachta san Ardchathair áit a thaitin thar barr léi. Mar aon le ceard na múinteoireachta, bhí an-eolas agus suim aici sa bhfilíocht, san ealaíon, sa drámaíocht agus, thar aon ní, sa 'dea-Ghaolainn'.

Nuair a scoir sí ón múinteoireacht bheartaigh sí filleadh ar an bhfód dúchais. Ó shin i leith bhí baint nach beag aici le cúrsaí filíochta, litríochta, ealaíon, teangacha agus drámaíochta.

Is mó san duine a bhí i mbun pinn a d'iarr a cabhair agus a comhairle rud a bhí coitianta ar fáil go fonnmhar. Bean ab ea í go mbíodh an dea-scéala aici i gcónaí, mar a dúirt cara dá cuid, "ní raibh riamh aici ach an taobh geal don scéal".

Cuireadh a corp i gcré na cille i reilig Dhún Urlainn, ar an Luan seo caite.

Maireann gaolta léi.

ULAIDH NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Deisceart Uladh thíos leis an fhánaíocht

Anton Mac Cába

TARLAÍONN fánaíocht neamhbheartaithe (inadvertent roaming) do 30% d'iomlán úsáideoirí fón póca i nDeisceart Ard Mhacha agus i nDeisceart an Dúin achan lá.

Tarlaíonn 'fánaíocht neamhbheartaithe' nuair a bhíonn úsáideoir ar thaobh amháin den teorainn ag fáil comhartha ón taobh eile.

Tharla fánaíocht neamhbheartaithe do 97% d'úsáideoirí sa dá cheantar in am éigean. Tugadh an teolas i dtuarascáil nua ón OFCOM, an rialtóir cumarsáide ó Thuaidh.

Is mó d'fhadhb ag muintir an Tuaiscirt é, áfach, mar ar chúiseanna difriúla, bíonn na comharthaí ón bPoblacht níos fearr.

Ní sa cheantar cois teorann amháin atá sé seo ina fhadhb. Tá sé ina fhadhb mhór in Oirthear Dhoire isteach go tuaisceart Aontroma chomh maith.

De réir an OFCOM, tharla sé in am éigean do 75% d'úsáideoirí ansin. Tagann an comhartha trasna na farraige ó Inis Eoghan i nDún na nGall agus téann sé chomh fada soir le Baile an Tuaighe i gContae Aontroma. Tá sé sin cúig mhíle siar ó Bhaile an Chaistil.

Dúirt Aileen McShane ó Bhaile an Tuaighe go dtarlaíonn sé go minic go mbíonn úsáideoirí ar an gcomhartha as Inis Eoghan agus iad ag an gcé atá thart ar thrí ceathrú míle ón tsráidbhaile.

"Fadhb uafásach é," ar sise, "agus tá sé iontach costasach." Dar léi go bhfuil an fhadhb níos measa de réir mar a théann tú siar ón mbaile.

Ní sna ceantracha seo amháin atá an fhánaíocht ina fadhb ach ar fud na teorann. Minic go maith, tig le húsáideoir ar phríomhshráid Achadh na Cloiche i dTír Eoghan a bheith ar chomhartha deisceartach.

Tá an fhánaíocht costasach. Mar shampla, tá an comhlacht 02 ag fei-

Mic léinn Ghaeilge ag cur borradh mór fá cheantar Ghaoth Dobhair

TÁ beagnach 200 mac léinn ó Choláiste Hibernia, Baile Átha Cliath, i ndiaidh tús a chur le cúrsa trí seachtainí i nGaoth Dobhair mar pháirt den Ard-Dioplóma sna Dána (Bunoideachas). Tá an cúrsa á reáchtáil ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Coláiste lánGhaeilge de chuid OÉ, Gaillimh.

Dúirt Príomhoide an chúrsa, Diarmaid Ó Tuama, go raibh sé breá sásta leis an dóigh a raibh rudaí ag dul:

"Tá foireann teagaisc den scoth againn agus tá na háiseanna san ionad agus sa cheantar thar barr. Tá na mic léinn ag baint an-sult as agus tá siad ag foghlaim neart Gaeilge."

Mhínigh Riarthóir Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge (Gaoth Dobhair), Éamonn Mac Niallais, go bhfuil borradh mór fá cheantar Ghaoth Dobhair ó thus na míosa de bharr na mac léinn uilig:

"Bhí 60 duine fásta anseo ag tús na míosa fá choinne cúrsa Ghael Linn. Thóg cuid acu a dteaghlaigh leo go Gaoth Dobhair. Beidh an grúpa mór ó Choláiste Hibernia anseo go deireadh na míosa."

Lean Mac Niallais ar aghaidh agus mhínigh sé go bhfuil ról ríthábhachtach le himirt ag an phobal le linn chúrsaí an tsamhraidh:

Mic Léinn Hibernia, Baile Átha Cliath, atá ag freastail ar chúrsa trí seachtainí i nGaoth Dobhair mar pháirt den Ard-Dioplóma sna Dána (Bunoideachas).

"Tá muid ag iarraidh ar phobal Ghaoth Dobhair cuidiú leis na mic léinn seo a sprioc a bhaint amach .i. snas a chur ar a gcuid Gaeilge. Tá mic léinn ábalta méid áirithe a fhoghlaim ins na ranganna ach caithfidh muintir na háite Gaeilge a labhairt leo ins na siopaí, ins na tithe tábhairne agus araile. Tá sé tábhachtach go bhfeicfidh siad gur ceantar beo Gaeltachta é Gaoth Dobhair."

Chuir Cathaoirleach Chumann Tráchtála Ghaoth Dobhair, Éamonn Mac Giolla Bhríde, béim ar na buntáistí eacnamaíochta a bhaineann leis an Ghaeilge don gheilleagar áitiúil:

"Tá na mic léinn seo ag cur go mór le roinnt mhaith gnónna áitiúla. Tá cuid de na mic léinn ag roinnt tithe lena chéile. Tá teaghlaigh in éineacht le daoine eile agus tá tithe aonaracha faighte ar cíos acu. Mar sin, d'fhéadfá a rá go bhfuil suas le 400 cuairteoir i nGaoth Dobhair anois mar gheall ar chúrsa Gaeilge amháin! Tá mná tí, óstáin, tithe tábhairne, bialanna, comhlachtaí tacsaithe, srl., ag baint tairbhe as iad bheith sa taobh seo tíre. Tá an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach anluachmhar mar acmhainní. Tá an turasóireacht chultúrtha riachtanach do Ghaoth Dobhair le linn an lagtrá eacnamaíochta seo."

As gach cearn den tír iad na mic léinn ar an Ard-Dioplóma de chuid Choláiste Hibernia. Seo an chéad uair do roinnt mhaith acu bheith i nGaeltacht Dhún na nGall. Is léir go bhfuil siad ag baint an-sult as. Chuir an Baile Átha Cliathach, Nicola McGowan, síos ar an dóigh a mothaíonn an grúpa ar fad:

"Níl bealach ar bith níos fearr le Gaeilge a fhoghlaim ná seal a chaitheamh i gceantar fíorGhaeltachta. Níl tú ábalta ach méid áirithe a fhoghlaim sna ranganna. Tá sé ina chuidiú mhór dúinn go bhfuilimid ábalta éisteacht le muintir na háite agus iad ag caint Gaeilge go nádúrtha. Seo cúrsa den scoth, in ionad den scoth, i gceann de na ceantair is deise sa tír! Is breá linn Gaoth Dobhair!"

dhmiú ar dhá thaobh na teorann. Gearrtar costas 50p (64c) ar úsáideoir Tuaisceartach glaoch a ghlacadh - nó a dhéanamh - agus an fón ar chomhartha deisceartach.

Níl iomrá ar réiteach na faidhbe seo go dtí go mbeidh deireadh le táillí fánaíochta san Aontas Eorpach in 2015.

DUP chun leabhar ar logainmneacha a sheoladh

Anton Mac Cába

BEIDH Ard-Mhéara de chuid an DUP ag seoladh leabhrán ar logainmneacha Gaeilge Bhéal Feirste. Seolfaidh Gavin Robinson an leabhair i Halla na Cathrach Dé Céadaoin an 1 Lúnasa agus tá Comhairle na Cathrach leis an leabhrán a scaipeadh saor in aisce ar thurasóirí.

An Sruthán Milis, Béal Feirste.

Iontaobhas Ultach a chuir an leabhrán le chéile agus tá sé bunaithe ar thaighde a rinne an Northern Ireland Place-Name Project in Ollscoil na Banríona.

Dúirt Róise Ní Bhaoill ón Iontaobhas go raibh roinnt míle dá gcur i gcló. "D'iarr an tAonad Dea-Chaidrimh i gComhairle na Cathrach orainn é a dhéanamh," ar sise. "Tá sé bunaithe ar thaighde a rinneadh in Ollscoil na Banríona." Téann an teolas siar 1,900 bliain, go dtí leárscáil a rinne an cartagrafaí Gréagach Ptolemy.

Dúirt Ní Bhaoill gur chuir daoine an-suim sna logainmneacha. Baé an ceann ba mhó ná 'An Sruthán Milis', ar cuireadh 'Stranmillis' i mBéarla air.

Bhí sin ar an bpointe ab airde san abhann ar tháinig an taoide chomh fada leis. Níos faide suas, bhíodh daoine ábalta uisce na habhann a ól agus dá bharr sin, thugtaí 'An Sruthán Milis' air.

Dar leis an gComhairleoir Máire Hendron, Cathaoirleach an Choiste Dea-Chaidrimh, gur áis mhaith ag an saol sa chathair an leabhrán. "Daoine a raibh mise ag caint leo, bhí an-suim acu ann," ar sise.

Deireadh curtha le nuachtán i dTír Chonaill

Eoin Mac Garvey

FOILSÍODH an t-eagrán deireanach den nuachtán 'Donegal on Sunday' i dTír Chonaill ag deireadh na seachtaine i ndiaidh é bheith ar an mhargadh ó mhí Márta 2004.

Ba é seo an chéad nuachtán áitiúil Domhnaigh sa tír agus bhí sé ag tabhairt clúdach cuimsitheacha do nuacht, imeachtaí sóisialta agus spórt ar fud an chontae.

Ba é Connie Duffy as Béal Átha Féich a bhí mar eagarthóir air, iriseoir a bhfuil suas le scór go leith bliain taithí aige ag obair i dTír Chonaill, bunús an ama sin leis an Donegal Democrat nó gur ceapadh ina eagarthóir é ar an Donegal on Sunday.

Bhí Donegal on Sunday ar cheann de nuachtán an chomhlachta Johnson Press atá i mbun feachtais sábhála airgid le tamall agus bhí dúnadh an nuachtáin seo mar pháirt de na gearrthacha siar sin. Tá trí phost le himeacht sa nuachtán an Donegal Democrat atá faoi Johnson Press chomh maith.

Tuairiscítear nach raibh ach thart ar 3,000 cóip a ndíol ag an 'Donegal on Sunday' le roinnt míonna agus gur tháinig titim de 70% ar an líon fógraíochta a bhí acu nuair a thosaigh siad. In 2007 a bhí na figiúirí díolacháin ab airde ag an nuachtán agus é ag díol 6,691 cóip in aghaidh na seachtaine de réir na bhfigiúirí

oifigiúla.

Thug Connie Duffy le fios Dé Domhnaigh gur lá brónach atá ann do thionscail na nuachtán i dTír Chonaill agus an nuachtán ag teacht chun crích i ndiaidh ocht mbliana.

"Tá tionscal na nuachtáin ag dul fríd am dúshlánach faoi láthair. Ar an drochuair tá athráite ag tarlú taobh istigh den chomhlacht agus tá Donegal on Sunday tagtha chun crích de bharr na n-athruithe," a dúirt sé.

Tá dhá oifig ag an gcomhlacht Johnson Press i dTír Chonaill - príomhoifig an Donegal Democrat i mBaile Dhún na nGall agus fo-oifig i Leitir Ceanainn, áit a raibh oifig an Donegal on Sunday lonnaithe chomh maith.

An bhfuil scéilín agat? Ba mhaith linn freastal ar gach Gaeltacht is Gaelphobal sa tír. Má tá scéilíní nó nótaí áitiúla agaibh, cuirigí iad chuig an seoladh rphoist seo le bhur dtoil, **nuacht@gaelsceal.ie**, agus déanfaidh muid ár ndícheall iad a chur i gcló.

BEATHA

Cé hiad Oráistigh ban Thuaisceart Éireann agus an bhfuil siad ar chomhchéim leis na hOráistigh fear?

Olive Whitten, 'Grand Mistress of the Women's Orange Order'

Ar an 12ú Iúil gach bliain, téann na céadta Oráisteach, idir fhir agus mhná, amach ar shráideanna Thuaisceart Éireann lena cuid drumaí agus iad cóirithe amach ina gculaith áirithe. Dírítear go minic ar na fir oráisteacha, ach céard faoi na mná den dath chéanna? Labhair **Treasa Bhreathnach** le h**Olive Whitten**, Ardmháistreás Chumann Mhná Dílse na nOráisteach in Éirinn (Association of Loyal Orangewomen of Ireland).

Mar is iondúil ag an am seo den bhliain faraor, bíonn foréigin mar thoradh ar roinnt de pharáidí an Oird Oráistigh. Ní raibh sé in aon ní níos difriúla i mbliana, agus círéibeacha in Ard Eoin, i mBéal Feirste agus i nDoire de dheasca na bparáidí céanna. ImBéal Feirste thug Coimisiún na bParáidí cead do dhá pharáid leanúint ar aghaidh i gceantar ina bhfuil Protastúnaigh agus Caitlicigh ina gcónaí taobh le taobh.

Paráid Oráisteach ab ea ceann acu sin agus paráid de ghrúpa náisiúnach a bhí sa cheann eile agus iad ag agóidíocht i gcoinne pharáid na nOráisteach a bheith ag taisteal tríd a mbaile dúchais féin.

Bhí srian áirithe amháin curtha ar an bparáid Oráisteach, go mbeadh orthu an pharáid ar a mbealach abhaile a bheith críochnaithe acu sa cheantar áirithe faoina 4 a chloig sa tráthnóna.

Cé chaoi a n-airíonn Olive Whitten, Ardmháistreás Cumann Dílse mná Oráisteach na hÉireann faoin bhforéigean seo?

Dar le Olive Whitten, "Sílim go raibh Coimisiún na bParáidí mícheart ligean leis an dara paráid náisiúnach dul ar aghaidh ar an lá céanna san áit chéanna. Bhí siad mícheart chomh maith srianta a chur ar an bparáid Oráisteach, go mbeadh orthu a bheith ar ais tríd an gceantar faoina 4 a chloig, mar is siúlóid an-fhada a bhíonn rompu i gcónaí agus go hiondúil ní bhíonn siad ag dul tríd an áit go dtí timpeall 7 a chloig sa tráthnóna.

"Tharla na mílte paráid ar fud Thuaisceart Éireann, agus ní raibh foréigean i gceist iontu. Is i gCéide i gContae Ard Mhacha a bhí mise don pharáid, baile atá náisiúnach, agus ní raibh aon fhoréigean ansin. Ní dheachaigh muid tríd an mbaile uilig ach chuaigh muid trí chuid bheag de, agus ní raibh aon fhadhb againn."

D'eisigh áithritheoirí Ard Eoin ráiteas oíche an 12ú Iúil. Dar leo, "Ba bhreá linn go mbeadh an oiread imní ar na meáin agus ar na polaiteoirí Aontachtacha, an Chéad Aire ina measc, faoin gcaoi a gcuirfear na háithritheoirí amach leis na bparáid seo nach bhfuil ag teastáil ó éinne sa cheantar seo."

Le linn na gcíréibeacha gortaíodh ball de Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann, scaoileadh trí piléir, agus caitheadh buamaí peitril agus brící i dtreo na bPóilíní.

Mná Oráisteacha i mBéal Feirste [PIC. ALBERT GONZALEZ / PHOTOCALL IRELAND]

An radharc traidisiúnta? An PSNI faoi ionsaí ag sluaite poblachtacha i gceantar Ard Eoin i dTuaisceart Bhéal Feirste tar éis go ndeachaigh paráid chonspóideach de chuid an Oird Oráistigh tríd an cheantar.
[PIC : LAURA HUTTON/PHOTOCALL IRELAND]

Ba leis an dá thaobh, na náisiúnaigh agus na dílseoirí an foréigean, agus dá bharr cúisíodh ceathrar fear.

Mar sin, le conspóid agus foréigean gach bliain, cén chaoi ar tharla sé gur shocraigh Olive Whitten a bheith páirteach in eagraíocht a bhíonn i lár báire na conspóide seo?

Deir Olive, "Chónaigh mé mo shaol ar fad timpeall 2 mhíle ó Loch gCál in Ard Mhacha. B'fheirmeoir torthaí agus mairteola m'athair agus in 1971 phós mé m'fhear céile, Errol, a bhí ag obair ag an am in Oifig an Phoist atá anois mar 'British Telecom'."."

"Chaith sceimhlitheoirí athair Errol ar an 1ú Márta 1977 agus fuair sé bás ar an 19 Meitheamh an bhliain chéanna. Fuair máthair Errol bás de bharr briseadh croí in 1980. Bhí m'athair agus m'athair céile mar bhall den Ord Oráisteach, cé nach raibh mo mháthair ná mo dheirfiúracha féin."

Cén chaoi ar tharla sé mar sin, gan aon nasc ag na mná muintire le hOlive, gur shocraigh sí féin a bheith san Ord Oráisteach?

"Nuair a bhí mé féin agus mo mháthair ag fanacht ar pharáid an 12ú Iúil in 1966, chás muid le beirt bhan as Loch gCál agus labhair muid faoin bparáid.

"Dúirt bean amháin liom, 'did you never think of joining the Orange', agus dúirt mé féin gur chuimhnigh mé air go minic ach nach raibh aithne agam ar aon duine le nasc acu le lóiste na mban.

"An freagra an fuair mé ná, 'Well, you are talking to the Worshipful Mistress, and I am a member of the Committee, can I put your name forward?' Dúirt mé gur mhaith liom é sin agus tharla sé go raibh mé i mo bhall i mí Dheireadh Fómhar na bliana sin."

Tá an Cumann ag ceiliúradh 100 bliain a bhunaithe i mbliana agus níl in Olive Whitten ach duine de na mílte ban a ghlac ballraíocht sa Chumann thar an tréimhse sin. Tá os cionn 2,000 bean ina mbaill den Chumann Oráisteach ar fud na hÉireann.

Tá lóistí acu, ní amháin i dTuaisceart Éireann, ach i gContaetha Dhún na nGall, agus Mhuineacháin freisin.

Dar le hOlive bhíodh lóistí acu i mBaile Átha Cliath agus i gContae an Chabhán freisin, ach de bharr an titim i gclanna Protastúnaigh bhí ar na lóistí sin dúnadh.

Tá íomha láidir ag an Ord Oráisteach go bhfuil na mná coinnithe faoi scáil na bhfear agus nach bhfuil siad ar chomhchéim leo san Ord.

An síleann Olive Whitten gur cheart go mbeadh na mná níos feiceálaí san Ord agus sa gclúdach a tugtar dóibh sna meáin?

"Is é Mórlóiste Oráisteach na hÉireann (The Grand Orange Lodge of Ireland) eagraíocht na bhfear, agus is é Cumann Mhná Dílse na nOráisteach in Éirinn eagraíocht na mban. Is dhá eagraíocht éagsúla atá i gceist anseo - breathnaíonn na bhfear amach dá n-eagraíocht féin agus breathnaíonn na mná amach dá n-eagraíocht féin chomh maith," a deir Olive.

"Tá na haidhmeanna céanna ag an dá eagraíocht - saoirse shibhialta, saoirse chreidimh agus saoirse cainte do chách. Tá ballraíocht ar fáil d'éinne atá sa chreideamh Protastúnach. Tá lóistí príobháideacha, dúiche, contae agus mórlóistí i gceist, agus tá a gcuid oifigí féin acu ar fad. Oibríonn muid le chéile, agus nuair a bhíonn cúnamh nó tacaíocht ag teastáil ó aon duine, níl ann ach ceist a chur agus cuirfear cúnamh ar fáil duit."

Toghfar an tArdmháistreás gach bliain agus tá siad in oifig ar feadh bliain amháin. Tá freagrachtaí éagsúla ag an Ardmháistreás; a bheith mar chathaoirleach ar chruinnithe don Mórlóiste; a bheith i mbun toghcháin agus inseallbhú na hoifigí agus coistí na mban dílse Oráisteach ag leibheáil contae; agus chomh maith leis sin, ionadaíocht a dhéanamh ar son an Chumann ag ócáidí éagsúla.

Mar sin céard ar mhaith le hOlive a bhaint amach le linn a tréimhe mar Ardmháistreás?

"Níl aon suim ag na meáin go ginearálta san obair a bhíonn ar bun ag na mná. Ba mhaith liom go dtabharfar tuilleadh aithinte don Chumann don méid airgead a bhailíonn muid do charthannachtaí éagsúla gach bliain.

"Bailíonn muid na mílte punt i gcomhar carthannachtaí éagsúla agus is cuma cé méid obair a dhéanann muid ní fhaigheann muid líne amháin nó pictiúir amháin sna bpáipéir. Mar shampla, tá rós coimisiúnaithe againn do cheiliúradh an chéid, an 'Precious Amber', agus beidh an brabús uilig ó dhíol an rós seo ag dul chuig an eagraíocht carthannach, 'Breast Cancer'," arsa Olive. Gach bliain ar an 12ú Iúil bíonn na meáin ag diriú ar an Ord Oráisteach agus ag brath ar thitim amach na bparáid éagsúla bíonn clúdach á fháil acu sna meáin, maith nó olc.

Cén bhaint a bhíonn ag Cumann Dílse na mban Oráisteach leis na paráid áirithe seo?

"Is iad na fir a eagraíonn na seirbhísí bhliantiúil creidimh agus na taispeántais don 12ú, agus sa chuid is mó den na ceantair tugann siad cuireadh do na mná a bheith páirteach. Eagraíonn roinnt de lóistí na mban seirbhísí eaglaise bhliantúil agus tugann siadsan cuireadh do lóistí na mban eile sa cheantar.

"Mar a lua mé ní ba luaithe, níl aon suim ag na meáin sa méid a bhíonn ar súil ag na mná - chomh fada agus nach bhfuil siad ag baint amach ceannlínte do na fáthanna mícheart," arsa Olive Whitten, Ardmháistreás Cumann Dílseacht na mban Oráisteach.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 25 Iúil, 2012

NUACHT Litríochta

Le Meadhbh Ní Eadhra

Scríbhneoir, smaointeoir agus múinteoir spreagúil

Labhraíonn **Meadhbh Ní Eadhra** le **hOisín Uíbh Eachach** faoina leabhar nua, 'Vir Ex Navi'

Tá rud éigin iontach neamhghnách agus úrnua faoin leabhar 'Vir Ex Navi', agus mar sin bhí spéis ar leith agam údar an leabhair, Oisín Uíbh Eachach, a chur faoi agallamh.

Tá leabhar Oisín, an chéad leabhar dá chuid, bunaithe ar shaothair an scríbhneora Pádraig Uí Maoileoin. Deir Oisín gur chuir sé spéis san ábhar seo den chéad uair agus é i mbun B.A. sa Ghaeilge agus i bhForbairt an Duine i gColáiste Phádraig i nDroim Conrach.

"Bhí léachtóirí den chéad scoth ag teagasc ann agus mhúscail siad siúd spéis ar leith ionam dul i mbun taighde M.A. Roghnaigh mé Pádraig Ua Maoileoin mar scríbhneoir ar theastaigh uaim mionscagadh a dhéanamh ar a shaothair," ar sé.

Chomh maith leis sin, tógadh Oisín le Gaeilge i mB.Á.C. agus chaith sé laethanta saoire ar an nGráig, i nGaeltacht Chiarraí i gcónaí. Rud nádúrtha a bhí ann, mar sin, díriú isteach ar shaothair Phádraig Uí Mhaoileoin.

"Nuair a bheartaigh mé díriú isteach ar scríbhneoir ar leith agus mé i mbun taighde, ba thaitneamhach agus éasca an rogha é aghaidh a thabhairt ar shaothair mhórscríbhneoir Ghaeltacht Chorca Dhuibhne," a deir sé.

Tá ábhar acadúil i gceist le 'Vir Ex Navi' ach éiríonn leis an údar an t-ábhar sin a chur os comhair an léitheora ar bhealach soiléir, inléite, rud nach ndéantar i gcónaí. Aithníonn sé go bhfuil dúshláin ar leith ag baint le leabhar acadúil a scríobh ar bhealach atá intuigthe agus soléite don ghnáthléitheoir.

"Is dúshlán ar leith é cur chuige síocanailíseach doimhneachta a chur i láthair an ghnáthléitheora. Is dúshlán é rud a thuigeann tú féin gan dua a thabhairt don ghnáthléitheoir ar bhealach a bheidh intuigthe don léitheoir.

Tá sé deacair ábhar sainiúil acadúil a chur i láthair gnáthléitheora agus é sin a dhéanamh ar bhealach ar féidir leis an léitheoir taitneamh a bhaint as agus ar féidir leis nó léi eolas a bhaint as," a mhíníonn an t-údar.

"Ní mór stíl scríbhneoireachta a fhorbairt, agus saothar acadúil á scríobh agat, ar mhaithe leis an saothar a bheith inléite agus gan é a bheith báite i mbéarlagair acadúil nach féidir leis an ngnáthléitheoir a thuiscint."

Oisín Uíbh Eathach

Is cinnte gur gá a thuiscint, áfach, mar a deir Uíbh Eachach, go bhfuil an t-ábhar acadúil agus go mbeidh coinbhinsiúin acadúla mar chuid den chur chuige a bheidh in úsáid sa leabhar.

"Chun an chruthaitheacht a bhaint amach, ní mór smaoineamh go domhain ar ábhar agus an t-ábhar sin a chur i láthair an léitheora agus an leabhar á scríobh. Is rud cruthaitheach é leabhar a scríobh, is cuma más leabhar ficsin nó neamhfhicsin atá ann. Is cinnte gur deacair, mar sin, an chothromaíocht idir an próiseas cruthaitheach agus an táirge féin, an leabhar, a bhaint amach," ar sé.

Má tá saothair Uí Mhaoileoin léite agat, beidh spéis ar leith agat sa leabhar seo, 'Vir ex Navi'. Tugann Uíbh Eachach léargas agus peirspictíocht úr ar shaothair Ua Mhaoileoin agus cuirfidh sé sin leis an taitneamh is féidir a bhaint as saothair Ua Mhaoileoin.

Mura bhfuil saothair Uí Mhaoileoin léite agat, is féidir an saothar seo a úsáid mar spreagadh chun aghaidh a thabhairt ar shaothair Uí Mhaoileoin agus bheadh sé úsáideach freisin do mhic léinn tríú leibhéal a bhfuil staidéar á dhéanamh acu ar shaothair Uí Mhaoileoin.

Is léir go bhfuil an-chur amach ag Uíbh Eachach ar phrós Uí Mhaoileoin agus an-dúil aige ann, ach an bhfuil aon rud faoi leith a thaitníonn leis faoi?

"Is é an taitneamh a thagann le leabhar a léamh atá scríofa go cumasach agus a fhreagraíonn thar aon rud eile don fhreagairt is bunúsaí, an fhreagairt aeistéitiúil, is fearr a thaitníonn liom faoina chuid scríbhneoireachta.



Bhí an-chumas teanga ag Ua Maoileoin agus d'éirigh leis teanga na Gaeltachta, teanga Chorca Dhuibhne, a chur i láthair an léitheora ar bhealach an-slachtmhar," ar sé.

Tá an-tábhacht ag an 'Jungachas' sa leabhar seo, agus deir Uíbh Eachach gur mar gheall ar mholadh óna léachtóir, Paul Downes, a thosaigh sé ag cur spéise i saothair Carl Jung ar dtús.

"Bhí mé an-tógtha leis an gcur chuige ar leith na sícé atá le fáil i saothair Jung. Ní hamháin gur féidir cur chuige Jung a úsáid chun plé leis an litríocht, ach is féidir cur chuige Jung a úsáid chun féachaint ar rudaí eile freisin. Sampla an-mhaith de sin is ea an bhéim a leagann an Jungachas ar thábhacht na mbrionglóidí," ar sé.

Theastaigh ó Uíbh Eachach cur chuige Jung i leith na sícé a chur ag obair ar shaothair Uí Mhaoileoin, ach tugann sé tús áite do na saothair féin i gcónaí.

"Dheineas na coincheapa atá i saothair Uí Mhaoileoin a thabhairt chun solais agus cur chuige Jung mar fhráma tagartha agam chun é sin a dhéanamh," ar sé.

Tá 'Vir Ex Navi' bunaithe ar thráchtas MA Uíbh Eachach, ach chaith sé am ag iarraidh an leabhar a chur in oiriúint don ghnáthléitheoir.

"Chaith mé roinnt ama ag scríobh dhá chaibidil bheathaisnéiseacha, ceann amháin acu ar Jung agus an ceann eile ar Ua Maoileoin, dhá chaibidil nach raibh sa tráchtas M.A. Is próiseas é, ar féidir leis a bheith fada, ach atá an-taitneamhach." Ar sé.

Is é an rud is fearr a thaitin leis faoin bpróiseas ar fad ná go raibh sé ag cur le mo chuid tuiscintí féin i dtaobh na litríochta.

"Agus tú i bun taighde, is cuma cén t-ábhar atá i gceist, má tá tú féin ag cur le do chuid foghlama agus le do chuid tuiscintí, is iontach an rud é sin," ar sé.

Is múinteoir bunscoile é Uíbh Eachach i nGaelscoil na Camóige i gCluain Dolcáin agus seo an chéad leabhar atá scríofa aige.

"Is éagsúil go maith a bheith ag múineadh i rith an lae agus a bheith ag dul i mbun taighde sa staidéarlann sa bhaile san oíche," ar sé. "Ba bhreá liom a bheith i mbun taighde go lánaimseartha, ach dá mbeinn i mbun taighde go lánaimseartha gach seans go mbraithfinn uaim an seomra ranga."

Agus mé ag léamh an leabhair seo agus ag caint leis an údar, braithim go bhfuil rud éigin speisialta ag baint le 'Vir Ex Navi', rud éigin níos doimhne, níos cruthaithí agus níos nuálaí ná mar a bhíonn i gceist le han-chuid leabhar eile dá chineál. Is cuma má tá scéalta Uí Mhaoileoin léite agat. Is cuma mura bhfuil tuiscint agat ar an Jungachas. Is cuma mura bhfuil dúil agat i gcúrsaí acadúla.

Má léann tú an leabhar seo, tuigfidh tú gur faoi dhaoine atá sé – faoi intinn an duine, faoi shícé an duine, agus faoi na rudaí ar fad atá i bhfolach san intinn agus nach féidir a mhíniú go héasca. N

ascann Uíbh Eachach an scríbhneoireacht leis an síceolaíocht agus tugann sé Carl Jung agus Pádraig Ua Maoileoin le chéile ar bhealach anchliste.

Tá sé i gceist ag Uíbh Eachach cur leis an taighde seo sa todhchaí, agus deir sé gur mhaith leis cúpla leabhar eile a scríobh amach anseo. Beimid ag tnúth leo!

Tá Vir Ex Navi ar fáil sa Siopa Leabhar i mBaile Átha Cliath, sa Cheathrú Póilí i mBéal Feirste agus sa Chafé Liteartha sa Daingean. Is féidir é a ordú ó Áis chomh maith nó dul i dteagmháil le coiscéim ar www.coisceim.ie.

NUACHT Litríochta

Le Colm Ó Broin

Ó Chéitinn go Raiftearaí: Mar a cumadh stair na hÉireann

Vincent Morley
Coiscéim, €10

Sa leabhar thar a bheith suimiúil seo téann Vincent Morley i ngleic leis an teoric gur cruthaigh intleachtóirí meánaicmeacha náisiúnachas na hÉireann san 18ú agus sa 19ú céad, agus gur i mBéarla a tharla sé.

Ag tús an leabhar, luann sé dhá staraí a chuireann an teoiric seo chun cinn, John Hutchinson ón Astráil agus Joep Leerssen ón Ísiltír.

Mhaígh Hutchinson ina leabhar The Dynamics of Cultural nationalism: The Gaelic Revival and the Creation of the Irish Nation State, "*The construction of an Irish national identity vis-a-vis England began only in the eighteenth century*."

Maidir le cultúr na Gaeilge, mhaígh sé "*from the sixteenth and seventeenth centuries onwards, it became reduced steadily to the status of the folk culture of an unlettered peasantry*."

Dúirt Leerssen in Mere Irish agus Fíor-Ghael, go deimhin, "*the native tradition in the nineteenth century is almost silent, having at long last been pauperized into virtual illiteracy*."

Dar le Morley nach bhfuil bunús leis na teoiricí seo. Is cinnte go raibh náisiúnachas na nÉireannach Aontaithe agus na bpoblachtánach sa 19ú haois difriúil ón náisiúnachas a bhí ann roimhe sin, ach léiríonn sé go bhfuil dlúthbhaint eatarthu.

"Dá mbeadh orm éirim an leabhair seo a chur i bhfocal amháin, is é 'leanúnachas' an focal a roghnóinn," ar seisean.

Cíorann Morley cén áit as ar eascair na mórthéamaí i stair na hÉireann atá i mbéal an phobail go fóill. Na príomhchinn ná Naomh Pádraig agus teacht na



Críostaíochta, Cath Chluain Tarbh, feall Dhiarmuid Mac Murchadha agus teacht na Normannach, Cogadh an Dá Aodh, Éirí Amach 1641, barbarthacht Chromail agus Cogadh an Dá Rí.

Is i lámhscríbhinn ar nós 'Foras Feasa ar Éirinn' agus 'Tuireamh ar Éireann' a rinneadh cur síos ar stair na hÉireann agus na nGael ó thús ama. Níl aon dabht ach go bhfuil tuiscint iontu gur náisiún é Éire.

Rinneadh cóipeanna de na saothair seo agus scaipeadh iad ar fud an oileáin.

D'fhoghlaim filí, múinteoirí agus scéalaithe iad de ghlanmheabhair agus rinne siad aithris orthu do shluaite timpeall na tíre.

Scríobhadh 'Foras Feasa ar Éireann' san 17ú hAois ach rinneadh níos mó cóipeanna den saothar ag tús an 18ú hAois ná ag aon ama eile.

Bhí Tuireamh ar Éireann níos gonta ná Foras Feasa agus scríobhadh é i ngnáthchaint na ndaoine. Rinneadh níos mó cóipeanna de ag tús an 19ú hAois ná am ar bith eile, tráth go raibh "*quite simply, almost no native, Gaelic-language material to scrutinize for its national attitudes*", dar le Leerson.

Go deimhin féin, measann Morley gurbh é Tuireamh ar Éireann ceann de na saothair scríofa is tábhachtaí i stair agus cultúr na hÉireann.

Is i lámhscríbhinn ar nós 'Foras Feasa ar Éirinn' agus 'Tuireamh ar Éireann' a rinneadh cur síos ar stair na hÉireann agus na nGael ó thús ama. Níl aon dabht ach go bhfuil tuiscint iontu gur náisiún é Éire.

Ní hionann an méid a bhí le rá ag na húdair san 17ú agus 18ú hAois is a bhí le rá ag Tone, Thomas Davis ná an tuiscint a bheadh ar náisiúnachas ag pobal an lae inniu, áfach.

Mar aon le clamhsán go raibh Éire i seilbh eachtrannach, bhí dílseacht don chreideamh Caitliceach mar chuid lárnach den teachtaireacht a bhí acu. Ní haon ionadh é seo, áfach, dar le Morley, toisc gur sagairt a bhí in údair 'Foras Feasa' agus 'Tuireamh ar Éireann' agus go leor scríbhinní eile.

Bhí dílseacht do na Stíobhardaigh mar théama ag údair ó ré na Cónaidhme Caitlicí go bás Shéarlais Óig, Bonnie Prince Charlie, in 1788 chomh maith. Dar le Morley, rinneadh neamhaird ar Chogadh an Dá Aodh sa tréimhse seo . An chúis leis sin, dar leis, ná go rabhthas ag iarraidh béim a leagan ar dhílseacht don Choróin agus nár réitigh gaiscíocht Aodh Uí Néill agus Aodh Uí Dhónaill leis an teachtaireacht seo toisc nach bhféadfaí a rá go raibh siad dílis don choróin.

Rinneadh athscríobh eile ar an stair le theacht an phoblachtachais. Is éard a rinne siad san 19ú hAois ná gur thóg siad na téamaí ó na lámhscríbhinní a thacaigh lena ndearcadh, is é sin, na hiarrachtaí a rinne Éireannaigh cumhacht eachtrannach a chloí, idir Bhrian Bóirmhe, an dá Aodh, Eoghan Rua Ó Néill agus Pádraig Sairséil, agus thug siad bata agus bóthair do na téamaí nár oir dóibh - tábhacht an Chaitliceachais agus dílseacht do na Stíobhardaigh.

Aistríodh 'Foras Feasa ar Éireann', 'Tuireamh ar Éireann' agus eile go Béarla ag tús an 19ú hAois agus is as na foinsí Gaeilge sin a d'eascair an tuiscint atá againn sa lá atá inniu ann ar stair na tíre, dar leis an leabhar seo.

Toisc nach bhfuil Gaeilge ag go leor staraithe, déanann siad neamhaird de na bunfhoinsí a scríobhadh sa teanga. Dá mba rud é gur tharla sé i nGaeilge níor tharla sé ar chor ar bith, is cosúil.

Ardsaothar atá anseo. Is trua, áfach, nach bhfuil níos mó ann faoin náisiúnachas, nó protonáisiúnachas b'fhéidir, roimh an 16ú hAois, má bhí a leithéid ann. Mar aon leis sin, ní fhéadfaí a rá gur staraithe aitheanta iad Hutchinson agus Leerson agus láidreodh sé cás agus tábhacht theoiric Morley dá mbeadh sé ag dul in adharca le cinn níos cáiliúla atá ar aon intinn leo.

Ceist shíoraí atá ag an gcine daonna ná cárbh as a dtáinig muid agus is cinnte go gcuireann an leabhar seo leis an tuiscint atá againn ar stair na tíre seo.

Cá bhfuil an leathanach teilifíse / raidió?

Ar chúinsí teicniúla, ní raibh muid in ann leathanach teilifíse / raidió a chuir ar fáil an tseachtain seo. Ach beidh leathanach teilifíse / raidió, agus cruth úr air, ar ais arís in Gaelscéal sna seachtainí amach anseo.

Crosfhocal 25.07.2012



TRASNA

2 Ag cur le, i dtéarmaí mata (5)
6 Píosa scríofa i nuachtán (3)
8 Gol (5)
9 Ar feadh tamaill, go ____ (5)
10 Roinn, deighil (4)
11 Teideal measa do dhuine (5)
13 Ar mire (5)
15 Ainmhithe oibre a tharraingíonn cairt (5)
18 Ainmhí beag tuaithe a bhfuil luach ina chóta do bhóna ar róba breithimh (5)
20 Saothar, dua (5)
21 Dabht (6)
23 Éadan, gruaig os cionn na súl (5)
24 Úsáideach do siopadóireacht nó d'iompar leabhair scoile (4)
26 Lorg, fágtha i do dhiaidh (4)
29 Tusa (3)
32 Teacht ar chomhréiteach (5)
33 Duine ag fanacht in óstlann (3)
34 Focail a thugann suaimhneas duit (5)

SÍOS

1 Déan níos dathúla, áille (7)
3 D'inis sé, ____ sé, arsa sé (5)
4 In aice (4)
5 An taobh eile (5)
7 An t-ábhar a mbíonn daoine ag plé le linn díospóireachta (5)
8 Éisteann tú agus cloiseann tú le péire acu seo (5)
12 An scéal faoi rudaí a tharla roimhe seo (5)
14 An áit a mbíonn tú ag codladh ann san oíche (5)
15 Cuir an dlí ar dhuine ag lorg cúiteamh airgid (5)
16 Tréimhse nó spás (5)
17 Conradh ar theach atá ar chíos (5)
19 Baile i dTír Eoghain ar an teorann le Lifear, an ____ Bán (5)
22 Ag taispeáint go leor measa do dhuine eile, gan a bheith bródúil (5)
25 Bád (4)
27 Baile mór i gContae an Chláir (4)
28 Scamall (4)
29 An chéad chéim (3)
30 Toradh dearg nó glas ó Mamó Nic Ghabhann b'fhéidir (3)
31 Adhain, cur trí thine (3)

Crosfhocal
18.07.2012

Buaiteoir na Seachtaine seo:

Áine Seoige, Doire

Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhán €20 urraithe ag Cló Iar-Chonnacht ar bhuaiteoir na seachtaine.

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 30.07.2012 chuig: *Crosfhocal, Gaelscéal, 15 Sráid an Mhargaidh, Gaillimh.*

Ainm .....

Seoladh .....

.....

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie

An focal deireannach

Le Síle Ní Bhraonáin

An Cárta Plaisteach- gléas teiripe struis?

Cártaí creidmheasa, nach iontach an dallamullóg atá siad in ann chuir ar dhaoine! Tar éis comhrá le cara liom thug mé faoi deara go bhfuil muid iontach amaideach faoi céard go díreach le haghaidh na cártaí beaga plaisteacha sin.

Nuair a fuair mise mo chéad cheann roinnt blianta ó shin, bhí mé dearfach nach raibh sé agam ach do chásanna éigeandála amháin.

Bheadh sé agam sa gcás is dá mbeadh orm dhul in áit éigin go tapa ar chúinse amháin nó eile, nó go mbeadh airgead 'agam' dá dteastóidh sé uaim go géar uair éigin, agus ar ndóigh dá mbeadh rud deas le ceannacht agam dom féin nach raibh mé in ann íoc air le hairgead tirim.

Nach bhfuil sé cruthaithe, má cheannaíonn tú rud deas duit féin go scaoilfidh sé saor ó strus thú?

Ceannacht earraí deasa = teiripe struis!

Tá an cara seo a luaigh mé thuas tar éis go leor troscán a cheannach dí féin dá hárasán agus tá sí in 'ísle brí' anois mar gheall nach bhfuil aon airgead fágtha aici go n-íocfar arís í.

Ach san abairt chéanna deir sí liom go bhfuil sí chun péire bróg nua a cheannach an nóiméad a bheidh a cárta íoctha glan aríst aici. D'aontaigh mé léi, mar go gceapann go mbíonn bróga nua ag teastáil ó mhná i gcónaí, go háirithe nuair a bhíonn siad in 'ísle brí'!

Ach nach iontach go gceapann muid go bhfuil airgead againn mar gheall nach bhfuil muid i bhfiacha leis an gcáirtín beag. Thóg sé tamall orainn a thuiscint nach raibh an t-airgead sin aici le caitheamh, agus go mbeadh sí i bhfiacha arís dá gceannóidh sí na bróga.

Nach bhfuil sé cruthaithe, má cheannaíonn tú rud deas duit féin go scaoilfidh sé saor ó strus thú?

Ach tá buntáistí iontacha ag baint leis na cártaí beaga freisin, ar nós nach gá duit siúl isteach go dtí an banc agus foirmeacha a shíniú agus geallúintí a dhéanamh gach uair a dteastaíonn cúpla euro uait chun troscán nó cíbe rud atá uait a cheannach. Ach sin an t-aon bhuntáiste atá leo.

Maidir leis na míbhuntáistí, caithfidh tú meall suntasach úis a íoc ar gach aon rud a cheannaíonn tú mura nglanfaidh tú do chárta laistigh de mhí.

Go deimhin tá an t-ús sin ag ráta uafásach ard i gcomparáid le hiasacht bainc nó eile. Rud eile, tosaíonn tú a cheapadh go bhfuil airgead agat le caitheamh arís nuair a bhíonn an cárta creidmheasa glanta agat, ach ní leat an t-airgead ná an cárta, is leis an mbanc é, agus a luaithe a thosaíonn tú á úsáid in athuair tosaíonn an timthriall duáilceach uilig arís!

Is eagal liom go bhfuil muid sáinnithe agus gafa ag an gcáirtín mealltach creidmheasa, taitníodh sé linn nó ná taitníodh.

Faisnéis do Shaoránaigh

LÓ-GHLAO
1890 777 121
Luan go hAoine 9rn go dtí 9rn

Madra atá ar strae a aimsiú

Ceist :

D'aimsigh mo leanaí madra inár bpáirc áitiúil an tseachtain seo caite. Ní raibh aon choiléar ná aitheantas ar an madra. Ba mhaith linn an madra a choinneáil. Céard ar cheart dúinn a dhéanamh?

Freagra :

Má aimsigh tú madra agus má tá tú sásta é/í a choinneáil i do bhaile (seachas é/í a thabhairt chuig an maor madraí nó chuig póna) ní mór duit a fhógairt gur tháinig tú ar mhadra le do mhaor madraí nó le do Stáisiún áitiúil den Gharda Síochána. Is féidir leat teacht ar shonraí teagmhála do mhaoir mhadraí ar láithreán gréasáin Chumann na hÉireann um Chosaint Ainmhithe (ispca.ie). Cuireadh micrishliseanna i go leor madraí ar a bhfuil sonraí faoina n-úinéir. Is féidir le do thréidlia nó do mhaor áitiúil madraí a sheiceáil an bhfuil micrishlis sa mhadra.

Murar féidir teacht ar an úinéir agus má chinneann tú chun an madra a choinneáil, ní leatsa é/í nó go ngabhfaidh bliain agus lá amháin thairis ón dáta ar ar tháinig tú air/uirthi.

Má ghlacann tú le madraí atá ar strae isteach i do theach, is féidir leat é/í a choinneáil ar feadh 20 lá gan cheadúnas ach ní mór duit ceadúnas a fháil dó/di ansin. Ní mór duit bheith breis agus 16 bliana d'aois le ceadúnas madra a fháil. Is féidir leat ceadúnas caighdeánach bliantúil (€20 sa bhliain) a fháil ó oifig áitiúil an phoist nó ceadúnas saoil (€140) a fháil ó d'údarás áitiúil.

Má chinneann tú chun an madra a choinneáil, ba cheart duit breithniú cúramach a dhéanamh ar an tiomantas a theastaíonn. Ní mór duit bheith in ann cúram, cóiríocht, bia agus cúram tréidliachta ceart a chur ar fáil don mhadra don chuid eile dá s(h)aol. Ina theannta sin, ceanglaítear le dlí ort a chinntiú go gcaitheann do mhadra coiléar ar a bhfuil d'ainm agus do sheoladh greanta nó ar a bhfuil pláta, suaitheantas nó diosca leis na sonraí seo. Is féidir le maoir mhadraí fíneálacha ar an láthair a eisiúint mura bhfuil aitheantas á iompar ag an madra.

Tá faisnéis ar fáil freisin ar líne ag citizensinformation.ie agus ón tSeirbhís Ghutháin um Fhaisnéis do Shaoránaigh, 0761 07 4000.

Sacar

Obair le Déanamh ag St. Pats agus Ruagairí Shligigh

Déardaoin, Sraith Europa UEFA- Babhta 2, Ruagairí Shligigh v Spartak Trnava, Showgrounds @ 7.00i.n
St Pats Athletic v Siroki Brijeg, Páirc Richmond @ 7.45i.n

Gráinne McElwain

Cluiche in aghaidh Hanover ón Budesliga sa Ghearmáin an duais mór do St. Pat's má éiríonn leo an lámh in uachtar a fháil ar Siroki Brijeg san oíche amárach sa dara cluiche de bhabhta a dó den tSraith Europa.

Chríochnaigh an chéad chluiche idir iad féin agus an fhoireann as an mBoisnia, Heirseagaivéin 1-1 leis an imreoir lár na páirce ón mBraisíl, Wagner, ag aimsiú cúl i ndeireadh na himeartha do Siroki le go mbeadh seans acu i bPáirc Richmond san oíche amárach.

D'éirigh le Christy Fagan St. Pats a chur chun cinn tar éis 11 nóiméad ach i ndáiríre bhí cuid mhór seansanna ag St. Pats an cluiche sin a bhuachan. Níor éirigh le John Russell cic éirice a chur san eangach i rith an chéad leatha agus cé go raibh fear breise ag St Pats don dara leath, mar gur cuireadh an cosantóir Miaden Turicevic (Siroki) den pháirc le dhá chárta buí, níor thapaigh foireann Bhaile Átha Cliath na deiseanna.

Fágann sin go bhfuil seans maith acu dul ar aghaidh go dtí an tríú babhta ach caithfidh siad a bheith níos fuarchúisí san oíche amárach.

Tá obair le déanamh ag an Bit O'Red sna Showgrounds amárach chomh maith mar gur chaill siad 3-1 in aghaidh Spartak Trnava an tseachtain seo caite.

Bhí foireann na Slóvaice 3-0 chun cinn ag leatham le cúil ó chaptaen na foirne, Miroslav Karhan, sa 37ú nóiméad agus ón imreoir lár páirce, Martin Mikovic, faoi dhó sna nóiméid dheireanacha den chéad leath. D'éirigh le Sligeach cúl amháin a fháil ar ais sa dara leath nuair a d'aimsigh Gavin Peers cúl lena chloigeann..

Mark Quigley, Ruagairí Shligigh agus dushlán mór rompu san oíche amárach [PIC : OLIVER MCVEIGH / SPORTSFILE]

Ina chuid cainte tar éis an chluiche dúirt bainisteoir na foirne, Ian Baraclough, "beidh muid in ann an dá chúl atá ag teastáil a fháil sa bhaile agus bhí an cúl thall ansin fíor fíorthábhachtach. Mhothaigh mé go raibh muid ar an bhfoireann ab fearr ar feadh tréimhsí fada seachas na cúig nóiméad aisteacha sin".

Ní raibh Mark Quigley ar fáil thall sa tSlóvaic dóibh mar gheall ar chúiseanna pearsanta ach thaispeáin sé cé chomh tábhachtach agus atá sé don fhoireann nuair a d'éirigh leis dhá chúl a aimsiú in aghaidh Chathair Chorcaí sa tSraith Airtricity Dé Domhnaigh. Chríochnaigh an cluiche 2-2, tá Ruagairí Shligigh ar bharr an tábla fós agus beidh Quigley ag imirt san oíche amárach. Tá obair le déanamh ag Sligeach agus cuideoidh sé leo go mbeidh siad sa bhaile ach b'fhéidir go mbeidh an dúshlán agus an bearna de dhá chúl rómhór dóibh an uair seo.

Blúiríní **Spóirt**

CLG agus an scáileán teilifíse

D'AIMSIGH Eoghan O'Gara cúilín do Bhaile Átha Cliath in aghaidh na Mí ar an Domhnach i gCluiche Ceannais Cúige Laighean ach ar feadh píosa bhí an cuma ar an scéal nach gcéadófaí an scór. Ní raibh na maoir a bhí istigh ar na postaí cinnte, dúirt an reiteoir Marty Duffy leo go raibh sé ar foraoíl agus spréach lucht tacaíocht na hArdcathrach agus a mbainisteoir Pat Gilroy. Dhírigh sé a mhéar i dtreo an scailéan mór agus nuair a facthas an athimirt chonaic gach duine go soiléar go ndeachaigh an liathróid thar an trasnán. Is ina dhiaidh sin a deir Maurice Deegan, an maor taobh líne le Duffy go raibh iarracht O'Gara cruinn agus ceadaíodh an scór. Deir an CLG nach raibh aon bhaint ag an ath-imirt ar an scailean leis an cogar a chur Deegan i gcluais Duffy. An gciallaíonn sé sin gurb iad Deegan agus Duffy an t-aon bheirt a bhí i bPáirc an Chrócaigh nár bhreathnaigh ar an scailean? Fiú muna bhain siad aon úsáid as, bhain na mílte eile a bhí i láthair lán na súl as agus léiríonn sé an úsáid gur féidir a bhaint as an teicneolaíocht.

Níl sé ann! - Tá sé ann! Buíochas le teicneolaíocht. Tar éis gur chuir an maor in iúl go ndeachaigh an liathróidh ar fóraoil, thug an reiteoir an pointe do BhÁC i ndiaidh dó é a fheiceáil ar an scaileán mór [PIC : DÁIRE BRENNAN / SPORTSFILE]

Rásaí na Gaillimhe

CINNTE is é Gaillimh an áit le dul an samhradh seo mar gheall ar an méid imeachtaí atá á reáchtáil ansin, idir spórt agus ealaín. Cuireadh críoch le Rás an Volvo ag tús mhí Iúil agus chomh luath is a bhí sé sin críochnaithe bhí an Galway Film Fleadh agus an Fhéile Ealaíne ar siúl. Anois beidh na sluaite ag déanamh ar ráschúrsa Baile Bhriotaigh an Luan seo chugainn nuair a chuirfear tús le Rásaí na Gaillimhe 2012. Is iad na rásaí móra a bheidh ar siúl ná an Galway Plate ar an gCéadaoin, le duaischiste de €200,000, agus ar an Déardaoin beidh an Guinness Galway Hurdle Handicap ann le €260,000 sa phota do na buaiteoirí.

Patrick Smullen ag marcaíocht ar Stunning View i Rásaí na Gaillimhe anuraidh. [PIC : DIARMUID GREENE / SPORTSFILE]

Ár ndóigh beidh lá mór na mban ar siúl ar an Déardaoin freisin, le €10,000 de dhuais, urraithe ag Anthony Ryan don bhean is fearr a bheas gléasta. Beidh duais don bhean leis an hata is fearr chomh maith ar an lá céanna. Beidh an chéad rás Dé Luain agus Dé Máirt ag tosú ag a ceathair a chloig leis an rás deireanach ag leathuair tar éis a seacht.

Alonso Chun Tosaigh ag Comórtas Formula 1

D'ÉIRIGH le Fernado Alonso bearna 34 pointe a chur idir é féin agus Mark Weber ar bharr an tábla i gcomórtas Formula 1 nuair a bhuaigh sé an Grand Prix sa Ghearmáin an deireadh seachtaine seo caite. Seo an tríú bua ag Alonso do Ferrari i mbliana, an t-aon duine a bhfuil trí cinn buaite aige an séasúr seo. Thosaigh sé go maith sa Ghearmáin le dul amach chun tosaigh agus tháinig sé abhaile 3.7 soicind chun cinn ar laoch na Gearmáine a bhí sa bhaile, Sebastian Vettel (Red Bull).

Cuireadh pionóis ar Vettel mar gheall ar an dóigh a ndeachaigh sé thar Jenson Button sa dara casadh deireanach den rás agus d'fhág sé sin Vettel sa chúigiú háit le Button ag bogadh suas sa dara háit. Bhí Button do McLaren ríméadach leis an dóigh a bhfuil luas an chairr tar éis feabhsú.

Cuimhnigh go raibh go leor fadhbanna leis an luas ag tús an tséasúir ach tá an chuma ar an scéal go bhfuil na fadhbanna sin réitithe. Ní raibh rás iontach ag Lewis Hamilton agus bhí air éirí as mar gheall ar pholl sa bhonn agus damáiste a déanadh ar an ngiarbhosca.

Bogfaidh an comórtas ar aghaidh chun na hUngáire an Domhnach beag seo le Jenson Button ag súil go ndéanfaidh sé go maith sa rás in Hungaroring.

Bhuaigh sé rás na bliana seo caite ansin agus ba ar an traic chéanna a bhuaigh sé a chéad rás riamh sa chomórtas Formula 1.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 25 Iúil, 2012

Ar an gclaí

Le John Allen

Níl Luimneach ag taisteal go Staid Tom Semple chun an coinne a chomhlíonadh

Bhuel, tá sé fhoireann fágtha i gcomórtas Mhic Cárthaigh agus i ndiaidh chluichí na deireadh seachtaine ní bheidh ach ceithre cinn ina mbeatha.

Leath slí tríd na cluichí sraithe bhíomar cinnte faoi cheithre chontae ach bhí sé deacair, i mo thuairim seans a thabhairt do Phort Láirge nó Luimneach a bheith fós ina seasamh. Ach tá siadsan fós ann agus Baile Átha Cliath agus seaimpíní Roinn 1B, an Clár, imithe.

An ceist mhór ná an mbeidh siad ann i ndiaidh an Domhnaigh beag seo.

Tosaíonn an féasta iomána ag a 2.00 i nDurlas le teacht le chéile Chorcaigh agus na Déise.

I gCraobhchluiche na Mumhan thaispeáin na Déise go bhfuil mianach iontu fós go háirithe na sheanfhondúirí, ,leithéidí Brick Walsh, Tony Browne, Seamus Prendergast agus John Mullane.

Thaispeánadar, freisin go bhfuil spiorad iontu.

Tá sé deacair go leor Corcaigh a thomhas. Chuadar ó neart go neart sna cluichí sraithe, go dtí an cluiche ceannais. Bhíodar maith go leor i gcoinne Thiobraid Árann i gcluiche leathcheannais Mumhan ach ní rabhadar thar mholadh beirte sna cluichí cáilithe.

Ceapaim go bhfuil fadhb acu leis an ionad lánchúil. D'imir Stephen McDonnell ann sna cluichí sraithe ach baineadh amach é sa Chraobh. Ó shin, d'imir Shane O'Neill, Brian Murphy agus an t-ógánach, Damian Cahalane, ann.

Taispéanann sé sin an éiginnteacht atá ag an mbainistíocht faoi gheansaí uimhir a trí. Tá an éiginnteacht chéanna ag baint le lár na páirce, áit ar imir Patrick Cronin agus Lorcán McLoughlin an lá deireanach i gcoinne Loch Garman.

Tá tosaithe tapa, sciliúla éadroma acu (taobh amuigh de Niall McCarthy) agus ceapaim nach bhfaighidh siad mórán spáis ó chúlaithe na nDéise.

Thaispeáin Port Láirge mórán deachomharthaí i gcoinne Thiobraid Árann. Tá líne leathchúil an-láidir acu. Tá Stephen Molumphy ag dul go maith i lár na páirce. Bhí Séamus Prendergast an-éifeachtach ar Conor O'Mahony i bPáirc Uí Chaoimh agus le coicís eile traenála (i ndiaidh tamaill fhada gortaithe) is dóigh go mbeidh Pauric Mahony níos fearr.



An díomá ar Henry Shefflin tar éis gur chruthaigh iománaithe na Gaillimhe nach bhfuil na Cait dochloíte [PIC : PHOTOCALL]

Istigh sa líne lántosaigh, is cosúil nach bhfuil na blianta ag cur isteach ar John Mullane agus má fhaigheann sé soláthar flúirseach den liathróid seans maith go ndéanfaidh sé damáiste.

Sea, tá a fhios agam gur Cill Chainnigh a bheidh sa cúinne eile ach thaispéain Gaillimh nach bhfuil siad dochloíte.

Má éiríonn le Corcaigh Mullane a smachtú tá seans réasúnta acu. Ach ceapaim go bhfuil níos mó taithí ag Port Láirge agus go mbeidh lá eile ag an bPaorach.

Ar ndóigh, cé gur Corcaíoch bródúil mé, an Domhnach beag seo beidh níos mó suime agam sa dara cluiche nuair a thabharfaidh m'fhoireann féinig, Luimneach, faoi na seaimpíní Cill Chainnigh.

Bhí brú orainn roimh an gcluiche deireaneach i gcoinne an Cláir mar, i ndiaidh ceithre chluiche ina gcoinne i mbliana, ní rabhamar i ndiaidh aon ceann a bhuachan. Ach réitíomar é sin ar an oíche.

Níl aon brú in aon chor orainn ag dul isteach i gcoimhlint an Domhnaigh mar ní thugann mórán daoine aon seans dúinn. Tá Cill Chainnigh ag 1/9 ag na geallghlacadóirí.

Tá an chuid is mó de na himreoirí a bhí gortaithe ag na seaimpíní ullamh anois, rud a chiallaíonn go mbeidh foireann an-láidir acu ag dul chun páirce.

Cad is féidir liom a rá faoi fhoireann iontach na gCat nach bhfuil ráite cheana? Is dócha go bhfuil níos mó ná céad bonn sinsir Uile-Éireann ag painéal Chill Chainnigh don Domhnach. Níl an oiread agus ceann amháin ag leaids Luimnigh.

Ach fós nílim chun géilleadh nach bhfuil seans againn. Nílimid ag taisteal go Staid Tom Semple chun an coinne a chomhlíonadh.

Tá obair na gcapall déanta ag na himreoirí seo ó thosach na bliana. Tá muinín agus spiorad iontach sa ghrúpa. Chaitheamar deireadh seachtaine ag traenáil i bhFóite i gCorcaigh le déanaí agus bhí a fhios agam ag teacht abhaile an tráthnóna Domhnaigh sin go mbeimis maith go leor do Chontae an Cláir.

An Domhnach seo caite bhí cluiche againn le seaimpíní Laighean, Gaillimh. Chuir an dá bhainisteoir na foirne ba láidre ar an bpáirc don chéad leath agus bhíos an-sásta le taispéantas leaids Luimnigh a bhí gach oiread chomh maith le Gaillimh.

Mar sin, tá Luimneach ag dul isteach sa cluiche seo ar ard form agus cé go bhfuil gortú fós ag cur isteach ar Chonor Allis agus Tom Condon ceapaim go bhfuil seans réasúnta againn.

Sea, tá a fhios agam gur Cill Chainnigh a bheidh sa cúinne eile ach thaispéain Gaillimh nach bhfuil siad dochloíte. Ar ndóigh, caithfimid iad a choimeád ar fhíorbheagán scóranna don chéad cheathrú mar tá a fhios againn go léir má fhaigheann siad tús maith (mar a tharlaíonn go minic) nach mbeidh ach toradh amháin ann.

Ach tá Luimneach ullamh agus ní ghéillfidh siad ró-éasca.

Luimneach abú.

Iomáint

"Cill Chainnigh dírithe go hiomlán ar Luimneach anois"

Cillian Ó Conchúir

Nuair a rachaidh Cill Chainnigh chun páirce ar an Domhnach, is cinnte go mbeidh foireann na gCat ag iarraidh a gcéad chailliúint i gCraobh Laighin ó 1997 a chur ina cheart.

Ina measc siúd tá Michael Rice, imreoir nach bhfuil ach 43 nóiméad imeartha aige sa craobhchomórtas i mbliana. Tháinig na nóiméid sin i gcoinne na Gaillimhe i gCraobh Laighin agus cé go raibh Rice sásta a bheith ar ais ó ghortú, níor mhair an tsástacht i bhfad.

"Bhí na himreoirí ag rá, go gcaithfidh sé go raibh mé ar bís tar éis filleadh ón ngortú. Bhí gliondar orm, ach b'shin an áit a chríochnaigh an gliondair. Is cuma má imrím go maith nó mura n-imrím go maith," ar sé, "fós féin, fuaireamar léasadh ceart. Bheinn ag súil go mbeadh (an foireann gortaithe tar éis Craobh Laighin). Ní maith le aon imreoir cailliúint, is cuma más cluiche club atá ann nó cluiche craoibhe."

Níl mórán taithí ag Rice, nó ag Cill Chainnigh, ar cailliúintí den chineál seo ach beidh orthu a bheith dírithe ar Luimneach.

"Níl aon maitheas bheith ag labhairt faoi (an chailliúint). Is ar an bpáirc imeartha is gá é a chur ina cheart. Cluiche sa bhreis atá ann (an cúldoras), ach is cluiche fíordháiríre atá ann dúinne.

"Ní féidir linn féachaint chun tosaigh, ná a bheith buartha faoi chluiche leathcheannais. Tá ár n-aigne dírithe go hiomlán ar Luimneach. Nílimid ag féachaint ar aon rud eile. Tá súil agam go mbeimid níos fearr sa chluiche seo." Ón méid atá feicthe aige de Luimneach i mbliana, tá a fhios aige go mbeidh dúshlán mór os a chomhair amach. "I gcoinne Thiobraid Árann, chun a bheith macánta faoi, taispeántas iontach a bhí ann uathu agus cheap an chuid is mó dúinn go mbeadh an bua acu. Bhí deis acu cúl a aimsiú ach níor thapaigh siad an deis.

"Bhí siad fíorghar do Bhaile Átha Cliath anuraidh agus gach éinne a rá go raibh Baile Átha Cliath ar bharr a maitheasa. Caithfidh go gcuireann sé sin Luimneach ag leibhéal ard.

"Tá siad tar éis an-chuid imreoirí óga a thabhairt isteach, tá siad ag dul ar ais chun na gnéithe bunúsach a chur ina cheart. Shocraigh Dónal Ó Grady síos iad anuraidh agus tá John Allen tar éis an fhoireann a bhrú ar aghaidh a thuilleadh arís. Bíodh sin mar atá, tá a fhios ag Rice go bhfuil muintir Chill Chainnigh ag díriú ar dhuais níos mó ná cluiche ceathrú nó leathcheannais craoibhe.

"Is cuma le gach duine i gCill Chainnigh faoi dhaoine a bhuaigh cluiche ceannais na hÉireann an bhliain seo caite nó an bhliain roimhe sin. Tá gach rud bunaithe ar an mbliain seo agus ar an mbliain seo chugainn. Ní bheidh aon duine ag smaoineamh ar 2011, ach mar a dúirt mé cheana, táimid dírithe go hiomlán ar Luimneach anois."

Michael Rice, Cill Chainnigh, in éineacht le Corn Liam Mhic Cárthaigh ag tús na bliana, ach an gcuirfidh sé féin lámh air i mí Mheán Fómhair? [PIC : STEPHEN MCCARTHY / SPORTSFILE]

Níl mórán de shos i ndán don Róisteach

Cillian Ó Conchúir

Tar éis dó chríochnú sa 12ú háit san Tour de France an Domhnach seo caite is beag sos a bhéas ag Nicolas Roche. An chéad stop eile ar fhéilire Roche ná Londain, do na cluichí Oilimpeacha, agus é ag tnúth le rothaíocht lena chol ceathrar, Dan Martin, a chríochnaigh a chéad Tour sa 35 áit.

"Bhí mé ag rothaíocht leis cheana," a dúirt Roche le Gaelscéal.

"Bhíos ag rothaíocht leis sa Chraobh Domhanda anuraidh. An t-aon rud ná go dtagann na cluichí Oilimpeacha timpeall gach ceithre bliana. Is rás speisialta atá ann toisc go bhfuil an bheirt againn i gcónaí ag troid do na torthaí is fhearr ach is deas an luach saothair é a bheith ábalta rothaíocht sna Cluichí Oilimpeacha le chéile."



Nicolas Roche, Éire.
[PIC : BRIAN LAWLESS / SPORTSFILE]

Ghlac Roche páirt sa rás bóthair ag na cluichí deireanacha i mBéising in 2008 ach in ainneoin an struis agus an bhrú a d'fhulaing sé sa Tour, ní ceapann sé go mbeidh sé ag baint sásaimh as an mBaile Oilimpeach.

"Bhíos ag rothaíocht ag na Cluichí Oilimpeacha a bhí sa tSín agus bhíos díomách i leith na gné Oilimpeach de. Chuaigh an Baile Oilimpeach i bhfeidhm orm mar aon leis an gchaoi a raibh cúrsaí ann. Bhíomar mar an gcéad chomórtas sna cluichí sin agus dá bharr ní raibh deis agam taitneamh a bhaint as an Baile Oilimpeach."

Ó thaobh an-chuid spóirt de, is é comórtas na gCluichí Oilimpeacha an rás is airde agus an rás deireanach den séasúr," dar le Roche. "Ach ní hionainn an rothaíocht agus gach spóirt eile. Nuair a fágaim slán leis na Cluichí Oilimpeacha, tá sos seachtaine agam sula mbeidh mé ag rothaíocht sa Vuelta a Espana. Ní féidir sásamh a bhaint as spiorad an Bhaile Oilimpeach mar sin. Tá tú i do luí sa leaba, ag traenáil, ag ligean do scíth, ag fáil suaithe nó ag smaoineamh faoin rás. Ní bheidh mé ag smaoineamh faoin méid atá ag dul ar aghaidh sa Bhaile Oilimpeach."

In ainneoin go mbeidh Roche ar a rothar go ceann tamaill eile, tá sé ag súil le rothaíocht níos gaire dá áit dúchais agus dá thír dúchais. "Rud iontach mór a bhéas ann agus é chomh gar d'Éirinn agus atá sé. Beidh an méid sin Éireannach ann atá ina gcónaí i Sasana nó Éireannaigh atá ag teacht trasna go speisialta do na cluichí. Rás iontach mór a bhéas i gceist agus táim ag tnúth leis an tacaíocht mór chomh maith. Tá an cúrsa amach ón mBaile Oilimpeach ionas nach mbeidh aon fhadhb tráchta ann, ach, mar a dúirt mé, ní gheobhaidh mé an mothúcháin Oilimpeach ón mBaile Oilimpeach.

In ainneoin an bhrú ó thaobh an fhéilire rásaíochta de, ní féidir le Roche é féin a shamhlú in aon áit eile.

"Bainim an méid sin sásaimh as agus dá bharr ní bhraithim an phian. Nuair a éiríonn tú ar maidin agus é ag stealladh báistí, éiríonn tú agus tá tú beagáinín cantalach. Ach tá tú cantalach toisc go bhfuil na laethanta eile chomh sultmhar. Níl tú cantalach agus tú ag gearán faoi. Ní bheinn ag iarraidh aon ní eile a dhéanamh."

Agus cad faoin bhféilire úd? Tar éis na gcluichí Oilimpeacha beidh sé ag rothaíocht sa Clasica Ciclista San Sebastian, an Vuelta a Espana, na Craobhacha Domhanda sa Bheilg, Il Lombardia san Iodáil agus ar deireadh beidh sé sa tSín do Thuras Bhéising i lár mhí Dheireadh Fómhair. "

Ansin beidh sos agam," a deir sé le gáire.

Cé mhéad bonn a bhuafas Éire ag na Cluichí Oilimpeacha?

Gráinne McElwain

Is minic go gcuirtear an cheist agus tarlaíonn sé in amanna nach dtuigeann daoine cé chomh deacair agus atá sé bonn a bhuachaint.

Is iontach an gaisce é do lúthchleasaí ar bith áit a bhaint amach sna cluichí oilimpeacha mar níl stáitse ar bith ar domhan níos mó ná é agus ba cheart comhghairdeas a dhéanamh le gach aon duine a théann chomh fada sin.

Ní mar a chéile an sprioc a bhíonn acu uilig. Bíonn roinnt acu, ar ndóigh, ag smaoineamh ar bhoinn, roinnt eile ar rása ceannais a shroichint agus roinnt eile a bhíonn ag iarraidh an t-am is fearr nó an scór is fearr a bhí acu féin riamh a bhaint amach.

Ó thosaigh muid mar thír ag glacadh páirte sna cluichí tá 8 mbonn óir buaite le trí cinn ag Michelle Smith tugtha san áireamh, 7 mbonn airgid agus 8 mbonn cré-umha.

Fiú agus an méid sin scríofa, beidh muid ag féachaint ar fhoireann na hÉireann a bheas i Londain agus ag iarraidh go mbeidh roinnt acu buacach.

Seans maith nach dtuigeann muid an méid brú atá ar Katie Taylor mar go bhfuil an domhan uilig den tuairim go mbeidh bonn óir aici. Níl idir í agus bonn cré-umha ach troid amháin agus is deacair é a shamhlú nach n-éireoidh léi mar go bhfuil Craobh an Domhain buaite faoi cheathair aici agus Craobh na hEorpa cúig huaire.

Tá go leor ráite faoin bhfoireann dornálaíochta atá againn, go háirithe Taylor, John Joe Nevin agus Paddy Barnes, ach tá gach rud ag brath ar an tarraingt a dhéanfar Dé hAoine. Bhuaigh Kenny Egan, Barnes agus Darren Sutherland nach maireann boinn i mBéising ach chaill siad ar fad in aghaidh na dtrodaithe a chroch leo na boinn óir.

Má bhíonn an tarraingt cineálta ní bheadh a fhios agat cad a bheadh siad in ann a bhaint amach.

Deirtear go bhfuil seans ar ar bhonn again ar an an uisce. Tá seans ag Peter O'Leary agus David Burrows (Star Class) mar gur bhuaigh siad an bonn óir ag Craobh an Domhain i Weymouth níos luaithe i mbliana, bonn cré-umha ag Craobhacha na hEorpa agus tá siad áiríthe sa 6ú háit ar liosta fiúntais an domhain.

Dóchas na hÉireann, Katie Taylor, agus súile phobal an domhain uirthi sna Cluichí Oilimpeacha [PIC: SPORTSFILE]

Tá Annalise Murphy (Laser Radial) óg ach bhí sí thar cionn in 2011 agus tá sí ag uimhir a 5 ar liosta fiúntais an domhain. Is Polannach é Andrzej Jezierski, curachóir ráibe atá ag cur faoi i gCorcaigh.

Tá sé pósta le bean as an tír seo, tá páiste acu agus beidh geansaí na hÉireann air ag na cluichí. Tá sé 31 bliain d'aois ach tá go leor bainte amach aige i gcomórtais dhomhanda.

Ar an traic, tá cáil ar Olive Loughnane agus Rob Heffernan ag siúl, ar Deirdre Ryan sa léim ard agus ar Ghráinne Murphy agus Sycerika McMahon sa linn snámha. Go n-éirí leo ar fad, cibé sprioc atá acu.

San oíche Dé hAoine ag 8.12 a chuirfear tús le Searmanas Oscailte na gCluichí agus craolfar ar fud an domhain é. Ach ní shin le rá nach dtosóidh na cluichí roimhe sin, mar inniu (Dé Céadaoin) a chuirfear tús le comórtas sacair na mban agus tosóidh comórtas sacair na bhfear amárach.

Tá gach cineál eolais agus sceideal na gcluichí le fáil ag www.london2012.com

---

Sacar

Deis Caillte ag Trap

Cillian Ó Conchúir

NUAIR a thug Giovanni Trapattoni le fios go mbeadh seans á thabhairt aige d'imreoirí óga, is cinnte go raibh leithéidí Ciaran Clarke, Greg Cunningham, Wes Hoolahan, Anthony Pilkington agus Robbie Brady fiú ag ceapadh go mbeadh deis acu.

Bhí mé féin ag brionglóidí faoi Hoolahan agus James McCarthy a bheith lonnaithe i lár páirce, le James McClean agus Aiden McGeady ar na cliathán.

Dar le Trapattoni, bhí sé chun an cluiche i gcoinne na Seirbia a úsáid agus é ag iarraidh foireann a thógáil do na babhtaí cáilithe do Corn an Domhain.

Ach lig Il Trap síos muid. ARÍS!

Níl deis tugtha don aos óg mar a bhí luaite aige. Tá Paul Green agus Paul McShane tugtha ar ais sa scuad aige cé nach raibh an bheirt acu maith go leor roimhe seo.

Tá Trapattoni ag cloí le Glenn Whelan, cé nach raibh sé maith go leor i gComórtas na hEorpa. Filleann Andy Keogh in ainneoin nach bhfuil sé maith go leor ná óg go leor ag aois 26.

Tá sé le feiceáil fós go bhfuil roghnúcháin na foirne i réimeas ait Trapattoni cé gur dhúirt sé go mbeadh athrú ann tar éis an chraobhchomórtais thubaisteach.

Bhí a meon le feiceáil nuair a dúirt sé gur sheol sé téacs chuig Shay Given, nár freagraíodh, á rá nach sé roghnaithe don cluiche i gcoinne na Seirbia.

Sin mar a léirítear meas i dtaobh an chúlbáire is fearr a bhí ag Éire riamh. Ní fios an bhfuil uimhir nua teileafóin aige, ach seans go raibh glaoch tuillte ag Given.

Nuair a smaoinítear nach mbeidh Kieran Westwood mar chéad rogha ar fhoireann Sunderland i mbliana, is meon ait é seo ó Trapattoni.

Is dócha nach bhféadfaimis glacadh lena chuid cainte i dtaobh deis a thabhairt do Robbie Brady agus Shane Duffy os rud é nach raibh siad bainteach leis an foireann faoi 21. Tá sé léirithe cheana ag an Iodálach go bhfuil sé sásta imreoirí ar nós Seamus Coleman agus James McCarthy a mholadh ach gan iad a imirt.

Seans go raibh sé sin chun tarlú le Duffy agus Brady.

Tóg cás Hoolahan chomh maith. Seo é an t-imreoir is fearr a d'imir go leanúnach sa phríomhroinn anuraidh agus fágtar ar lár é. Dúradh go raibh McCarthy róchosúil leis.

Le cúnamh Dé, feicfidh Trapattoni gur féidir a mhalairt de tuairim a léiriú. Nuair a d'ainmnigh sé an fhoireann, dúirt sé gurbh bhreá leis dá mba rud é go raibh Craobhchomórtas na hEorpa ag tosú an lá dár gcionn toisc go raibh fhios aige go mbeadh torthaí difriúla ar fáil.

"Táim cinnte gur de thaisme a tharla sé dúinn sna Euros," dar leis.

Faraor, Trap, mura n-athraíonn tú rud éigin, tuigfidh tú nuair a tabharfaimid aghaidh ar an nGearmáin sna babhtaí cáilithe, nach de thaisme a tharla sé ar chor ar bith.